Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)

14337/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0359(COD)

CODEC 1541
CSC 416
CSCI 147
CYBER 312
DATAPROTECT 269
JAI 1295
MI 891
TELECOM 435

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9583/2/21, 11724/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14150/20 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais, lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148<br>*- Cur Chuige Ginearálta* |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 16 Nollaig 2020, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais (Treoir NIS athbhreithnithe nó 'NIS 2')[1] agus é d'aidhm í a chur in ionad na Treorach atá ann faoi láthair maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise ('Treoir NIS')[2].

[1] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais, lena n- aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148

[2] Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun ardleibhéal coiteann slándála nagcóras gréasáin agus faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais

Bhí an togra ar cheann de na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear in *Cybersecurity Strategy for the Digital Decade* [Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh don Deacáid Dhigiteach][3] chun a áirithiú go mbainfidh saoránaigh agus gnólachtaí tairbhe as teicneolaíochtaí digiteacha iontaofa.

2. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus is é is aidhm dó feabhas breise a chur ar athléimneacht agus acmhainneacht freagartha ar theagmhais na n-eintiteas poiblí agus príobháideach, na n-údarás inniúil agus an Aontais ina iomláine.

3. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) an coiste atá freagrach as an togra. Ghlac Coiste ITRE tuarascáil an Rapóirtéara an 28 Deireadh Fómhair 2021.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 28 Aibreán 2021.

5. An 3 Feabhra 2021, chinn Coiste na mBuanionadaithe dul i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún maidir leis an togra[4]. Go dtí seo, níor thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim uaidh.

6. Ghlac an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim an 11 Márta 2021[5].

7. I gconclúidí an 22 Márta 2021[6] maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh don Deacáid Dhigiteach, thug an Chomhairle dá haire an togra nua lena bhforbraítear an Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise agus d’athdhearbhaigh sí go dtacaíonn sí le creataí náisiúnta cibearshlándála agus comhar marthanach idir na Ballstáit a neartú agus a chomhchuibhiú.

8. I gconclúidí an 21-22 Deireadh Fómhair 2021 uaithi, d’iarr an Chomhairle Eorpach go gcuirfí chun cinn an obair ar an togra le haghaidh Treoir NIS athbhreithnithe.

---

3 14133/20
4 5573/21
5 *Opinion 5/2021 on the Cybersecurity Strategy and the NIS 2.0 Directive* [Tuairim 5/2021 maidir leis an straitéis chibearshlándála agus an dara Treoir NIS]
6 6722/21

## II. OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

9. Sa Chomhairle, rinneadh scrúdú ar an togra sa Mheitheal Chothrománach um Chibircheisteanna (dá ngairtear anseo feasta 'HWPCI'). Cuireadh tús leis an scrúdú ar an togra le linn Uachtaránacht na Portaingéile an 19 Eanáir nuair a léadh an togra go cúramach, rud a cheadaigh do na Ballstáit a gcuid ceisteanna a chur i láthair agus a bpríomhábhair imní a léiriú agus mínithe mionsonraithe a fháil ón gCoimisiún maidir leis na hathruithe ar an Treoir athbhreithnithe.

10. Le linn Uachtaránacht na Portaingéile, chaith HWPCI 17 gcruinniú ar chur i láthair agus léamh an togra. An 4 Meitheamh 2021 cuireadh faoi bhráid na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an léamh a rinneadh.

11. Leanadh den obair sin agus cuireadh dlús léi le linn Uachtaránacht na Slóivéine agus é de chuspóir aici teacht ar chur chuige ginearálta ag an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) an 3 Nollaig 2021. Díríodh ar an athbhreithniú ar an dara togra NIS i gcaitheamh iomlán 15 chruinniú agus ag cuid mhór pléití déthaobhach ar gach leibhéal a reáchtáil Uachtaránacht na Slóivéine.

12. Ba ar théacs an togra a athdhréachtú a dhírigh HWPCI a chuid oibre ar dtús, ar idirghníomhaíocht an dara Treoir NIS le reachtaíocht earnála agus ar an raon feidhme, go háirithe maidir le riarachán poiblí, fréamhfhreastalaithe DNS agus an clásal eisiaimh agus, ina dhiaidh sin, as measc topaicí eile, ar athbhreithnithe piaraí, dlínse agus cúnamh frithpháirteach, nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí, bunachair sonraí ainmneacha fearainn agus sonraí clárúcháin agus comhar idirnáisiúnta.

13. Eisíodh an chéad togra comhréitigh maidir le téacs na Treorach beartaithe an 21 Meán Fómhair 2021[7], bunaithe ar na barúlacha i scríbhinn agus ar na páipéir leathoifigiúla a fuarthas ó na Ballstáit, agus ar na tograí comhréitigh a bhí ann roimhe seo maidir le hidirghníomhaíocht an dara Treoir NIS le reachtaíocht earnála agus ar raon feidhme na Treorach maidir leis an dara Treoir NIS.

7 12019/21

14. Pléadh an t-athbhreithniú is déanaí[8] ar an togra comhréitigh ón Uachtaránacht ar leibhéal na meithle an 22 Samhain 2021. Cé gur díol sásaimh do na toscaireachtaí i gcoitinne an téacs comhréitigh, rinne roinnt acu forchoimeádas grinnscrúdaithe nó thug siad barúlacha maidir le codanna den togra comhréitigh. Moladh roinnt athdhréachtú teicniúil a dhéanamh fós i gcodanna áirithe den téacs.

## III. <u>SUBSTAINT</u>

15. Bunaithe ar an bplé a rinneadh ar leibhéal na Meithle, is iad seo a leanas mar na príomh-shaincheisteanna polaitiúla a sainaithníodh:

a) <u>An raon feidhme (Airt. 2)</u>

Ó cuireadh tús leis an bplé ar an togra le haghaidh an dara Treoir NIS ba é an t-ábhar imní ba mhó a léirigh na Ballstáit an méadú ar líon na n-eintiteas a chumhdaítear leis an Treoir, agus, go háirithe, tabhairt isteach na rialach caipitlithe méide a fhágann go dtagann gach eintiteas meánmhéide agus mór a fheidhmíonn laistigh de na hearnálacha nó a sholáthraíonn na seirbhísí a chumhdaítear leis an dara Treoir NIS faoi raon feidhme na Treorach sin. Cé go gcoinnítear an riail ghinearálta sin sa togra comhréitigh, áirítear ann forálacha breise chun an chomhréireacht is gá agus leibhéal níos airde bainistíochta riosca a áirithiú, chomh maith le critéir chriticiúla shoiléire chun na heintitis a thagann faoi raon feidhme na Treorach a chinneadh. Thairis sin, áirítear sa togra comhréitigh forálacha sonracha maidir le tosaíocht a thabhairt d'úsáid na mbeart maoirseachta de réir cur chuige rioscabhunaithe.

---

8 12019/5/21 REV 5

b) Riarachán Poiblí (Airt. 2(2a))

Ba ábhar mór díospóireachta é an riarachán poiblí a áireamh faoi raon feidhme an dara Treoir NIS ó tharla go mbíonn earnáil an riaracháin phoiblí níos éagsúla ná earnálacha eile a chumhdaítear leis an dara Treoir NIS. Tá iarracht déanta ag an Uachtaránacht cur chuige cothromaithe a bhaint amach lena gcuirtear sainiúlachtaí na gcreataí náisiúnta riaracháin san áireamh agus lena n-áirithítear go mbeidh solúbthacht áirithe ag na Ballstáit maidir leis an gcinneadh cé hiad na heintitis riaracháin phoiblí a thiocfaidh faoin dara Treoir NIS. Ar an ábhar sin, sa téacs comhréitigh, bíonn feidhm ag an dara Treoir NIS maidir le heintitis riaracháin phoiblí na rialtas láir, ach féadfaidh na Ballstáit a leagan síos freisin go mbeidh feidhm ag an Treoir maidir le heintitis riaracháin phoiblí ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

c) An clásal eisiaimh (Airt. 2 pointí 3a) agus 3aa))

Ba mhian leis na Ballstáit an clásal eisiaimh a shoiléiriú a thuilleadh, nach mbíonn feidhm ag an Treoir maidir le heintitis a dhéanann gníomhaíochtaí i réimsí na cosanta, na slándála poiblí ná fhorfheidhmiú an dlí ná le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta ná leis an gcosaint náisiúnta. Eisiatar freisin na breithiúna, parlaimintí agus bainc cheannais.

d) An idirghníomhaíocht leis an reachtaíocht earnála

Chuir na Ballstáit i dtreis gur gá ailíniú a bheith idir an dara Treoir NIS agus an reachtaíocht earnála, go háirithe an Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil le haghaidh na hearnála airgeadais (‘DORA’) agus an Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil (an Treoir maidir le ‘CER’). Sa dara Treoir NIS, ar cheart gurbh í an bhunlíne le haghaidh comhchuibhiú íosta cibearshlándála, tá airteagal tiomnaithe maidir le gníomhartha earnáilsonracha de chuid an Aontais (Airt. 2b). A mhéid a bhaineann leis an idirghníomhaíocht leis an Treoir maidir le CER, áirithítear soiléireacht bhreise faoin gcur chuige ‘uile-ghuaiseach’ leis an togra comhréitigh. Na nithe tábhachtacha eile a cuireadh leis, baineann siad le socruithe comhair idir na húdaráis inniúla faoi na gníomhartha dlíthiúla faoi seach.

e) <u>An phiarfhoghlaim (Airteagal 16)</u>

Cé is moite de roinnt eisceachtaí, bhí na Ballstáit i gcoinne piar-athbhreithnithe éigeantacha a bheith á mbunú ag an gCoimisiún. Leis an gcomhréiteach atá beartaithe, áirithítear go gcuirfidh an sásra piarfhoghlama nua leis an muinín fhrithpháirteach agus gur próiseas deonach é a bheidh á stiúradh ag na Ballstáit.

f) <u>Dlínse agus críochacht (Airt. 24) agus cúnamh frithpháirteach (Airt. 34)</u>

Chuir na Ballstáit a n-imní in iúl maidir leis na hiarmhairtí a thiocfadh as dlínse dhifreáilte a bheith ann le haghaidh eintitis in earnáil TFC, mar atá molta ag an gCoimisiún. Tá soiléiriú sa téacs comhréitigh bunaithe ar na cineálacha eintiteas, agus is treise an teanga maidir le cúnamh frithpháirteach.

g) <u>Oibleagáidí tuairiscithe (Airteagal 20)</u>

Mar thoradh ar an imní a léirigh na Ballstáit go gcuirfí ró-ualach ar eintitis a chumhdaítear leis an dara Treoir NIS agus go n-éireodh róthuairisciú as sin, fágadh an tuairisciú éigeantach ar chibearbhagairtí móra as an téacs comhréitigh.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

16. An 24 Samhain 2021, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir leis an téacs comhréitigh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é agus chinn sé é a chur faoi bhráid na Comhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) d'fhonn teacht ar Cur Chuige Ginearálta.

17. Iarrtar, mar sin, ar an gComhairle an téacs comhréitigh a thíolaic an Uachtaránacht agus atá san Iarscríbhinn a fhormheas agus cur chuige ginearálta a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 3 Nollaig 2021.

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal cibearshlándála coiteann ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[9],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

---

[9] IO C , , lch. .
[10] IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba é b'aidhm do Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] cur le cumais chibearshlándála ar fud an Aontais, maolú a dhéanamh ar bhagairtí ar chórais ghréasáin agus faisnéise a úsáidtear chun seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar i bpríomhearnálacha agus leanúnachas na seirbhísí sin a áirithiú nuair atáthar i dtreis le teagmhais chibearshlándála, rud a rannchuidíonn le feidhmiú éifeachtach gheilleagar agus shochaí an Aontais.

(2) Ó theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/1148, rinneadh dul chun cinn mór chun leibhéal athléimneachta an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil a mhéadú. Leis an athbhreithniú a rinneadh ar an Treoir sin, léiríodh gur chatalaíoch í le haghaidh an chur chuige institiúide agus rialála i leith na cibearshlándála san Aontas, rud a réitigh an bealach chun athrú meoin mór a dhéanamh. Leis an Treoir sin áirithíodh comhlánú na gcreataí náisiúnta trí straitéisí cibearshlándála [...] náisiúnta **maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise** a shainiú, cumais náisiúnta a bhunú, agus bearta rialála a chur chun feidhme lena gcumhdaítear bonneagair agus gníomhaithe fíor-riachtanacha arna sainaithint ag gach Ballstát. Bhí sí ina rannchuidiú freisin le comhar ar leibhéal an Aontais trí bhunú an Ghrúpa Comhair[12] agus **an** [...] líonra Foirne Freagartha náisiúnta do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí ('líonra CSIRTanna')[13]. D'ainneoin na n-éachtaí sin, nochtadh leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2016/1148 go bhfuil easnaimh ag baint léi lena gcuirtear cosc léi aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin chomhaimseartha maidir leis an gcibearshlándáil agus leo sin atá ag teacht chun cinn.

---

11 Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal coiteann slándála do chórais ghréasáin agus faisnéise ar fud an Aontais (IO L 194/1, 19.7.2016, lch. 1).

12 Airteagal 11 de Threoir (AE) 2016/1148.

13 Airteagal 12 de Threoir (AE) 2016/1148.

(3) D'fhorbair córais gréasáin agus faisnéise ina bpríomhghné den saol laethúil le claochlú digiteach agus idirnascacht thapa na sochaí, lena n-áirítear malartuithe trasteorann. As an bhforbairt sin tháinig leathnú ar an timpeallacht bagartha cibearshlándála, rud atá ina chúis le dúshláin nua, a bhfuil gá le freagairtí oiriúnaithe, comhordaithe agus nuálacha orthu i ngach Ballstát. Tá líon, méid, sofaisticiúlacht, minicíocht agus tionchar na dteagmhas cibearshlándála ag dul i méid, agus is mór an bhagairt iad ar fheidhmiú na gcóras gréasáin agus faisnéise. Dá dheasca sin, le teagmhais chibearshlándála, is féidir bac a chur ar shaothrú gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach, caillteanais airgeadais a ghiniúint, dochar a dhéanamh do mhuinín úsáideoirí agus damáiste mór a dhéanamh do gheilleagar agus sochaí an Aontais. Dá bhrí sin, tá ullmhacht don chibearshlándáil agus éifeachtacht ina leith níos fíor-riachtanaí anois ná riamh d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(4) Ba é an bunús dlí le haghaidh Threoir (AE) 1148/2016 Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), arb é is cuspóir dó an margadh inmheánach a bhunú agus a fheidhmiú trí bhearta a fheabhsú chun rialacha náisiúnta a chomhfhogasú. Maidir leis na ceanglais chibearshlándála a fhorchuirtear ar eintitis a sholáthraíonn seirbhísí nó gníomhaíochtaí atá ábhartha go heacnamaíoch, is mór an difríocht atá eatarthu i measc na mBallstát ó thaobh an chineáil ceanglais, a leibhéil mionsonraithe agus an mhodha maoirseachta de. Tá costais bhreise ag baint leis na héagothromaíochtaí sin agus is iad is cúis le deacrachtaí móra do ghnóthais a thairgeann earraí nó seirbhísí ar leibhéal trasteorann. Le ceanglais a fhorchuireann Ballstát amháin, atá éagsúil, nó fiú i gcoinbhleacht, leo sin a fhorchuireann Ballstát eile, féadfar difear substaintiúil a dhéanamh do na gníomhaíochtaí trasteorann sin.

Thairis sin, maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le dearadh fo-optamach nó cur chun feidhme [...] **bearta** cibearshlándála i mBallstát amháin, is dócha go mbeidh iarmhairtí aige sin ar leibhéal cibearshlándála Ballstát eile, go háirithe i bhfianaise na ndianmhalartuithe trasteorann. Leis an athbhreithniú ar Threoir (AE) 2016/1148 léiríodh éagsúlacht mhór ina cur chun feidhme arna dhéanamh ag na Ballstáit, lena n-áirítear i ndáil lena raon feidhme, ar fágadh a teorannú faoi dhiscréid na mBallstát den chuid is mó. Le Treoir (AE) 2016/1148 soláthraíodh discréid an-leathan do na Ballstáit freisin maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí slándála agus tuairiscithe teagmhas a leagtar amach inti. Dá bhrí sin, cuireadh na hoibleagáidí sin chun feidhme ar bhealaí a raibh difríocht mhór eatarthu ar an leibhéal náisiúnta. Bhí éagsúlacht ar an gcaoi chéanna sa chur chun feidhme i ndáil le forálacha na Treorach sin maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú.

(5) Baineann ilroinnt ar an margadh inmheánach leis na héagsúlachtaí sin uile agus is dócha go mbeidh éifeacht dhochrach aige sin ar a fheidhmiú, rud a dhéanann difear go háirithe do sholáthar seirbhísí trasteorann agus do leibhéal na hathléimneachta cibearshlándála de dheasca [...] **bearta** éagsúla a bheith á gcur i bhfeidhm. Is é is aidhm don Treoir seo éagsúlachtaí chomh mór sin i measc na mBallstát a bhaint, go háirithe trí íosrialacha a leagan amach maidir le feidhmiú creata rialála comhordaithe, trí shásraí a leagan síos le haghaidh an chomhair éifeachtaigh i measc na n-údarás freagrach i ngach Ballstát, tríd an liosta earnálacha agus gníomhaíochtaí atá faoi réir oibleagáidí cibearshlándála a thabhairt cothrom le dáta agus trí leigheasanna agus smachtbhannaí éifeachtacha a sholáthar, ar nithe iad atá ríthábhachtach i bhfeidhmiú éifeachtach na n-oibleagáidí sin. Dá bhrí sin, ba cheart Treoir (AE) 2016/1148 a aisghairm agus an Treoir seo a chur ina hionad.

(6) [...] **Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann** na bearta is gá a dhéanamh chun cosaint leasanna fíor-riachtanacha a slándála a áirithiú, an beartas poiblí agus an tslándáil phoiblí a chosaint, agus chun gur féidir cionta coiriúla a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh[...]. [...] **Níor cheart feidhm a bheith ag an Treoir maidir le heintitis phoiblí nó phríobháideacha áirithe a dhéanann gníomhaíochtaí sna réimsí sin. Lena chois sin, níor cheart feidhm a bheith aige maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann eintitis sna réimsí sin.** Ina theannta sin, ní chuirtear d'oibleagáid ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar a mbeadh nochtadh an méid sin contrártha do leasanna fíor-riachtanacha a shlándála poiblí. [...]**T**á rialacha náisiúnta [...] **nó** rialacha de chuid an Aontais maidir le cosaint a dhéanamh ar fhaisnéis rúnaicmithe, ar chomhaontuithe neamhnochta, agus ar chomhaontuithe neamhnochta neamhfhoirmiúla, amhail an Prótacal Soilse Tráchta[14], ábhartha.

**(6a) Beidh feidhm ag dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachas maidir le haon phróiseáil sonraí pearsanta faoin Treoir seo. Go háirithe, ní dochar an Treoir seo do Rialachán (AE) 2016/679 ná Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus dá bhrí sin níor cheart di difear a dhéanamh do chúraimí ná cumhachtaí na n-údarás maoirseachta neamhspleách atá inniúil maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an dlí cosanta sonraí faoi seach de chuid an Aontais.**

---

**14** Bealach is ea é an Prótacal Soilse Tráchta chun go gcuirfidh aon duine ag a bhfuil faisnéis á comhroinnt a phobal meáin ar an eolas faoi aon teorainn leis an bhfaisnéis sin a leathadh tuilleadh. Úsáidtear i nach mór gach pobal CSIRT é agus i Lárionaid um Chomhroinnt agus Anailís Faisnéise (ISACanna) áirithe.

(7) Le haisghairm Threoir (AE) 2016/1148, ba cheart raon feidhme an chur i bhfeidhm de chuid earnálacha a leathnú chuig cuid níos mó den gheilleagar i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (4) go (6). Dá bhrí sin, ba cheart na hearnálacha a chumhdaítear le Treoir (AE) 2016/1148 a leathnú chun cumhdach cuimsitheach a sholáthar ar na hearnálacha agus ar na seirbhísí atá thar a bheith tábhachtach le haghaidh príomhghníomhaíochtaí sochaíocha agus eacnamaíocha laistigh den mhargadh inmheánach. Níor cheart na rialacha a bheith éagsúil de réir cibé acu atá nó nach bhfuil na heintitis ina n-oibreoirí seirbhísí fíor-riachtanacha nó ina soláthraithe seirbhíse digití. Tá an difreáil sin imithe i léig, ós rud é nach léirítear tábhacht iarbhír na n-earnálacha ná na seirbhísí léi le haghaidh na ngníomhaíochtaí sochaíocha agus eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach.

(8) I gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1148, bhí na Ballstáit freagrach as a chinneadh cé na heintitis a chomhlíonann na critéir chun cáiliú mar oibreoirí seirbhísí fíor-riachtanacha (‘an próiseas sainaitheantais’). Chun deireadh a chur leis na héagsúlachtaí leathana i measc na mBallstát maidir leis sin agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh na gceanglas bainistíochta riosca agus na n-oibleagáidí maidir le tuairisciú do gach eintiteas ábhartha, ba cheart critéar aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm lena gcinntear cé na heintitis a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. Is é ba cheart a bheith sa chritéar sin cur i bhfeidhm na rialach maidir le caidhp mhéide, ina dtagann gach fiontar meánmhéide agus mór, mar a shainmhínítear le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[15], a oibríonn laistigh de na hearnálacha nó a sholáthraíonn an cineál seirbhísí a chumhdaítear leis an Treoir seo, faoina raon feidhme. [...]

15 Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

**(8a) Chun a áirithiú go mbeidh forléargas soiléir ar na heintitis a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann sásraí náisiúnta a bhunú le haghaidh féinfhógra lena gceanglófar ar eintitis atá faoi réir na Treorach a n-ainm, a seoladh agus a sonraí teagmhála, ar a laghad, mar aon leis an earnáil ina n-oibríonn siad nó an cineál seirbhíse a sholáthraíonn siad, agus, i gcás inarb infheidhme, liosta de na Ballstáit ina soláthraíonn an t-eintiteas a gcuid seirbhísí, a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil faoin Treoir seo nó faoi bhráid na gcomhlachtaí arna n-ainmniú chun na críche sin ag na Ballstáit. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis na sásraí iomchuí, i gcás inarb ann do chláir ar an leibhéal náisiúnta, lena gceadaítear eintitis a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a aithint.**

(9) [...] **B**a cheart eintitis bheaga nó micrieintitis a chomhlíonann critéir áirithe lena léirítear príomhról le haghaidh gheilleagair nó shochaithe na mBallstát nó le haghaidh earnálacha nó cineálacha seirbhísí ar leith a chumhdach leis an Treoir seo freisin. Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as faisnéis ábhartha, [...] **ar a laghad, a chur faoi bhráid an Choimisiúin, faoi líon na n-eintiteas sainaitheanta, faoin earnáil lena mbaineann siad nó faoin gcineál seirbhíse a sholáthraíonn siad, agus faoi na critéir shonracha ar dá réir a sainaithníodh iad. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh freisin ainmneacha na n-eintiteas sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás ina bhfuil sé sin i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta slándála.**

**(9a) Eisiatar ó raon feidhme na Treorach seo eintitis riaracháin phoiblí a dhéanann gníomhaíochtaí i réimsí na slándála náisiúnta, na cosanta, na slándála poiblí agus fhorfheidhmiú an dlí, agus eisiatar lena chois sin na breithiúna, na parlaimintí agus na bainc cheannais. Chun chríoch na Treorach seo, ní mheasfar gur gníomhaíochtaí i réimse fhorfheidhmiú an dlí a bhíonn á ndéanamh ag eintitis ag a mbíonn inniúlacht rialála, agus, dá bhrí sin, ní eisiatar iad ar na forais sin ó raon feidhme na Treorach seo. Thairis sin, ní bheidh eintitis riaracháin phoiblí, ar eintitis rialtas láir iad a bunaíodh in éineacht le tríú tír i gcomhréir le comhaontú idirnáisiúnta, faoi raon feidhme na Treorach seo.**

(9aa) **Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a bhunú go measfar gur eintitis fhíor-riachtanacha iad eintitis arna sainaithint roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo mar oibreoirí seirbhísí fíor-riachtanacha i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1148.**

(9aaa) **Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le misin taidhleoireachta agus chonsalacha na mBallstát ar an gcoigríoch ná maidir le bonneagar TFC a úsáidtear sna misin sin, sa mhéid go bhfuil an bonneagar sin lonnaithe thar lear nó go n-oibrítear é thar ceann úsáideoirí thar lear.**

(10) Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an nGrúpa Comhair, treoirlínte a eisiúint maidir le cur chun feidhme na gcritéar is infheidhme maidir le micrifhiontair agus le fiontair bheaga.

(11) [...] **Ba cheart eintitis a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a aicmiú in dhá chatagóir (a chuireann san áireamh leibhéal criticiúlachta na hearnála nó an cineál seirbhíse a sholáthraíonn siad, chomh maith lena méid): fíor-riachtanach agus tábhachtach**. **I ndáil leis sin, ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar aon mheasúnuithe riosca ábhartha earnála nó aon treoraíocht a thugann údaráis inniúla, i gcás inarb infheidhme.** Ba cheart eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha a bheith faoi réir na gceanglas bainistíochta riosca agus na n-oibleagáidí [...] tuairiscithe. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir na córais mhaoirseachta agus phionóis idir an dá chatagóir eintiteas sin chun cothromaíocht chóir a áirithiú idir ceanglais agus oibleagáidí **rioscabhunaithe** ar thaobh amháin, agus an t-ualach riaracháin a eascraíonn ón maoirseacht ar chomhlíontacht ar an taobh eile.

(12) **Leagtar amach sa Treoir seo an bhunlíne le haghaidh bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil agus oibleagáidí tuairiscithe thar gach earnáil a thagann faoina raon feidhme. Chun ilroinnt na bhforálacha cibearshlándála i ngníomhartha dlí an Aontais a sheachaint, nuair a mheastar go bhfuil gá le forálacha breise earnáilsonracha maidir le** bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil **agus oibleagáidí tuairiscithe chun ardleibhéal cibearshlándála a áirithiú, ba cheart don Choimisiún a mheas an bhféadfaí forálacha den sórt sin a shonrú i ngníomh cur chun feidhme faoin gcumhachtú dá bhforáiltear sa Treoir seo. I gcás nach mbeadh na gníomhartha sin oiriúnach chun na críche sin, d'fhéadfadh** reachtaíocht earnáilsonrach [...] rannchuidiú le hardleibhéil chibearshlándála a áirithiú, agus sainiúlachtaí agus castachtaí na n-earnálacha [...] **lena mbaineann** á gcur san áireamh ina n-iomláine. **Tabharfar an réasúnú i reachtaíocht earnáilsonrach maidir leis an bhfáth nárbh iomchuí gníomh cur chun feidhme a dhéanamh faoin gcumhachtú dá bhforáiltear sa Treoir seo. Ag an am céanna, ba cheart an gá atá le creat cuimsitheach comhchuibhithe cibearshlándála a chur san áireamh i bhforálacha earnáilsonracha den chineál sin i ngníomhartha dlí an Aontais .** [...] Tá [...] sin gan dochar do na cumhachtaí cur chun feidhme atá ann cheana agus a tugadh [...] **don** Choimisiún i roinnt earnálacha, lena n-áirítear an earnáil iompair agus an earnáil fuinnimh.

**(12a)** I gcás gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais **ina bhfuil forálacha** [...] lena gceanglaítear ar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha **bearta a ghlacadh a bhfuil an éifeacht atá leo ar a laghad coibhéiseach leis an éifeacht atá leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo** a bhaineann le bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil [...] **agus oibleagáidí** maidir le fógra a thabhairt faoi theagmhais **mhóra** [...] nó cibearbhagairtí móra, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha earnáilsonracha sin, **lena n-áirítear maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú**. **Agus éifeacht choibhéiseach na n-oibleagáidí a leagtar amach sna forálacha earnáilsonracha i ngníomh dlí de chuid an Aontais a chinneadh, ba cheart na gnéithe seo a leanas a mheas: (i) chun na rioscaí do shlándáil córas gréasáin agus faisnéise a úsáideann na heintitis ábhartha le linn a seirbhísí a sholáthar, ba cheart gur bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach a bheidh sna bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil, agus ba cheart na gnéithe go léir a leagtar síos sa Treoir seo, a áireamh iontu ar a laghad; (ii) ba cheart an oibleagáid fógra a thabhairt maidir le teagmhais mhóra agus cibearbhagairtí móra a bheith coibhéiseach, ar a laghad, leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo maidir le hábhar, formáid agus tráthúlacht na bhfógraí; (iii) ba cheart módúlachtaí na ngníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais a thuairiscíonn eintitis agus údaráis ábhartha a bheith coibhéiseach, ar a laghad, leis na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo maidir lena n-ábhar, a bhformáid agus a n-amlínte agus ba cheart ról CSIRTanna a chur san áireamh; (iv) ba cheart na ceanglais maidir le comhar trasteorann a bheidh ar na húdaráis ábhartha a bheith coibhéiseach, ar a laghad, leis na cinn sin a leagtar amach sa Treoir seo. Mura gcumhdaítear leis na forálacha earnáilsonracha i ngníomh dlíthiúil de chuid an Aontais na heintitis uile in earnáil ar leith a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, ba cheart forálacha ábhartha na Treorach seo leanúint d'fheidhm a bheith acu maidir leis na heintitis nach gcumhdaítear leis na forálacha earnáilsonracha sin.**

**(12aa)** Ba cheart don Choimisiún **athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an cheanglais i dtaca le héifeacht choibhéiseach i ndáil le forálacha earnáilsonracha i ngníomhartha dlí an Aontais** [...]. Tá an Coimisiún le dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhair agus an t-athbhreithniú tréimhsiúil á ullmhú aige.

**(12aaa) I ngníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais a dhéanfar amach anseo, ba cheart aird chuí a thabhairt ar na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 4 den Treoir seo agus ar an gcreat maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a leagtar síos i gCaibidil VI den Treoir seo.**

**(12ab)** **I gcás gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais ina bhfuil forálacha [...] lena gceanglaítear ar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha bearta a ghlacadh a bhfuil an éifeacht atá leo ar a laghad coibhéiseach leis an éifeacht atá leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, ba cheart oibleagáidí forluiteacha tuairiscithe a sheachaint, agus comhleanúnachas agus éifeachtacht a áirithiú maidir le láimhseáil fógraí faoi chibearbhagairtí nó cibirtheagmhais. Chun na críche sin, féadfaidh na forálacha earnáilsonracha sin ceadú do na Ballstáit sásra coiteann uathoibríoch díreach maidir le tuairisciú a bhunú chun fógra a thabhairt faoi theagmhais mhóra agus cibearbhagairtí do na húdaráis a bhfuil a gcúraimí leagtha amach sna forálacha faoi seach agus, lena chois sin, do na húdaráis inniúla, lena n-áirithítear an pointe teagmhála aonair agus CSIRTanna de réir mar is iomchuí, atá freagrach as cúraimí cibearshlándála dá bhforáiltear sa Treoir seo, nó as sásra lena n-áirithítear comhroinnt chórasach láithreach faisnéise agus comhar idir na húdaráis ábhartha agus CSIRTanna maidir le láimhseáil na bhfógraí sin. Chun an tuairisciú a shimpliú agus chun an sásra maidir le tuairisciú coiteann uathoibríoch díreach a chur chun feidhme, féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le reachtaíocht earnáilsonrach, úsáid a bhaint as an bpointe teagmhála aonair a bhunaíonn siad i gcomhréir le hAirteagal 11(5a) den Treoir seo. Chun comhchuibhiú a áirithiú, ba cheart na hoibleagáidí tuairiscithe i ngníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais a ailíniú leis na hoibleagáidí sin a shonraítear sa Treoir seo. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gur chuig na húdaráis faoin Treoir seo nó chuig na CSIRTanna náisiúnta a dhéanfar an tuairisciú, i gcomhréir le reachtaíocht earnáilsonrach.**

(13) Ba cheart a mheas gur gníomh dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais é Rialachán XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis an Treoir seo maidir le heintitis na hearnála airgeadais. Maidir le forálacha Rialachán XXXX/XXXX i ndáil le bearta bainistíochta riosca maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), bainistíocht teagmhas TFC agus tuairisciú teagmhas go háirithe, agus maidir le tástáil ar athléimneacht dhigiteach oibríochtúil, socruithe um chomhroinnt faisnéise agus riosca tríú páirtí TFC, ba cheart feidhm a bheith acu seachas na cinn a **leagtar amach sa** [...] Treoir seo. Dá bhrí sin, níor cheart do na Ballstáit forálacha na Treorach seo maidir le hoibleagáidí bainistíochta riosca cibearshlándála, [...] agus maidir le hoibleagáidí tuairiscithe, agus maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú, a chur i bhfeidhm maidir le heintitis [...] airgeadais a chumhdaítear le Rialachán XXXX/XXXX. San am céanna, tá sé tábhachtach caidreamh láidir chomh maith le malartú faisnéise a choinneáil ar bun leis an earnáil airgeadais faoin Treoir seo. Chun na críche sin, le Rialachán XXXX/XXXX ceadaítear do [...] na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna) le haghaidh na hearnála airgeadais agus do na húdaráis náisiúnta inniúla faoi Rialachán XXXX/XXXX a bheith rannpháirteach [...] in **obair** an Ghrúpa Comhair, agus faisnéis agus comhar a mhalartú leis na pointí teagmhála aonair arna n-ainmniú faoin Treoir seo agus, [...] **lena chois sin**, leis na CSIRTanna náisiúnta. Ba cheart do na húdaráis inniúla faoi Rialachán XXXX/XXXX mionsonraí i dtaobh mhórtheagmhais TFC **agus cibearbhagairtí móra** a tharchur freisin chuig na pointí teagmhála aonair, **na húdaráis inniúla nó na CSIRTanna náisiúnta** arna n-ainmniú faoin Treoir seo. **Is féidir an méid sin a bhaint amach trí fhógraí teagmhais a chur ar aghaidh go huathoibríoch agus go díreach nó trí bhíthin ardán tuairiscithe coiteann.** Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit leanúint den earnáil airgeadais a áireamh ina straitéisí cibearshlándála agus féadfaidh CSIRTanna náisiúnta an earnáil airgeadais a chumhdach ina ngníomhaíochtaí.

**(13a) Chun bearnaí agus dúbláil a sheachaint i leith na n-oibleagáidí cibearshlándála a fhorchuirtear ar eintitis san earnáil eitlíochta dá dtagraítear i bpointe 2(a) d'Iarscríbhinn I, ba cheart do na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú faoi Rialachán (CE) Uimh. 300/2008[16] agus Rialachán (AE) 2018/1139[17] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus do na húdaráis inniúla faoin Treoir seo comhoibriú i dtaca le cur chun feidhme na mbeart bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil agus maoirseacht na mbeart sin ar an leibhéal náisiúnta. D'fhéadfadh na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú faoi Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus Rialachán (AE) 2018/1139 a mheas, maidir le heintiteas a chomhlíonann na bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil faoin Treoir seo, go gcomhlíonann an t-eintiteas sin na ceanglais a leagtar síos sna Rialacháin sin agus na ceanglais sna gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme ábhartha arna nglacadh de bhun na Rialachán sin.**

---

16 **Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72).**

17 **Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).**

(14) I bhfianaise na n-idirnasc idir cibearshlándáil agus slándáil fhisiciúil eintiteas, ba cheart cur chuige comhleanúnach a áirithiú idir Treoir (AE) XXX/XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Treoir seo. Chun é sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go measfar eintitis chriticiúla, agus eintitis choibhéiseacha, de bhun Threoir (AE) XXX/XXX**, mar** eintitis fhíor-riachtanacha faoin Treoir seo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go ndéanfar foráil lena straitéisí cibearshlándála do chreat beartais le haghaidh comhordú feabhsaithe idir an t-údarás inniúil faoin Treoir seo agus an ceann faoi Threoir (AE) XXX/XXX i gcomhthéacs faisnéis a chomhroinnt maidir le teagmhais agus cibearbhagairtí agus cúraimí maoirseachta a fheidhmiú. Ba cheart do na **h**[...]údaráis **inniúla** faoin dá Threoir dul i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú le chéile, go háirithe i ndáil le sainaithint eintiteas criticiúil, cibearbhagairtí, rioscaí cibearshlándála, cibirtheagmhas, chomh maith le rioscaí, bagairtí agus teagmhas, nach bhfuil cibirghné ag baint leo, lena ndéantar difear d'eintitis chriticiúla **[**nó **d'eintitis atá coibhéiseach le heintitis chriticiúla],** [...] **lena n-áirítear** na bearta cibearshlándála **agus fisiciúla** arna ndéanamh ag eintitis chriticiúla **agus torthaí gníomhaíochtaí maoirseachta arna ndéanamh maidir leis na heintitis sin. Thairis sin, chun gníomhaíochtaí maoirseachta a chuíchóiriú idir na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoin dá Threoir agus chun an t-ualach riaracháin ar na heintitis lena mbaineann a íoslaghdú, ba cheart do na húdaráis inniúla féachaint le comhchuibhiú a dhéanamh ar na teimpléid maidir le fógra a thabhairt faoi theagmhais agus ar na próisis mhaoirseachta.** [...] **I gcás inarb iomchuí,** is féidir leis na húdaráis inniúla faoi Threoir (AE) XXX/XXX[...] **a iarraidh ar** údaráis inniúla faoin Treoir seo [...] a gcumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin [...] a fheidhmiú **i ndáil le** heintiteas fíor-riachtanach arna shainaithint mar eintiteas criticiúil. [...]

**(14a) Eintitis de chuid earnáil an bhonneagair dhigitigh, is bunaithe go bunúsach ar chórais ghréasáin agus faisnéise iad agus, dá bhrí sin, ba cheart, leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na heintitis sin leis an Treoir seo, aghaidh a thabhairt ar bhealach cuimsitheach ar shlándáil fhisiciúil na gcóras sin mar chuid dá n-oibleagáidí bainistíochta riosca agus tuairiscithe maidir leis an gcibearshlándáil. Ós rud é go gcumhdaítear na hábhair sin faoin Treoir seo, níl feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil III go Caibidil VI de Threoir (AE) XXX/XXX [CER] maidir leis na heintitis sin.**

(15) Is príomhfhachtóir é seasamh le córas ainmneacha fearainn (DNS) atá iontaofa, athléimneach agus slán, agus é a chaomhnú, chun sláine an Idirlín a choinneáil ar bun agus tá sé fíor-riachtanach dá oibriú leanúnach agus cobhsaí, ar a bhfuil an geilleagar digiteach agus an tsochaí ag brath. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le soláthraithe seirbhísí DNS feadh shlabhra **soláthair agus** taifigh DNS **atá tábhachtach don mhargadh inmheánach,** lena n-áirítear, [...], **clárlanna** ainmneacha fearainn barrleibhéil (TLDanna), **na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn, oibreoirí** freastalaithe ainmneacha údarásacha le haghaidh ainmneacha fearainn agus **oibreoirí** taifeoirí athchúrsacha. **Níor cheart feidhm a bheith ag an téarma 'soláthraí seirbhíse DNS' maidir le seirbhísí DNS a oibrítear chun críocha an eintitis féin lena mbaineann agus a eintiteas cleamhnaithe féin. Na hoibleagáidí cibearshlándála a eascraíonn as an Treoir seo don chatagóir sin de sholáthraithe, tá siad teoranta go docht do bhearta bainistíochta riosca agus do thuairisciú maidir leis an gcibearshlándáil agus, dá bhrí sin, tá siad gan dochar do rialachas DNS domhanda ag an bpobal il-gheallsealbhóra.**

(16) Le seirbhísí néalríomhaireachta ba cheart seirbhísí a chumhdach lena gceadaítear cianrochtain leathan ar éileamh ar linn inscálaithe agus leaisteach acmhainní ríomhaireachta inroinnte agus dáilte. Áirítear sna hacmhainní ríomhaireachta sin acmhainní amhail líonraí, freastalaithe nó bonneagar eile, córais oibriúcháin, bogearraí, stóras, feidhmeanna agus seirbhísí. **Áirítear, *inter alia,* ar shamhlacha seirbhíse na néalríomhaireachta, Seirbhís Bonneagair mar Sheirbhís (IaaS), Ardán mar Sheirbhís (PaaS), Bogearraí mar Sheirbhís (SaaS) agus Líonra mar Sheirbhís (NaaS).** Ba cheart néal príobháideach, pobail, poiblí agus hibrid a áireamh i samhlacha sannta na néalríomhaireachta. Tá leis na samhlacha seirbhíse agus sannta réamhluaite an bhrí chéanna atá leis na téarmaí seirbhíse agus leis na samhlacha sannta a shainmhínítear faoi chaighdeán ISO/IEC 17788:2014. Maidir le cumas an úsáideora néalríomhaireachta cumais ríomhaireachta a fhéinsoláthar go haontaobhach, amhail am freastalaí nó stóras líonra, gan aon idirghníomhaíocht ón soláthraí seirbhíse néalríomhaireachta, d'fhéadfaí tuairisc a thabhairt air sin mar riarachán ar éileamh. Úsáidtear an téarma 'cianrochtain leathan' chun tuairisc a thabhairt ar na néalchumais a sholáthraítear thar an líonra agus a rochtaítear trí shásraí lena gcuirtear úsáid ardán caolchliaint nó tiubhchliaint ilchineálach chun cinn (lena n-áirítear fóin phóca, táibléid, ríomhairí glúine, stáisiúin oibre).

Tagraíonn an téarma 'inscálaithe' d'acmhainní ríomhaireachta atá leithdháilte go solúbtha ag an soláthraí néalseirbhíse, gan beann ar shuíomh geografach na n-acmhainní, chun luaineachtaí san éileamh a láimhseáil. Úsáidtear an téarma 'linn leaisteach' chun tuairisc a thabhairt ar na hacmhainní ríomhaireachta sin a sholáthraítear agus a scaoiltear de réir an éilimh chun na hacmhainní atá ar fáil a mhéadú agus a laghdú go mear ag brath ar an ualach oibre. Úsáidtear an téarma 'inroinnte' chun tuairisc a thabhairt ar na hacmhainní ríomhaireachta sin a sholáthraítear d'úsáideoirí iomadúla a chomhroinneann rochtain choiteann ar an tseirbhís, ach ina bhfuil an phróiseáil á déanamh ar leithligh do gach úsáideoir, bíodh is go bhfuil an tseirbhís á soláthar tríd an trealamh leictreonach céanna. Úsáidtear an téarma 'dáilte' chun tuairisc a thabhairt ar na hacmhainní ríomhaireachta sin atá lonnaithe ar ríomhairí nó gairis líonraithe éagsúla agus a dhéanann cumarsáid agus a chomhordaíonn eatarthu féin trí theachtaireachtaí a chur in iúl.

(17) I bhfianaise teacht chun cinn teicneolaíochtaí nuálacha agus samhlacha gnó nua, meastar go mbeidh samhlacha sannta agus seirbhíse nua maidir leis an néalríomhaireacht ar an margadh mar fhreagairt ar an bhforbairt a thagann ar riachtanais custaiméirí. Sa chomhthéacs sin, féadfar seirbhísí néalríomhaireachta a sheachadadh i bhfoirm an-dáilte, níos gaire fiú don áit a bhfuil sonraí á nginiúint nó á mbailiú, rud a fhágann go n-aistrítear ón tsamhail thraidisiúnta chuig samhail an-dáilte ('imeall-ríomhaireacht').

(18) D'fhéadfadh nach soláthrófaí i gcónaí i bhfoirm seirbhís néalríomhaireachta na seirbhísí a chuireann soláthraithe seirbhíse lárionaid sonraí ar fáil. Dá réir sin, d'fhéadfadh nach mbeadh lárionaid sonraí ina gcuid den bhonneagar néalríomhaireachta. Chun bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí uile atá ann do shlándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise, ba cheart soláthraithe na seirbhísí lárionaid sonraí sin nach seirbhísí néalríomhaireachta iad a chumhdach leis an Treoir seo freisin. Chun críoch na Treorach seo, leis an téarma 'seirbhís lárionaid sonraí' ba cheart soláthar seirbhíse a chumhdach lena gcuimsítear struchtúir, nó grúpaí struchtúr, atá tiomnaithe do chóiriú, idirnasc agus oibriú teicneolaíochta faisnéise agus trealaimh líonra lena soláthraítear seirbhísí stórála, próiseála agus iompair seirbhísí i dteannta na saoráidí agus na mbonneagar uile le haghaidh dáileadh cumhachta agus rialú comhshaoil. Níl feidhm ag an téarma 'seirbhís lárionaid sonraí' maidir le lárionaid sonraí inmheánacha, chorparáideacha atá faoi úinéireacht an eintitis lena mbaineann agus oibrithe faoin eintiteas sin chun a chríoch féin.

(19) Maidir le soláthraithe seirbhíse poist de réir bhrí Threoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18], [...] **lena n-áirítear** [...] soláthraithe seirbhíse [...] cúiréireachta, ba cheart iad a bheith faoi réir na Treorach seo má sholáthraíonn siad ceann de na céimeanna sa slabhra seachadta poist ar a laghad agus go háirithe glanadh, sórtáil nó dáileadh, lena n-áirítear seirbhísí bailiúcháin. Ba cheart seirbhísí iompair nach dtugtar fúthu i gcomhar le ceann de na céimeanna sin teacht lasmuigh de raon feidhme seirbhísí poist.

---

18 Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.1998, lch. 14).

(20) Tagann na hidirthuilleamaíochtaí méadaitheacha sin as líonra soláthair seirbhíse, ar leibhéal trasteorann agus spleách méadaithe, a úsáideann príomhbhonneagair ar fud an Aontais sna hearnálacha fuinnimh, iompair, bonneagair dhigitigh, uisce óil agus fuíolluisce, sláinte, i ngnéithe áirithe den riarachán poiblí, chomh maith le spás a mhéid a bhaineann le soláthar seirbhísí áirithe atá ag brath ar bhonneagair ar talamh atá faoi úinéireacht na mBallstát nó na bpáirtithe príobháideacha lena mbaineann, nó atá bainistithe agus oibrithe acu, dá bhrí sin rud nach gcumhdaíonn bonneagair atá faoi úinéireacht an Aontais mar chuid dá chláir spáis, nó faoi úinéireacht duine eile thar ceann an Aontais, nó atá bainistithe nó oibrithe aige nó thar a cheann. Ciallaíonn na hidirthuilleamaíochtaí sin go bhféadfadh éifeachtaí ollmhóra a bheith ag aon suaitheadh, go fiú suaitheadh a bhaineann le heintiteas nó earnáil amháin, éifeachtaí a d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha fhorleathana agus fhadmharthanacha a imirt ar sheachadadh seirbhísí ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Léirigh paindéim COVID-19 a leochailí atá ár sochaithe atá ag éirí níos idirspleáiche de réir a chéile i leith rioscaí a bhfuil dóchúlacht íseal ag baint leo.

(**20a**) **Chun ardleibhéal cibearshlándála a bhaint amach agus a chothabháil, ba cheart na straitéisí náisiúnta cibearshlándála a cheanglaítear leis an Treoir seo a bheith ina gcreataí comhleanúnacha lena bhforálfar do rialachas i réimse na cibearshlándála. Féadfaidh na straitéisí sin a bheith ina ndoiciméad amháin nó ina ndoiciméid éagsúla de chineál reachtach nó neamhreachtach.**

(21) I bhfianaise na ndifríochtaí i struchtúir rialachais náisiúnta agus chun na socruithe earnála nó na comhlachtaí maoirseachta agus rialála de chuid an Aontais atá ann cheana a chosaint, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann breis agus údarás náisiúnta inniúil amháin a ainmniú atá freagrach as cúraimí atá nasctha le slándáil córas gréasáin agus faisnéise eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach faoin Treoir seo a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an ról sin a shannadh d’údarás atá ann cheana.

(22) Chun éascaíocht a dhéanamh don chomhar trasteorann agus don chumarsáid i measc na n-údarás agus chun a chumasú an Treoir seo a chur chun feidhme go héifeachtach, is gá do gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta aonair a ainmniú chun saincheisteanna a bhaineann le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise agus le comhar trasteorann ar leibhéal an Aontais a chomhordú.

(23) Ba cheart d'údaráis inniúla nó do na CSIRTanna fógraí a fháil maidir le teagmhais ó eintitis ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, **agus freisin, i gcás inarb iomchuí, d'fhonn freagairt thráthúil ar theagmhais a éascú agus freagra a thabhairt don eintiteas a thugann fógra**. Ba cheart a chur de chúram ar na pointí teagmhála aonair fógraí arna dtabhairt faoi theagmhais a chur ar aghaidh chuig pointí teagmhála aonair Ballstát eile a ndéantar difear dóibh. [...]

**(23a) Leis na gníomhartha dlí earnáil-sonracha de chuid an Aontais lena gceanglaítear bearta bainistíochta riosca nó oibleagáidí tuairiscithe maidir leis an gcibearshlándáil ag a bhfuil éifeacht atá coibhéiseach ar a laghad leo siúd a leagtar síos sa Treoir seo, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh go bhfeidhmeoidh a n-údaráis inniúla ainmnithe a gcumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i ndáil leis na bearta nó na hoibleagáidí sin le cúnamh ó na húdaráis inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir leis an Treoir seo. D'fhéadfadh na húdaráis inniúla lena mbaineann socruithe comhair a bhunú chun na críche sin. D'fhéadfaí a shonrú sna socruithe comhair sin, i measc nithe eile, na nósanna imeachta maidir le comhordú na ngníomhaíochtaí maoirseachta, lena n-áirítear na nósanna imeachta imscrúduithe agus cigireachtaí ar an láthair i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus sásra chun faisnéis ábhartha a mhalartú idir údaráis inniúla maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú, lena n-áirítear rochtain ar fhaisnéis chibearghaolmhar arna hiarraidh ag na húdaráis inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir leis an Treoir seo.**

(24) Ba cheart do na Ballstáit a bheith sách réitithe, ó thaobh cumais theicniúla agus eagraíochtúla de, chun teagmhais agus rioscaí maidir le córais ghréasáin agus faisnéise a chosc agus a bhrath, maidir le freagairt orthu agus lena maolú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh CSIRTanna a fheidhmíonn go maith acu, ar a dtugtar foirne práinnfhreagartha ríomhaire (CERTanna), a chomhlíonann ceanglais fhíor-riachtanacha chun cumais éifeachtacha agus chomhoiriúnacha a ráthú chun déileáil le teagmhais agus rioscaí agus chun comhar éifeachtúil ar leibhéal an Aontais a áirithiú. D'fhonn an caidreamh iontaoibhe idir na heintitis agus na CSIRTanna a fheabhsú, i gcásanna ina bhfuil CSIRT mar chuid den údarás inniúil, [...] **féadfaidh** na Ballstáit breithniú a dhéanamh i dtaobh deighilt fheidhmiúil idir na cúraimí oibríochtúla arna soláthar ag CSIRTanna, go háirithe i ndáil le comhroinnt faisnéise agus tacaíocht do na heintitis, agus gníomhaíochtaí maoirseachta údarás inniúil.

(25) Maidir le sonraí pearsanta, ba cheart do CSIRTanna, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] maidir le sonraí pearsanta, thar ceann eintiteas faoin Treoir seo agus arna iarraidh sin dó, scanadh réamhghníomhach a sholáthar ar na córais ghréasáin agus faisnéise a úsáidtear chun a seirbhísí a sholáthar. **I gcás inarb infheidhme,** ba cheart do na Ballstáit féachaint le leibhéal comhionann cumas teicniúil a áirithiú do gach CSIRT earnála. Féadfaidh na Ballstáit cúnamh a iarraidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus CSIRTanna náisiúnta á bhforbairt.

(26) I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le comhar idirnáisiúnta maidir leis an gcibearshlándáil, ba cheart do CSIRTanna a bheith in ann a bheith rannpháirteach freisin i líonraí comhair idirnáisiúnta i dteannta líonra CSIRTanna a bhunaítear leis an Treoir seo. **Dá bhrí sin, d'fhéadfadh CSIRTanna agus údaráis inniúla faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhalartú le CSIRTanna tríú tíortha nó lena n-údaráis chun a gcúraimí a chur i gcrích i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. I gcásanna nach ann do chinneadh leordhóthanachta arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679 nó nach ann do choimircí iomchuí de bhun Airteagal 46 den Rialachán sin, d'fhéadfaí a mheas gur cúis thábhachtach leasa phoiblí de réir bhrí Airteagal 49(1)(d) de Rialachán (AE) 2016/679 é malartú sonraí pearsanta a mheastar a bheith riachtanach chun cibearbhagairtí móra a mhaolú agus chun freagairt ar theagmhas suntasach leanúnach.**

---

[19] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(27) I gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2017/1548 ón gCoimisiún maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála ('Treoirphlean')[20], is é ba cheart a bheith i gceist le teagmhas ar scála mór teagmhas a bhfuil tionchar mór aige ar dhá Bhallstát ar a laghad nó ar mó a shuaitheadh ná cumas Ballstáit chun freagairt air. De réir a gcúise agus a dtionchair, is féidir go rachaidh teagmhais ar mórscála in olcas agus tiontú ina ngéarchéimeanna iomlána agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh á chosc leo. I bhfianaise raon feidhme leathan agus, i bhformhór na gcásanna, chineál trasteorann na dteagmhas sin, ba cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais dul i gcomhar ar an leibhéal teicniúil, oibríochtúil agus polaitiúil chun an fhreagairt a chomhordú ar fud an Aontais.

(28) Ós rud é gur féidir go mbeidh teacht i dtír ar leochaileachtaí i gcórais ghréasáin agus faisnéise ina chúis le suaitheadh agus díobháil mhór, is fachtóir tábhachtach é na leochaileachtaí sin a shainaithint agus a leigheas go mear chun an riosca cibearshlándála a laghdú. Ba cheart do na heintitis a fhorbraíonn **nó a riarann** na córais sin, dá bhrí sin, nósanna imeachta iomchuí a bhunú chun leochaileachtaí a láimhseáil nuair a aimsítear iad. Ós rud é gur minic a aimsíonn agus a thuairiscíonn (a nochtann) tríú páirtithe (eintitis tuairiscithe) leochaileachtaí, ba cheart do mhonaróir nó do sholáthraí táirgí nó seirbhísí TFC na nósanna imeachta is gá a chur i bhfeidhm freisin chun faisnéis leochaileachta a fháil ó thríú páirtithe. Maidir leis sin, i gcaighdeáin idirnáisiúnta ISO/IEC 30111 agus ISO/IEC [...] **29147** tugtar treoraíocht maidir le láimhseáil leochaileachta agus nochtadh leochaileachta faoi seach. Maidir le nochtadh leochaileachta, tá tábhacht ar leith le comhordú idir eintitis tuairiscithe agus monaróirí nó soláthraithe táirgí nó seirbhísí TFC. Le nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí sonraítear próiseas struchtúrtha trína dtuairiscítear leochaileachtaí d'eagraíochtaí ar bhealach lena gceadaítear don eagraíocht an leochaileacht a dhiagnóisiú agus a leigheas sula nochtar faisnéis leochaileachta mionsonraithe do thríú páirtithe nó don phobal. Ba cheart comhordú idir an t-eintiteas tuairiscithe agus an eagraíocht a bheith i gceist le nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí maidir le huainiú an fheabhsúcháin agus foilsiú na leochaileachtaí.

---

20 Moladh (AE) 2017/1584 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le freagairt chomhordaithe ar theagmhais agus géarchéimeanna mórscála cibearshlándála (IO L 239, 19.9.2017, lch. 36).

(29) Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí a éascú trí bheartas náisiúnta ábhartha a bhunú. **Mar chuid dá mbeartas náisiúnta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag na Ballstáit aghaidh a thabhairt, a mhéid is féidir, ar na dúshláin atá os comhair taighdeoirí leochaileachta, lena n-áirítear iad a bheith, go hionchasach, faoi lé dliteanas coiriúil, i gcomhréir lena ndlíchóras náisiúnta.** [...] Ba cheart do na Ballstáit CSIRT a ainmniú chun ról an 'chomhordaitheora' a ghlacadh, ag gníomhú dóibh mar idirghabhálaí idir na heintitis tuairiscithe agus na monaróirí nó na soláthraithe táirgí nó seirbhísí TFC i gcás inar gá. Ba cheart a áireamh sna cúraimí atá ar chomhordaitheoir CSIRT eintitis lena mbaineann a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leo, tacú le heintitis tuairiscithe, amlínte nochta a chaibidliú, agus leochaileachtaí lena ndéantar difear d'eagraíochtaí iomadúla (nochtadh leochaileachta **comhordaithe** ilpháirtí) a bhainistiú. I gcás **ina bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ar eintitis** [...] i mbreis agus Ballstát amháin ag an leochaileacht **a tuairiscíodh**, ba cheart do na CSIRTanna ainmnithe [...] comhoibriú laistigh de líonra CSIRTanna**, i gcás inarb iomchuí.**

(30) Rannchuidíonn rochtain ar fhaisnéis cheart agus thráthúil maidir le leochaileachtaí lena ndéantar difear do tháirgí agus seirbhísí TFC le bainistíocht riosca fheabhsaithe maidir leis an gcibearshlándáil a dhéanamh. Maidir leis sin, tá foinsí faisnéise i leith leochaileachtaí atá ar fáil go poiblí ina n-uirlis thábhachtach d'eintitis agus dá n-úsáideoirí, ach d'údaráis náisiúnta inniúla agus CSIRTanna freisin. Ar an gcúis sin, ba cheart do ENISA clárlann leochaileachta a bhunú ina bhféadfaidh eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha agus a soláthróirí, chomh maith le heintitis nach dtagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo **nó CSIRTanna ainmnithe**, ar bhonn deonach, leochaileachtaí a nochtadh agus an fhaisnéis leochaileachta a sholáthar lena gceadaítear d'úsáideoirí bearta maolúcháin iomchuí a dhéanamh.

(31) Bíodh is nach ann do chlárlanna ná do bhunachair sonraí, déanann eintitis nach bhfuil bunaithe san Aontas iad a óstáil agus a choinneáil ar bun. Le clárlann leochaileachta Eorpach arna coinneáil ar bun ag ENISA sholáthrófaí trédhearcacht fheabhsaithe maidir leis an bpróiseas foilseacháin sula nochtar an leochaileacht go hoifigiúil, agus athléimneacht i gcásanna suaití nó bristeacha i soláthar seirbhísí comhchosúla. Chun dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus an chomhlántacht a iarraidh a mhéid is féidir, ba cheart do ENISA féachaint an bhféadfaí comhaontuithe comhair struchtúrtha a dhéanamh le clárlanna comhchosúla i ndlínsí tríú tír. **Go háirithe, ba cheart do ENISA féachaint an bhféadfaí dlúthchomhar a bheith ann le hoibreoirí chóras na Leochaileachtaí agus na Neamhchosaintí Coiteanna (CVE), lena n-áirítear an fhéidearthacht chun teacht chun a bheith ina fhréamhúdarás uimhrithe CVE.**

(32) **Ba cheart don Ghrúpa Comhair leanúint de bheith ag tacú le comhar straitéiseach agus malartú faisnéise agus de bheith á n-éascú, chomh maith le hiontaoibh agus muinín a neartú i measc na mBallstát.** Ba cheart don Ghrúpa Comhair clár oibre a bhunú gach 2 bhliain lena n-áirítear na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an nGrúpa chun a chuspóirí agus a chúraimí a chur chun feidhme. Ba cheart achar ama an chéad chláir a ghlactar faoin Treoir seo a bheith ailínithe le hachar ama an chláir deiridh a ghlactar faoi Threoir (AE) 2016/1148 chun suaití féideartha in obair an Ghrúpa a sheachaint.

(33) Agus doiciméid treoraíochta á bhforbairt, ba cheart don Ghrúpa Comhair an méid seo a leanas a dhéanamh go comhsheasmhach: réitigh agus taithí náisiúnta a mhapáil, tionchar tháirgí insoláthartha an Ghrúpa Comhair maidir le cuir chuige náisiúnta a mheas, dúshláin chur chun feidhme a phlé agus moltaí sonracha a fhoirmiú a dtabharfar aghaidh orthu trí na rialacha atá ann cheana a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr.

(34) Ba cheart don Ghrúpa Comhair a bheith ina fhóram solúbtha agus a bheith in ann freagairt ar thosaíochtaí beartais agus dúshláin bheartais atá athraitheach agus nua, agus infhaighteacht acmhainní á cur san áireamh. Ba cheart dó cruinnithe comhpháirteacha tráthrialta a eagrú le páirtithe leasmhara ábhartha príobháideacha ó gach cearn den Aontas chun gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGrúpa a phlé agus ionchur a bhailiú maidir le dúshláin bheartais atá ag teacht chun cinn. Chun comhar a fheabhsú ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Ghrúpa cuimhneamh ar a iarraidh ar chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais atá páirteach sa bheart cibearshlándála, amhail Ionad Cibearchoireachta na hEorpa (ICE), Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) a bheith rannpháirteach ina obair.

(35) Ba cheart a chumhachtú do na húdaráis inniúla agus CSIRTanna a bheith rannpháirteach i scéimeanna malartaithe d'oifigigh ó Bhallstáit eile chun comhar a fheabhsú. Ba cheart do na húdaráis inniúla na bearta is gá a dhéanamh chun é a chur ar a gcumas d'oifigigh ó Bhallstáit eile ról éifeachtach a bheith acu i ngníomhaíochtaí an údaráis óstaigh inniúil.

**(35a) Ba cheart do líonra CSIRTanna leanúint de rannchuidiú le muinín agus iontaoibh a neartú agus de chomhar oibríochtúil tapa éifeachtach a chur chun cinn i measc na mBallstát. Chun feabhas a chur ar an gcomhar oibríochtúil ar leibhéal an Aontais, ba cheart do líonra CSIRTanna smaoineamh ar a iarraidh ar na comhlachtaí agus ar na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais atá rannpháirteach sa bheartas cibearshlándála, amhail Europol páirt a ghlacadh ina chuid oibre.**

(36) [...]

**(36a) Chun cur chun feidhme éifeachtach fhorálacha na Treorach seo a éascú amhail bainistíocht leochaileachtaí, bainistíocht riosca maidir leis an gcibearshlándáil, bearta tuairiscithe agus socruithe maidir le comhroinnt faisnéise, féadfaidh na Ballstáit dul i gcomhar le tríú tíortha agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a mheastar a bheith iomchuí chun na críche sin, lena n-áirítear malartuithe faisnéise faoi bhagairtí, teagmhais, leochaileachtaí, uirlisí agus modhanna, oirbheartaíocht, teicnící agus nósanna imeachta, ullmhacht agus cleachtaí maidir le bainistíocht cibear-ghéarchéime, oiliúint, cothú iontaoibhe agus socruithe struchtúrtha maidir le comhroinnt faisnéise. Ba cheart, leis na comhaontuithe comhair sin, dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh.**

(37) Ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú le bunú Chreat AE maidir le Freagairt ar Ghéarchéimeanna Cibearshlándála a leagtar amach i Moladh (AE) 2017/1584 trí na líonraí comhair atá ann cheana, go háirithe tríd an Líonra **Eorpach** um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibirghéarchéimeanna (AE-CyCLONe), líonra CSIRTanna agus an Grúpa Comhair. Ba cheart do AE-CyCLONe agus do líonra CSIRTanna dul i gcomhar ar bhonn socruithe nós imeachta lena sainítear módúlachtaí an chomhair sin **agus ba cheart dóibh aon dúbláil cúraimí a sheachaint**. Le rialacha nós imeachta AE-CyCLONe ba cheart na módúlachtaí trínar cheart an líonra feidhmiú a shonrú tuilleadh, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do róil, móid chomhair, idirghníomhaíochtaí le gníomhaithe ábhartha eile agus teimpléid chun faisnéis a chomhroinnt, chomh maith le modh cumarsáide. Maidir le bainistíocht géarchéime ar leibhéal **polaitiúil** an Aontais, ba cheart do pháirtithe ábhartha a bheith ag brath ar na socruithe comhtháite maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR). Ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as ARGUS, an próiseas comhordúcháin géarchéimeanna atá ardleibhéal agus trasteorann, chun na críche sin. Má bhaineann gné thábhachtach sheachtrach leis an ngéarchéim, nó má bhaineann gné den Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) léi, ba cheart Sásra Freagartha ar Ghéarchéimeanna (CRM) de chuid na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a ghníomhachtú.

**(37a) Ba cheart do EU-CyCLONe oibriú mar líonra idirmheánach idir an leibhéal teicniúil agus polaitiúil le linn teagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála ar mórscála. Ba cheart dó an comhar ar an leibhéal oibríochtúil a fheabhsú, ag tógáil ar thorthaí líonra CSIRTanna agus ag úsáid cumais dhílse chun anailís tionchair a chruthú ar na teagmhais agus na géarchéimeanna ar mórscála agus ag tacú leis an gcinnteoireacht ar an leibhéal polaitiúil. Ba cheart d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais údarás inniúil, a bheidh freagrach as bainistiú teagmhas agus géarchéimeanna slándála ar mórscála, a ainmniú chun bheith ina chomhalta de EU-CyCLONe.**

(38) [...]

(39) [...]

**(39a) Is eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha is mó atá freagrach as slándáil an chórais gréasáin agus faisnéise a áirithiú. Ba cheart cultúr an bhainistíochta riosca a chur chun cinn agus a fhorbairt, lena mbainfidh measúnú riosca agus cur chun feidhme beart slándála a bheidh iomchuí i leith na rioscaí a bheidh ann.**

(40) Ba cheart **a chur san áireamh i mbearta bainistíochta riosca a mhéid a bhraitheann an t-eintiteas ar chórais ghréasáin agus faisnéise agus** ba cheart a áireamh iontu bearta chun aon riosca teagmhas a shainaithint, chun teagmhais a chosc, a bhrath agus a láimhseáil agus chun a dtionchar a mhaolú. Ba cheart slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise a bheith comhdhéanta de shlándáil sonraí stóráilte, tarchurtha agus próiseáilte.

**(40a) Ós rud é go bhféadfadh tionscnaimh éagsúla a bheith ag bagairtí ar shlándáil córas gréasáin agus faisnéise, cuirtear i bhfeidhm leis an Treoir seo cur chuige 'uile-ghuaise' lena n-áirítear líonraí agus córais faisnéise agus a dtimpeallacht fhisiciúil a chosaint ar aon teagmhas amhail gadaíocht, dóiteán, tuilte, teipeanna teileachumarsáide nó cumhachta nó ar aon rochtain fhisiciúil neamhúdaraithe ar shaoráidí faisnéise agus próiseála faisnéise an eintitis, nó ar aon damáiste do na saoráidí sin nó ar aon chur isteach orthu, a d'fhéadfadh cur isteach ar infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí atá stóráilte, tarchurtha nó próiseáilte nó ar na seirbhísí a chuireann na córais ghréasáin agus faisnéise ar fáil nó a bhíonn inrochtana trí na líonraí sin. Dá bhrí sin, ba cheart, leis na bearta bainistíochta riosca, aghaidh a thabhairt freisin ar an tslándáil fhisiciúil agus comhshaoil trí bhearta a áireamh iontu chun córais ghréasáin agus faisnéise an eintitis a chosaint ar chlistí córais, earráidí an duine, gníomhaíochtaí mailíseacha nó feiniméin nádúrtha i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha nó le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta, amhail na caighdeáin sin a áirítear i sraith ISO 27000. I ndáil leis sin, ba cheart d'eintitis, mar chuid dá mbearta bainistíochta riosca, aghaidh a thabhairt freisin ar shlándáil acmhainní daonna agus ba cheart dóibh beartais rialaithe rochtana iomchuí a bheith i bhfeidhm acu. Ba cheart na bearta sin a bheith comhleanúnach le Treoir XXXX [Treoir CEF].**

**(40b) In éagmais scéimeanna Eorpacha iomchuí um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/881, d'fhéadfadh na Ballstáit a chur de cheangal ar eintitis táirgí, seirbhísí agus próisis deimhniúcháin TFC a úsáid nó deimhniú a fháil faoi scéimeanna náisiúnta cibearshlándála atá ar fáil chun na ceanglais i ndáil le bainistíocht riosca maidir leis an gcibearshlándáil faoin Treoir seo a chomhlíonadh.**

(41) Ionas nach gcuirfear ualach airgeadais ná riaracháin díréireach ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha, ba cheart na ceanglais bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil a bheith i gcomhréir leis an riosca atá ann **don** [...] líonra agus don chóras faisnéise lena mbaineann, agus úrscothacht na mbeart sin **agus an costas ar a gcur chun feidhme á g**cur san áireamh. **Ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar mhéid an eintitis, agus ar a dhóchúla atá sé go dtarlóidh teagmhais agus ar a thromchúisí atá na teagmhais sin.**

**(41a) D'fhonn na hualaí rialála a laghdú, ba cheart na ceanglais maidir le cur chun feidhme na mbeart bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil d'eintitis mheánmhéide, bheaga nó mhicreamhéide a bheith níos éadroime i bprionsabal, ach amháin i gcás ina mbeadh, mar gheall ar chritéir chriticiúlachta nó measúnuithe riosca náisiúnta, bonn cirt le ceanglais níos déine, go háirithe maidir le heintitis a chomhlíonann na critéir chriticiúlachta a leagtar amach sa Treoir seo.**

(42) Ba cheart d'eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise a úsáideann siad ina ngníomhaíochtaí a áirithiú. Is córais ghréasáin agus faisnéise phríobháideacha iad sin go príomha arna mbainistiú ag a bhfoireann TF inmheánach nó a bhfuil slándáil an méid sin á seachfhoinsiú. Maidir leis na ceanglais bainistíochta riosca agus tuairiscithe maidir leis an gcibearshlándáil de bhun na Treorach seo, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na heintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha ábhartha gan beann ar cibé acu a dhéanann siad cothabháil ar a gcórais ghréasáin agus faisnéise go hinmheánach nó a sheachfhoinsíonn siad í.

**(42aa) Agus é á chur san áireamh gur de chineál trasteorann iad, ba cheart do na soláthraithe seirbhíse DNS, na clárlanna ainmneacha TLD agus na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD, soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta, soláthraithe seirbhísí lárionad sonraí, soláthraithe líonra soláthair ábhair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, agus soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe a bheith faoi réir leibhéal níos airde comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, cur chun feidhme na mbeart cibearshlándála a éascú le gníomh cur chun feidhme.**

(43) Tá tábhacht ar leith ag baint le haghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála a eascraíonn ó shlabhra soláthair eintitis agus óna chaidreamh lena sholáthróirí i bhfianaise leitheadúlacht na dteagmhas ina ndearnadh cibirionsaithe ar eintitis agus ina raibh gníomhaithe mailíseacha in ann slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise eintitis a chur i mbaol trí theacht i dtír ar leochaileachtaí lena ndéantar difear do tháirgí agus seirbhísí tríú tír. Dá bhrí sin ba cheart d'eintitis measúnú a dhéanamh ar cháilíocht fhoriomlán tháirgí agus chleachtais chibearshlándála a soláthróirí agus a soláthraithe seirbhíse agus í a chur san áireamh, lena n-áirítear a nósanna imeachta slána um fhorbairt.

(44) I measc soláthraithe seirbhíse, tá tábhacht ar leith leis an ról atá ag soláthraithe seirbhíse bainistíochta slándála (SSBSanna) i réimsí amhail freagairt ar theagmhais, tástáil treáite, iniúchtaí slándála agus an chomhairleoireacht chun cúnamh a thabhairt d'eintitis lena n-iarrachtaí teagmhais a bhrath agus freagairt orthu. Bhí na SSBSanna féin ina spriocanna ionsaithe freisin, áfach, agus trína lánpháirtiú dlúth in oibríochtaí oibreoirí, tá riosca cibearshlándála ar leith ag baint leo. Dá bhrí sin, ba cheart d'eintitis a bheith níos dícheallaí agus SSBS á roghnú acu.

**(44a) Féadfaidh údaráis inniúla náisiúnta, i gcomhthéacs a gcúraimí maoirseachta, leas a bhaint freisin as seirbhísí cibearshlándála amhail iniúchtaí slándála agus tástáil treáite nó freagairt ar theagmhais. Chun cabhrú le heintitis, chomh maith le húdaráis inniúla náisiúnta, chun soláthraithe seirbhísí cibearshlándála oilte iontaofa a roghnú, ba cheart don Choimisiún, le cúnamh ón nGrúpa Comhair agus ó ENISA, a mheas an bhféadfaí scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) 2019/881.**

(45) Ba cheart d'eintitis aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála freisin a eascraíonn óna n-idirghníomhaíochtaí agus óna gcaidrimh le páirtithe leasmhara eile laistigh d'éiceachóras níos leithne. Go háirithe, ba cheart d'eintitis bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar comhar le hinstitiúidí acadúla agus taighde i gcomhréir lena mbeartais chibearshlándála agus go leanfar dea-chleachtais maidir le rochtain shlán agus scaipeadh faisnéise go ginearálta agus cosaint maoine intleachtúla go háirithe. Mar an gcéanna, i bhfianaise thábhacht agus luach na sonraí le haghaidh ghníomhachtaí na n-eintiteas, agus iad ag brath ar thrasfhoirmiú sonraí agus ar sheirbhísí anailísíochta sonraí ó thríú páirtithe, ba cheart do na heintitis na bearta cibearshlándála iomchuí uile a dhéanamh.

(46) Chun aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar phríomhrioscaí an tslabhra soláthair agus cúnamh a thabhairt d'eintitis a oibríonn in earnálacha a chumhdaítear leis an Treoir seo chun rioscaí cibearshlándála i ndáil leis an slabhra soláthair agus leis an soláthróir a bhainistiú, ba cheart don Ghrúpa Comhair lena mbaineann údaráis náisiúnta ábhartha, i gcomhar leis an gCoimisiún agus ENISA, measúnuithe riosca earnála comhordaithe a dhéanamh ar an slabhra soláthair mar a rinneadh cheana do líonraí 5G tar éis Mholadh (AE) 2019/534 maidir le Cibearshlándáil líonraí 5G[21], arb é is aidhm dóibh na seirbhísí, na córais nó na táirgí criticiúla TFC agus na bagairtí agus na leochaileachtaí ábhartha a shainaithint in aghaidh na hearnála.

[21] Moladh (AE) 2019/534 ón gCoimisiún an 26 Márta 2019 maidir le Cibearshlándáil líonraí 5G (IO L 88, 29.3.2019, lch. 42).

(47) Sna measúnuithe riosca ar an slabhra soláthair, i bhfianaise ghnéithe na hearnála lena mbaineann, ba cheart fachtóirí teicniúla agus, i gcás inarb ábhartha, fachtóirí neamhtheicniúla a chur san áireamh lena n-áirítear iad sin a shainmhínítear i Moladh (AE) 2019/534, sa mheasúnú riosca comhordaithe uile-Aontais ar shlándáil líonraí 5G agus i mBosca Uirlisí an Aontais le haghaidh cibearshlándáil 5G arna gcomhaontú leis an nGrúpa Comhair. Chun go sainaithneofar na slabhraí soláthair ba cheart a bheith faoi réir measúnú riosca comhordaithe, ba cheart na critéir seo a leanas a chur san áireamh: (i) a mhéid a úsáideann eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha seirbhísí, córais, nó táirgí sonracha criticiúla TFC agus a mhéid a bhraitheann siad orthu; (ii) ábharthacht seirbhísí, córas nó táirgí sonracha criticiúla TFC chun feidhmeanna criticiúla nó íogaire a dhéanamh, lena n-áirítear próiseáil sonraí pearsanta; (iii) infhaighteacht seirbhísí, córas nó táirgí malartacha TFC; (iv) athléimneacht an tslabhra soláthair fhoriomláin maidir le seirbhísí, córais nó táirgí TFC in aghaidh imeachtaí suaiteacha agus (v) i gcás seirbhísí, córais nó táirgí TFC atá ag teacht chun cinn, an tábhacht fhéideartha a bheidh leo sa todhchaí le haghaidh ghníomhaíochtaí na n-eintiteas.

(48) Chun cuíchóiriú a dhéanamh ar na hoibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear ar sholáthraithe líonraí cumarsáide poiblí leictreonaí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí, agus ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe a bhaineann le slándáil a líonraí agus a gcóras faisnéise, chomh maith lena chur ar a gcumas do na heintitis sin agus dá n-údaráis inniúla faoi seach tairbhiú den chreat dlíthiúil a bhunaítear leis an Treoir seo (lena n-áirítear ainmniú CSIRT atá freagrach as láimhseáil rioscaí agus teagmhas, rannpháirtíocht údarás agus comhlachtaí inniúla in obair an Ghrúpa Comhair agus líonra CSIRTanna), ba cheart iad a áireamh i raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach seo. Maidir leis na forálacha comhfhreagracha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] agus i dTreoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] a bhaineann le ceanglas a fhorchur ar na cineálacha eintiteas sin maidir leis an tslándáil agus le fógra a thabhairt, ba cheart iad a aisghairm dá bhrí sin.

[22] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

[23] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

(48a) **Ba cheart a mheas go gcomhlánaíonn na hoibleagáidí slándála a leagtar síos sa Treoir seo na ceanglais a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 (Rialachán eIDAS). Ba cheart a iarraidh ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe gach beart iomchuí comhréireach a dhéanamh chun na rioscaí dá seirbhísí a bhainistiú, rioscaí i dtaca le custaiméirí agus le tríú páirtithe spleácha san áireamh, agus teagmhais slándála a thuairisciú faoin Treoir seo. Ba cheart go mbainfeadh oibleagáidí slándála agus tuairiscithe den sórt sin le cosaint fhisiceach na seirbhíse a chuirtear ar fáil freisin. Leanann Airteagal 24 de Rialachán (AE) 910/2014 d'fheidhm a bheith aige**.

(48aa) **Féadfaidh na Ballstáit ról na n-údarás inniúil maidir le seirbhísí iontaoibhe a shannadh do chomhlachtaí maoirseachta eIDAS chun a áirithiú go leanfar leis na cleachtais reatha agus chun cur leis an eolas agus leis an taithí a fuarthas agus Rialachán eIDAS á chur i bhfeidhm. I gcás ina sanntar an ról sin do chomhlacht eile, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta faoin Treoir seo oibriú i ndlúthchomhar le chéile agus go tráthúil, tríd an bhfaisnéis ábhartha a mhalartú chun maoirseacht éifeachtach agus comhlíonadh éifeachtach na gceanglas a leagtar amach sa Treoir seo agus i Rialachán [XXXX/XXXX] ag soláthraithe seirbhísí iontaoibhe a áirithiú.**

**I gcás inarb infheidhme, ba cheart don údarás náisiúnta faoin Treoir seo comhlacht maoirseachta eIDAS a chur ar an eolas láithreach faoi aon cibearbhagairtí nó cibirtheagmhais mhóra faoina dtugtar fógra a mbeadh tionchar acu ar sheirbhísí iontaoibhe agus faoi aon neamhchomhlíonadh na gceanglas ag soláthróir seirbhíse iontaoibhe faoin Treoir seo. Chun críoch tuairiscithe, féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb infheidhme, úsáid a bhaint as an bpointe iontrála aonair a bunaíodh chun tuairisciú teagmhais comhchoiteann uathoibríoch a bhaint amach do chomhlacht maoirseachta eIDAS agus don údarás inniúil faoin Treoir seo araon.** Ba cheart na rialacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a bheith gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 agus do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24].

---

[24] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

(49) I gcás inarb iomchuí agus chun suaitheadh neamhriachtanach a sheachaint, ba cheart na treoirlínte náisiúnta atá ann cheana [...] a glacadh chun na rialacha a bhaineann le bearta slándála a leagtar síos in Airteaga**i**l 40[...] agus 41 de Threoir (AE) 2018/1972[...] a thrasuí, **ba cheart iad a chur san áireamh sna socruithe trasuí arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit i dtaca leis an Treoir seo, agus ar an gcaoi sin cur leis an eolas agus leis na scileanna a fuarthas cheana faoi Threoir (AE) 2018/1972 i dtaca le bearta bainistíochta riosca slándála agus le fógraí teagmhais. Ina theannta sin, is féidir le ENISA treoraíocht a fhorbairt maidir le ceanglais slándála agus tuairiscithe le haghaidh soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí chun comhchuibhiú, aistriú agus suaitheadh a íoslaghdú. Is féidir leis na Ballstáit ról na n-údarás inniúil maidir le cumarsáid leictreonach a shannadh do na húdaráis rialála náisiúnta chun a áirithiú go leanfar leis na cleachtais reatha agus chun cur leis an eolas agus leis an taithí a fuarthas i dTreoir (AE) 2018/1972.**

(50) I bhfianaise na tábhachtacha méadaithí a bhaineann le seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar uimhir, is gá a áirithiú go mbeidh na seirbhísí sin faoi réir ceanglais slándála iomchuí freisin i bhfianaise a gcineáil shonraigh agus a dtábhachta eacnamaíche. Ba cheart do sholáthraithe na seirbhísí sin dá bhrí sin leibhéal slándála na gcóras gréasáin agus faisnéise atá iomchuí i leith an riosca atá ann a áirithiú freisin. Ós rud é nach iondúil a fheidhmíonn soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta atá neamhspleách ar uimhir rialú iarbhír ar tharchur comharthaí thar líonraí, is féidir a mheas go bhfuil an méid riosca a bhaineann leis na seirbhísí sin ar bhealaí áirithe níos ísle ná an méid riosca a bhaineann le seirbhísí cumarsáide leictreonaí traidisiúnta. Is amhlaidh atá i gcás seirbhísí cumarsáide idirphearsanta lena n-úsáidtear uimhreacha agus nach bhfeidhmítear rialú iarbhír ar tharchur comharthaí leo.

(51) Tá an margadh inmheánach ag brath níos mó ar fheidhmiú an idirlín ná mar a bhí riamh. Tá seirbhísí beagnach gach eintitis fhíor-riachtanaigh agus thábhachtaigh ag brath ar sheirbhísí a sholáthraítear thar an idirlíon. Chun soláthar rianúil seirbhísí arna soláthar ag eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha a áirithiú, is den tábhacht go mbeadh bearta cibearshlándála iomchuí i bhfeidhm ag líonraí cumarsáide poiblí leictreonaí, amhail, mar shampla, cnámha droma idirlín nó cáblaí cumarsáide fomhuirí, agus go dtuairisceoidís teagmhais i ndáil leis sin.

(52) I gcás inarb [...] **infheidhme**, ba cheart d'eintitis a bhfaighteoirí seirbhíse a chur ar an eolas faoi [...] bhearta is féidir leo a dhéanamh chun an riosca dóibh féin **a thagann as cibearbhagairt mhór** a mhaolú. **Ba cheart do na heintitis, i gcás inarb iomchuí agus go háirithe i gcásanna ina bhféadfadh cibearbhagairt mhór teacht chun cinn, fógra a thabhairt freisin dá bhfaighteoirí seirbhíse i gcomhthráth leis na húdaráis inniúla nó le CSIRTanna faoin mbagairt féin.** Maidir leis an gceanglas chun na faighteoirí sin a chur ar an eolas faoi na bagairtí sin, níor cheart eintitis a scaoileadh ón oibleagáid bearta iomchuí agus láithreacha a dhéanamh, ar a gcostas féin, chun aon chibearbhagairt a chosc nó a leigheas agus gnáthleibhéal slándála na seirbhíse a athbhunú. Ba cheart soláthar na faisnéise sin maidir le **cibear**bhagairtí [...] do na faighteoirí a bheith saor in aisce.

(53) Go háirithe, ba cheart do sholáthraithe líonraí cumarsáide poiblí leictreonaí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí faighteoirí na seirbhíse a chur ar an eolas faoi chibearbhagairtí móra ar leith agus faoi bhearta is féidir leo a dhéanamh chun slándáil a gcumarsáide a chosaint, mar shampla trí chineálacha sonracha bogearraí nó teicneolaíochtaí criptiúcháin a úsáid.

(54) Chun slándáil líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a chosaint, ba cheart úsáid criptiúcháin, agus go háirithe criptiú inn ar inn, a chur chun cinn agus, i gcás inar gá, a bheith sainordaitheach do sholáthraithe na seirbhísí agus na líonraí sin i gcomhréir le prionsabail na slándála agus an phríobháideachais mar réamhshocrú agus trí dhearadh chun críocha Airteagal 18. Ba cheart úsáid an chriptiúcháin inn ar inn a réiteach le cumhachtaí na mBallstát chun cosaint a leasanna slándála fíor-riachtanacha agus na slándála poiblí a áirithiú, agus imscrúdú, brath agus ionchúiseamh cionta coiriúla a cheadú i gcomhréir le dlí an Aontais. Le réitigh ar rochtain dhleathach ar fhaisnéis i gcumarsáid criptiúcháin inn ar inn ba cheart éifeachtacht an chriptiúcháin maidir le cosaint phríobháideachas agus shlándáil na cumarsáide a choinneáil ar bun, agus freagairt éifeachtach ar an gcoireacht á soláthar.

(55) Leis an Treoir seo leagtar síos cur chuige dhá chéim i leith tuairisciú teagmhas chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir, ar thaobh amháin, tuairisciú mear atá ina chuidiú le scaipeadh féideartha teagmhas a mhaolú agus lena gceadaítear d'eintitis tacaíocht a iarraidh, agus, ar an taobh eile, tuairisciú domhain lena mbaintear ceachtanna luachmhara as teagmhais aonair agus lena gcuirtear feabhas, thar thréimhse ama, ar athléimneacht cuideachtaí aonair agus earnálacha iomlána i leith cibearbhagairtí. I gcás ina dtagann eintitis ar an eolas faoi theagmhas, ba cheart a cheangal orthu fógra tosaigh a chur isteach laistigh de 24 uair an chloig, tar éis tuarascáil chríochnaitheach tráth nach déanaí ná mí amháin ina dhiaidh sin. Níor cheart a áireamh san fhógra tosaigh ach an fhaisnéis a bhfuil fíorghá léi chun na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoin teagmhas agus chun a cheadú don eintiteas cúnamh a iarraidh, más gá. Leis an bhfógra sin, i gcás inarb infheidhme, ba cheart a léiriú cibé acu ar gníomhaíocht neamhdhleathach nó mhailíseach is cúis, is dóigh, leis an teagmhas. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéantar, leis an gceanglas maidir leis an bhfógra tosaigh sin a chur isteach, acmhainní an eintitis tuairiscithe a atreorú ó ghníomhaíochtaí a bhaineann le láimhseáil teagmhas ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh. Chun a áirithiú a thuilleadh nach ndéanfar le hoibleagáidí tuairiscithe teagmhas acmhainní a atreorú ó láimhseáil freagartha teagmhas, ná nach gcuirfear iarrachtaí na n-eintiteas ina leith i mbaol leis sin, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus i gcomhaontú leis na húdaráis inniúla nó CSIRT, gur féidir leis an eintiteas lena mbaineann atreorú ó na sprioc-amanna maidir le 24 uair an chloig le haghaidh an fhógra tosaigh agus mí amháin le haghaidh na tuarascála críochnaithí.

**(55a) Is cuid ríthábhachtach den bhainistíocht riosca maidir leis an gcibearshlándáil é cur chuige réamhghníomhach i leith cibearbhagairtí lenar cheart go gcuirfí ar chumas na n-údarás inniúil cosc éifeachtach a chur ar chibearbhagairtí a thiontú ina dteagmhais iarbhír a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le caillteanais mhóra ábhartha nó neamhábhartha. Chun na críche sin, tá sé fíorthábhachtach fógra a thabhairt maidir le cibearbhagairtí móra.**

(56) Is minic a bhíonn eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha i staid inár gá teagmhas ar leith, mar gheall ar a ghnéithe, a thuairisciú d'údaráis éagsúla de thoradh oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt a áirítear in ionstraimí dlí éagsúla. De dheasca na gcásanna sin cruthaítear ualaí breise agus is féidir go dtiocfaidh éiginnteachtaí astu maidir le formáid agus nósanna imeachta na bhfógraí sin. Ina fhianaise sin agus, chun tuairisciú teagmhas slándála a shimpliú, **d'fhéadfadh** [...] na Ballstáit *pointe iontrála aonair* a bhunú le haghaidh na bhfógraí uile a cheanglaítear faoin Treoir seo agus faoi dhlí eile de chuid an Aontais freisin amhail Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE. Ba cheart do ENISA, i gcomhar leis an nGrúpa Comhair, teimpléid fógra choiteanna a fhorbairt trí threoirlínte lena ndéanfaí an fhaisnéis tuairiscithe arna hiarraidh le dlí an Aontais a shimpliú agus a chuíchóiriú agus lena laghdófaí na hualaí ar chuideachtaí.

(57) I gcás ina bhfuil drochamhras ann go mbaineann teagmhas le gníomhaíochtaí tromchúiseacha coiriúla faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha a spreagadh, ar bhonn rialacha infheidhme maidir le nósanna imeachta coiriúla i gcomhréir le dlí an Aontais, teagmhais a thuairisciú do na húdaráis forfheidhmithe dlí ábhartha, ar teagmhais iad a bhfuil drochamhras ann gur de chineál tromchúiseach coiriúil iad. I gcás inarb iomchuí, agus gan dochar do na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta is infheidhme maidir le Europol, is inmhianaithe go n-éascóidh ICE agus ENISA an comhordú idir údaráis inniúla agus údaráis forfheidhmithe dlí de chuid Ballstáit éagsúla.

(58) I roinnt cásanna cuirtear sonraí pearsanta i mbaol de dheasca teagmhas. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na húdaráis inniúla dul i gcomhar leis na húdaráis cosanta sonraí agus leis na húdaráis mhaoirseachta agus faisnéis maidir le gach ábhar ábhartha a mhalartú leo, de bhun Threoir 2002/58/CE.

(59) Tá sé fíor-riachtanach bunachair sonraí chruinne iomlána a choinneáil ar bun maidir le hainmneacha fearainn agus sonraí clárúcháin (dá ngairtear 'sonraí WHOIS'), agus rochtain dhleathach a sholáthar ar na sonraí sin, chun slándáil, cobhsaíocht agus athléimneacht DNS a áirithiú, rud a rannchuidíonn ar a uain le hardleibhéal cibearshlándála coiteann laistigh den Aontas. I gcás ina n-áirítear sonraí pearsanta sa phróiseáil, beidh an phróiseáil sin i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí.

(60) Maidir le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht thráthúil na sonraí sin d'údaráis phoiblí, lena n-áirítear údaráis inniúla faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta maidir le cosc, imscrúdú nó ionchúiseamh cionta coiriúla, CERTanna, CSIRTanna, agus maidir le sonraí a gcliant do sholáthraithe líonraí agus seirbhísí maidir leis an gcumarsáid leictreonach agus soláthraithe teicneolaíochtaí agus seirbhísí maidir leis an gcibearshlándáil a ghníomhaíonn thar ceann na gcliant sin, tá sé fíor-riachtanach mí-úsáid an Chórais Ainmneacha Fearainn a chosc agus a chomhrac, go háirithe chun teagmhais chibearshlándála a chosc, a bhrath agus freagairt orthu. Leis an rochtain sin ba cheart dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann sí le sonraí pearsanta.

(61) Chun infhaighteacht sonraí cláraithe ainm fearainn atá cruinn agus iomlán a áirithiú, ba cheart do chlárlanna TLD agus na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD (dá ngairtear cláraitheoirí) sláine agus infhaighteacht na sonraí cláraithe ainmneacha fearainn a bhailiú agus a ráthú. **Maidir leis na sonraí clárúcháin, ba cheart do na heintitis go háirithe ainm agus seoladh ríomhphoist an chláraí a fhíorú.** [...] Ba cheart do chlárlanna TLD agus do na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD beartais agus nósanna imeachta a bhunú chun sonraí clárúcháin cruinne iomlána a bhailiú agus a choinneáil ar bun, agus chun sonraí clárúcháin míchruinne a chosc agus a cheartú i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí.

(62) Ba cheart do chlárlanna TLD agus do na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn dóibh sonraí cláraithe ainm fearainn a chur ar fáil go poiblí, ar sonraí iad a thagann lasmuigh de raon feidhme rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, amhail sonraí lena mbaineann daoine dlítheanacha[25]. Ba cheart do chlárlanna TLD agus do na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD a chur ar a gcumas d'iarrthóirí rochtana dlisteanacha freisin sonraí cláraithe ainm fearainn sonracha a rochtain maidir le daoine nádúrtha, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur cheart do chlárlanna TLD agus do na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn dóibh freagairt gan moill mhíchuí ar iarrataí [...] ar nochtadh sonraí cláraithe ainm fearainn **ó iarrthóirí rochtana dlisteanacha, amhail údaráis inniúla faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta i réimse na slándála náisiúnta agus an cheartais choiriúil nó CSIRTanna**. Ba cheart do chlárlanna TLD agus do na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn dóibh beartais agus nósanna imeachta a bhunú chun sonraí clárúcháin a fhoilsiú agus a nochtadh, lena n-áirítear comhaontuithe ar an leibhéal seirbhíse chun déileáil le hiarrataí ar rochtain ó iarrthóirí rochtana dlisteanacha. Sa nós imeachta rochtana is féidir go n-áireofar freisin úsáid comhéadain, tairsí nó uirlise teicniúla eile chun córas éifeachtúil a sholáthar chun sonraí clárúcháin a iarraidh agus a rochtain. **Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil gach cineál rochtana ar shonraí cláraithe ainm fearainn (sonraí pearsanta agus neamhphearsanta araon) saor in aisce.** D'fhonn cleachtais chomhchuibhithe a chur chun cinn ar fud an mhargaidh inmheánaigh, féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir leis na nósanna imeachta sin gan dochar d'inniúlachtaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí**, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag an bpobal ilgheallsealbhóirí agus mar chomhlánú orthu**.

[25] Rialachán (AE) 2016/679 [...]ó [...]Pharlaimint na hEorpa [...]agus [...]ón g[...]Comhairle aithris (14) ar dá réir '[n]í chumhdaítear leis an Rialachán seo an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bhaineann le daoine dlítheanacha agus go háirithe le gnóthais a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil acu, lena n-áirítear ainm agus foirm an duine dhlítheanaigh agus sonraí teagmhála an duine dhlítheanaigh.'.

(63) Ba cheart do na heintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha [...] faoin Treoir seo teacht faoi dhlínse an Bhallstáit ina soláthraíonn siad a seirbhísí. **Na heintitis dá dtagraítear i bpointí 1 go 7 agus i bpointe 10 d'Iarscríbhinn I, na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe agus na Soláthraithe Pointe Malartaithe Idirlín dá dtagraítear in bpointe 8 d'Iarscríbhinn I agus i bpointí 1 go 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo, ba cheart iad a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe.** Dá soláthródh an t-eintiteas seirbhísí **nó dá mbeadh bunaíocht aige** i mbreis agus Ballstát amháin, ba cheart dó teacht faoi dhlínse ar leithligh agus chomhthráthach gach ceann de na Ballstáit sin. Ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát sin dul i gcomhar le chéile, cúnamh frithpháirteach a sholáthar dá chéile agus i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí maoirseachta comhpháirteacha a dhéanamh. **I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit dlínse a fheidhmiú, ba cheart dóibh a sheachaint smachtbhannaí a chur i bhfeidhm maidir leis an iompar céanna níos mó ná uair amháin as na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a shárú.**

(64) Chun cineál trasteorann na seirbhísí agus na n-oibríochtaí de chuid soláthraithe seirbhíse DNS, clárlanna ainmneacha TLD, eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD, soláthraithe líonra soláthair ábhair, soláthraithe seirbhíse néalríomhaireachta, soláthraithe seirbhíse lárionaid sonraí agus soláthraithe digiteacha a chur san áireamh, níor cheart dlínse a bheith ach ag Ballstát amháin thar na heintitis sin. Ba cheart dlínse a shannadh don Bhallstát ina bhfuil a phríomhbhunaíocht san Aontas ag an eintiteas ar leith. Tá feidhmiú éifeachtach gníomhaíochta trí shocruithe cobhsaí intuigthe ó na critéir bhunaíochta chun críocha na Treorach seo. Níl foirm dhlí na socruithe sin, cibé acu trí bhrainse nó fochuideachta ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach, ar an bhfachtóir cinntitheach ina leith sin.

Cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir sin, níor cheart an méid sin a bheith ag brath ar cibé acu atá nó nach bhfuil na córais ghréasáin agus faisnéise lonnaithe go fisiciúil in áit ar leith; ní hionann láithreacht ná úsáid na gcóras sin, astu féin, agus an phríomhbhunaíocht sin agus dá bhrí sin ní critéir chinntitheacha iad chun an phríomhbhunaíocht a chinneadh. Ba cheart an phríomhbhunaíocht a bheith ar an áit san Aontas is mó a ndéantar cinntí a bhaineann le bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil. Is gnách go gcomhfhreagraíonn sí d'áit riarachán lárach na gcuideachtaí san Aontas. **Mura féidir a chinneadh an áit is mó a ndéantar na cinntí sin nó** mura ndéantar na cinntí sin san Aontas, ba cheart a mheas go bhfuil an phríomhbhunaíocht sna Ballstáit san áit a bhfuil bunaíocht ag an eintiteas ina bhfuil an líon is airde fostaithe san Aontas. I gcás ina ndéanann grúpa gnóthas na seirbhísí, ba cheart a mheas gurb í príomhbhunaíocht an ghnóthais rialúcháin príomhbhunaíocht an ghrúpa gnóthas.

**(64a) I gcás nach ndéanann soláthraí líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí nó soláthraí seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí seirbhís DNS athchúrsach a sholáthair ach amháin mar chuid den tseirbhís rochtana idirlín, ba cheart an t-eintiteas a mheas mar eintiteas faoi dhlínse na mBallstát uile ina gcuirtear a sheirbhísí ar fáil.**

**(64aa) Chun forléargas soiléir ar sholáthraithe seirbhíse DNS, clárlanna ainmneacha TLD, eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn don TLD, soláthraithe líonraí soláthair ábhair, soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta, soláthraithe seirbhísí lárionaid sonraí agus soláthraithe digiteacha a sholáthraíonn seirbhísí ar fud an Aontais faoi raon feidhme na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do ENISA clárlann a chruthú agus a chothabháil do na heintitis sin, bunaithe ar fhógraí a fhaigheann na Ballstáit, i gcás inarb infheidhme trína sásraí náisiúnta le haghaidh féinfhógra. D'fhonn cruinneas agus iomláine na faisnéise ba cheart a áireamh sa chlárlann sin a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis atá ar fáil ina gclárlanna náisiúnta faoi na heintitis sin a thíolacadh do ENISA. Ba cheart do ENISA agus na Ballstáit bearta a dhéanamh chun idir-inoibritheacht na gclárlann sin a éascú, agus cosaint faisnéise rúnda nó rúnaicmithe á háirithiú ag an am céanna.**

(65) I gcásanna ina gcuireann soláthraí seirbhíse DNS, clárlann ainmneacha TLD, soláthraí líonra soláthair ábhair, soláthraí seirbhíse néalríomhaireachta, soláthraí seirbhíse lárionaid sonraí agus soláthraí digiteach nach bhfuil bunaithe san Aontas seirbhísí ar fáil laistigh den Aontas, ba cheart dó nó di ionadaí a ainmniú. Chun a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil ag eintiteas den sórt sin laistigh den Aontas, ba cheart a fhionnadh cibé acu atá nó nach bhfuil sé soiléir go bhfuil sé beartaithe ag an eintiteas seirbhísí a sholáthar do dhaoine i mBallstát amháin nó níos mó. Má tá suíomh gréasáin nó seoladh ríomhphoist agus sonraí teagmhála eile an eintitis nó idirghabhálaí inrochtana san Aontas, nó má bhaintear úsáid as teanga a úsáidtear go ginearálta sa tríú tír ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe, ní leor sin as féin chun rún den sórt sin a fhionnadh. Mar sin féin, le fachtóirí amhail úsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear go ginearálta i mBallstát amháin nó níos mó agus an fhéidearthacht ann go n-ordófar seirbhísí sa teanga eile sin, nó custaiméirí nó úsáideoirí eile atá san Aontas á lua, is féidir gur cosúil go bhfuil sé beartaithe ag an eintiteas seirbhísí a thairiscint laistigh den Aontas. Ba cheart don ionadaí gníomhú thar ceann an eintitis agus ba cheart do na húdaráis inniúla nó do CSIRTanna a bheith in ann teagmháil a dhéanamh leis an ionadaí. Ba cheart an t-ionadaí a ainmniú go sainráite le sainordú i scríbhinn ón eintiteas gníomhú thar ceann an eintitis sin maidir lena oibleagáidí faoin Treoir seo, lena n-áirítear tuairisciú teagmhas.

(66) I gcás ina ndéantar faisnéis a mheastar a bheith rúnaicmithe de réir an dlí náisiúnta nó dhlí an Aontais a mhalartú, a thuairisciú nó a chomhroinnt ar bhealach eile faoi fhorálacha na Treorach seo, ba cheart na rialacha comhfhreagracha sonracha maidir le láimhseáil faisnéise rúnaicmithe a chur i bhfeidhm.

(67) Ós rud é go bhfuil cibearbhagairtí ag éirí níos casta agus níos sofaisticiúla, tá bearta braite agus coiscthe maithe ag brath cuid mhór ar chomhroinnt faisnéise thráthrialta idir eintitis maidir le bagairtí agus leochaileachtaí. Rannchuidíonn comhroinnt faisnéise le feasacht mhéadaithe ar chibearbhagairtí, rud a fheabhsaíonn, ar a uain, inniúlacht na n-eintiteas chun cosc a chur le teacht chun cinn teagmhas iarbhír de dheasca bagairtí agus cuireann sí ar a gcumas d’eintitis éifeachtaí teagmhas a shrianadh ar bhealach níos fearr agus téarnamh ar bhealach níos éifeachtúla uathu freisin. In éagmais treoraíocht ar leibhéal an Aontais, dealraíonn sé gur cuireadh cosc leis an gcomhroinnt faisnéise sin de dheasca fachtóirí éagsúla, go háirithe éiginnteacht maidir leis an gcomhoiriúnacht le rialacha maidir leis an iomaíocht agus leis an dliteanas.

(68) Dá bhrí sin, ba cheart eintitis a spreagadh chun a n-eolas aonair agus a dtaithí phraiticiúil a threisiú go comhchoiteann ar an leibhéal straitéiseach, oirbheartaíoch agus oibríochtúil d’fhonn cur lena gcumas measúnú agus faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar chibearbhagairtí, cosaint a dhéanamh ina n-aghaidh agus freagairt dóibh. Dá bhrí sin, is gá teacht chun cinn sásraí ar leibhéal an Aontais a chumasú le haghaidh socruithe deonacha malartaithe faisnéise. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit tacaíocht agus spreagadh a thabhairt go gníomhach freisin d’eintitis ábhartha nach gcumhdaítear le raon feidhme na Treorach seo chun bheith rannpháirteach sna sásraí um chomhroinnt faisnéise sin. Ba cheart na sásraí sin a stiúradh i gcomhlíonadh iomlán rialacha iomaíochta an Aontais agus rialacha dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí chomh maith leis sin.

(69) [...] **A** mhéid a bhfuil fíorghá léi agus atá comhréireach chun go n-áiritheofar slándáil líonraí agus faisnéise, **d'fhéadfaí a mheas go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta** ag eintitis **fíor-riachtanacha agus tábhachtacha,** [...] agus soláthraithe teicneolaíochtaí slándála agus seirbhísí slándála, **riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh nó** [...] mar leas dlisteanach de chuid an rialaitheora sonraí lena mbaineann[...], dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/679. Mar chuid de sin **d'fhéadfaí** [...] bearta a áireamh a bhaineann le teagmhais a chosc agus a bhrath, anailís a dhéanamh orthu agus freagairt orthu, bearta chun feasacht a ardú i dtaca le cibearbhagairtí sonracha, malartú faisnéise i gcomhthéacs fheabhsúchán agus nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí, chomh maith le malartú deonach faisnéise maidir leis na teagmhais sin, [...] cibearbhagairtí agus cibirleochaileachtaí, táscairí comhréitigh, oirbheartaíocht, teicnící agus nósanna imeachta, foláirimh chibearshlándála agus uirlisí cumraíochta. Is féidir go gceanglófar próiseáil cineálacha **éagsúla** [...] sonraí pearsanta leis na bearta sin**, amhail**: Seoltaí IP, aimsitheoirí aonfhoirmeacha acmhainne (URLanna), ainmneacha fearainn, agus seoltaí ríomhphoist. **Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla, SPOCanna agus CSIRTanna a leagan síos sa dlí náisiúnta agus a mheas go bhfuil gá léi chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh nó chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaraithe oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) pointe (c) nó (e) de Rialachán (AE) 2016/679.**

**(69a) Féadfar rialacha a leagan síos le dlíthe na mBallstát lena gceadófar d'údaráis inniúla, pointí teagmhála aonair agus CSIRTanna, a mhéid a bhfuil fíor-ghá leis agus atá comhréireach chun slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise de chuid eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha a áirithiú, catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 9[...] de Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe trí fhoráil a dhéanamh do bhearta oiriúnacha sonracha chun cearta agus leasanna bunúsacha na ndaoine nádúrtha a chosaint, lena n-áirítear na srianta teicniúla ar athúsáid sonraí den chineál sin agus ar úsáid na mbeart úrscothach slándála agus cosanta príobháideachais, amhail bréagainmniú, nó criptiú i gcás ina bhféadfadh anaithnidiú dochar suntasach a dhéanamh don chríoch arna saothrú.**

(70) Chun go neartófar na cumhachtaí maoirseachta agus na gníomhaíochtaí atá ina gcuidiú le comhlíonadh éifeachtach a áirithiú, leis an Treoir seo ba cheart foráil a dhéanamh maidir le híosliosta de ghníomhaíochtaí maoirseachta agus de mhodhanna maoirseachta trínar féidir [...] údaráis inniúla maoirseacht a dhéanamh ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha. Ina theannta sin, leis an Treoir seo ba cheart difreáil córais maoirseachta a bhunú idir eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha d’fhonn cothromaíocht oibleagáidí chóir a áirithiú d’eintitis agus d’údaráis inniúla araon. Dá bhrí sin, ba cheart do na heintitis fhíor-riachtanacha a bheith faoi réir córas maoirseachta (*ex-ante* agus *ex-post*) iomlán, ach ba cheart do na heintitis thábhachtacha a bheith faoi réir córas maoirseachta *ex-post* éadrom, agus faoina réir amháin. Maidir leis an gcóras deiridh, fágann sin nár cheart **a cheangal ar** [...] na heintitis thábhachtacha comhlíonadh ceanglas bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil **a dhoiciméadú** go córasach, ach ba cheart do na húdaráis inniúla cur chuige *ex-post* frithghníomhach i leith na maoirseachta a chur chun feidhme agus, dá bhrí sin, níor cheart oibleagáid ghinearálta a bheith orthu maoirseacht a dhéanamh ar na heintitis sin. **I gcás eintitis thábhachtacha, féadfar maoirseacht *ex-post* a chur i ngníomh le fianaise nó le haon chomhartha nó aon fhaisnéis a chuirtear in iúl do na húdaráis inniúla agus a mheasann na húdaráis sin go bhféadfadh neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a thabhairt le fios leis an bhfianaise, an comhartha nó an fhaisnéis sin. Mar shampla, d‘fhéadfadh an fhianaise, an comhartha nó an fhaisnéis sin a bheith den chineál a chuireann údaráis eile, eintitis, saoránaigh, na meáin nó foinsí eile ar fáil do na húdaráis inniúla, d’fhéadfadh faisnéis atá ar fáil go poiblí a bheith i gceist, nó d’fhéadfadh sé teacht as gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla i gcomhlíonadh a gcúraimí.**

**(70bis) Agus maoirseacht *ex-ante* á déanamh acu, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir le tosaíocht a thabhairt d'úsáid na ngníomhaíochtaí maoirseachta agus na modhanna atá ar fáil dóibh ar bhealach comhréireach. Chuige sin, is féidir leis na húdaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le tosaíochta den sórt sin a thabhairt bunaithe ar mhodheolaíochtaí maoirseachta ar cheart cur chuige rioscabhunaithe a leanúint. Go sonrach, d'fhéadfaí critéir nó tagarmharcanna a áireamh i modheolaíochtaí den sórt sin chun eintitis fhíor-riachtanacha a aicmiú i gcatagóirí riosca agus i ngníomhaíochtaí maoirseachta comhfhreagracha agus modhanna a mholtar in aghaidh na catagóire riosca, amhail úsáid, minicíocht nó cineál cigireachtaí ar an láthair nó iniúchtaí slándála spriocdhírithe nó scanacháin slándála, an cineál faisnéise atá le hiarraidh agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise sin. Is féidir cláir oibre a bheith ag gabháil leis na modheolaíochtaí maoirseachta sin freisin agus is féidir iad a mheasúnú agus a athbhreithniú go rialta, lena n-áirítear maidir le gnéithe amhail leithdháileadh acmhainní agus riachtanais.**

**(70bisa) I dtaca le heintitis riaracháin phoiblí, ba cheart na cumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú i gcomhréir leis na creataí náisiúnta agus leis an ord dlíthiúil. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir le bearta maoirseachta agus forfheidhmiúcháin iomchuí, comhréireacha agus éifeachtacha a fhorchur i dtaca leis na heintitis sin.**

**(70bisaa) Chun comhlíonadh beart bainistíochta riosca áirithe maidir leis an gcibearshlándáil a léiriú, d'fhéadfadh na Ballstáit a cheangal ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha úsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe cáilithe nó scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.**

(71) Chun go mbeidh éifeacht leis an bhforfheidhmiú, ba cheart íosliosta de smachtbhannaí riaracháin i leith sárú ar na hoibleagáidí bainistíochta riosca agus ar na hoibleagáidí tuairiscithe maidir leis an gcibearshlándáil dá bhforáiltear leis an Treoir seo a leagan síos, agus creat soiléir agus comhsheasmhach á chur ar bun le haghaidh na smachtbhannaí sin ar fud an Aontais. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar chineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, ar an damáiste iarbhír a rinneadh nó ar na caillteanais a tabhaíodh nó ar an damáiste féideartha a d'fhéadfadh a bheith spreagtha, cineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí, gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun an damáiste agus/nó na caillteanais a rinneadh a chosc nó a mhaolú, an méid freagrachta nó aon sárú ábhartha roimhe sin, an méid comhair leis an údarás inniúil agus aon fhachtóir géaraitheach nó maolaitheach eile. Ba cheart forchur pionós lena n-áirítear fíneálacha riaracháin a bheith faoi réir coimircí nós imeachta iomchuí i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, lena n-áirítear cosaint dlí éifeachtach agus próis chuí.

**(71bis) Leis na forálacha a bhaineann le dliteanas daoine nádúrtha a bhfuil freagrachtaí áirithe acu laistigh d'eintiteas i leith sárú ar a ndualgas chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a áirithiú, ní cheanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar ionchúiseamh coiriúil nó dliteanas sibhialta i leith damáistí a tharlaíonn mar thoradh ar an sárú sin do thríú páirtithe.**

(72) Chun go n-áiritheofar forfheidhmiú éifeachtach na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, ba cheart an chumhacht a bheith ag gach údarás inniúil fíneálacha riaracháin a fhorchur nó a iarraidh go bhforchuirfear na fíneálacha sin.

(73) I gcás ina bhforchuirtear fíneálacha riaracháin ar ghnóthas, ba cheart a thuiscint gur gnóthas i gcomhréir le hAirteagail 101 agus 102 CFAE gnóthas chun na gcríoch sin. I gcás ina bhforchuirtear fíneálacha riaracháin ar dhaoine nach gnóthas iad, ba cheart don údarás maoirseachta an leibhéal ioncaim ginearálta sa Bhallstát a chur san áireamh chomh maith le staid eacnamaíoch an duine agus méid iomchuí na fíneála á mheas. Ba cheart é a bheith faoi na Ballstáit a chinneadh cibé acu agus a mhéid ba cheart do na húdaráis phoiblí a bheith faoi réir fíneálacha riaracháin. Trí fhíneáil riaracháin a fhorchur, ní dhéantar difear do chur i bhfeidhm cumhachtaí eile arna dhéanamh ag na húdaráis inniúla ná do chur i bhfeidhm pionóis eile a leagtar síos sna rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo.

(74) [...] **Féadfaidh** na Ballstáit na rialacha maidir le pionóis choiriúla a leagan síos le haghaidh sáruithe ar na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo. Mar sin féin, le forchur pionós coiriúil de dheasca sáruithe ar na rialacha náisiúnta sin agus le forchur pionós riaracháin gaolmhar, níor cheart sárú ar an bprionsabal *ne bis in idem*, arna léirmhíniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, teacht as sin.

(75) I gcás nach ndéantar pionóis riaracháin a chomhchuibhiú leis an Treoir seo nó i gcás inar gá i gcásanna eile, mar shampla i gcásanna sáruithe tromchúiseacha ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit córas a chur chun feidhme lena ndéantar foráil maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha. Ba cheart cineál na bpionós sin, bídís ina bpionóis choiriúla nó riaracháin, a chinneadh le dlí na mBallstát.

(76) Chun go ndéanfar a éifeachtaí agus a athchomhairlí atá na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar oibleagáidí a leagtar síos de bhun na Treorach seo a neartú tuilleadh, ba cheart na húdaráis inniúla a chumhachtú chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm arb é atá iontu deimhniú nó údarú maidir le cuid de na seirbhísí, nó na seirbhísí uile, arna soláthar ag eintiteas fíor-riachtanach a chur ar fionraí agus toirmeasc sealadach a fhorchur ó fheidhmiú feidhmeanna bainistíochta arna dhéanamh ag duine nádúrtha. I bhfianaise a ndéine agus a dtionchair ar ghníomhaíochtaí na n-eintiteas agus ar a dtomhaltóirí ar deireadh, níor cheart na smachtbhannaí sin a chur i bhfeidhm ach i gcomhréir le déine an tsáraithe agus ag cur imthosca sonracha gach cáis san áireamh, lena n-áirítear cineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí, gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun an damáiste agus/nó na caillteanais a rinneadh a chosc nó a mhaolú. Níor cheart na smachtbhannaí sin a chur i bhfeidhm ach mar *ultima ratio*, rud a chiallaíonn nár cheart iad a chur i bhfeidhm go mbeidh na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ábhartha eile a leagtar síos leis an Treoir seo tagtha chun deiridh, agus ar feadh na tréimhse go ndéanfaidh na heintitis a bhfuil feidhm acu maidir leo an ghníomhaíocht is gá chun na heasnaimh a leigheas nó chun ceanglais an údaráis inniúil ar cuireadh na smachtbhannaí i bhfeidhm maidir leo a chomhlíonadh, agus ar feadh na tréimhse sin amháin. Beidh forchur na smachtbhannaí sin faoi réir coimircí nós imeachta iomchuí i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, lena n-áirítear cosaint dlí éifeachtach agus próis chuí, toimhde na neamhchiontachta agus ceart na cosanta.

**(76bis) Chun maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú, go háirithe i gcásanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, ba cheart do na Ballstáit a fuair iarraidh ar chúnamh frithpháirteach, a mhéid a iarrtar é, bearta maoirseachta agus forfheidhmiúcháin iomchuí a dhéanamh i dtaca leis an eintiteas lena mbaineann a sholáthraíonn seirbhísí nó a bhfuil an córas líonra agus faisnéise ar a gcríoch.**

(77) Leis an Treoir seo ba cheart rialacha comhair a leagan síos idir na húdaráis inniúla agus na húdaráis mhaoirseachta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 chun déileáil le sáruithe a bhaineann le sonraí pearsanta.

(78) Ba cheart é a bheith d'aidhm leis an Treoir seo ardleibhéal freagrachta a áirithiú le haghaidh na mbeart bainistíochta riosca agus na n-oibleagáidí tuairiscithe maidir leis an gcibearshlándáil ar leibhéal na n-eagraíochtaí. Ar na cúiseanna sin, ba cheart comhlachtaí bainistíochta na n-eintiteas a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo na bearta riosca maidir leis an gcibearshlándáil a fheabhsú agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.

(79) Ba cheart **córas** [...] piar**fhoghlama** a thabhairt isteach **chun cuidiú leis an muinín fhrithpháirteach a neartú agus chun foghlaim ó dhea-chleachtas agus taithí mhaith**, lena gceadaítear do shaineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit **malartuithe idir piaraí** a dhéanamh **maidir le** [...] cur chun feidhme beartas cibearshlándála [...]. **Agus an córas piarfhoghlama á chur chun feidhme, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar a áirithiú nach gcuirfeadh sé ualach neamhriachtanach nó díréireach ar údaráis ábhartha na mBallstát. Ba cheart don Choimisiún féachaint ar na deiseanna uile a d'fhéadfadh a bheith ann chun cumhdach airgeadais a ráthú do na costais a d'fhéadfadh teacht as misin phiarfhoghlama a eagrú. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfí san áireamh sa chóras piarfhoghlama torthaí sásraí comhchosúla, amhail córas athbhreithnithe piaraí líonra CSIRTanna, ba cheart dó breisluach a chruthú agus dúbláil a sheachaint. Ba cheart cur chun feidhme an chórais piarfhoghlama a bheith gan dochar do dhlíthe náisiúnta agus do dhlíthe an Aontais maidir le faisnéis rúnda agus rúnaicmithe a chosaint. Sula gcuirfear tús leis na babhtaí piarfhoghlama, is féidir leis na Ballstáit féinmheasúnú a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha. Arna iarraidh sin don Ghrúpa Comhair, féadfaidh ENISA treoraíocht a thabhairt maidir leis an bhféinmheasúnú agus na teimpléid ábhartha, i gcás inar gá. D'fhéadfadh na Ballstáit a chinneadh a dtuarascálacha faoi seach a chur ar fáil go poiblí.**

(80) [...]

(81) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme fhorálacha ábhartha na Treorach seo a bhaineann leis na socruithe nós imeachta is gá le haghaidh fheidhmiú an Ghrúpa Comhair, leis na heilimintí teicniúla a bhaineann le bearta bainistíochta riosca nó leis an gcineál faisnéise, leis an bhformáid agus leis an nós imeachta um fhógra a thabhairt faoi theagmhais, **leis na catagóirí eintiteas a cheanglófar orthu úsáid a bhaint as táirgí, seirbhísí agus próisis dheimhnithe TCI áirithe,** ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26].

(82) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an Treoir seo, i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, go háirithe d'fhonn an gá atá le modhnú a chinneadh i bhfianaise athruithe ar dhálaí sochaíocha, polaitiúla, teicneolaíocha nó margaidh.

---

[26] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(83) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon ardleibhéal cibearshlándála coiteann a ghnóthú san Aontas agus, de bharr éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(84) Sa Treoir seo urramaítear na cearta bunúsacha, agus cloítear leis na prionsabail, a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus cumarsáidí a urramú, cosaint sonraí pearsanta, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair cúirte agus an ceart chun éisteacht a fháil. Ba cheart an Treoir seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus leis na prionsabail sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

*Forálacha ginearálta*

*Airteagal 1*

***Ábhar***

1. Leis an Treoir seo leagtar síos bearta d'fhonn ardleibhéal cibearshlándála coiteann a áirithiú laistigh den Aontas **chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú**.

2. Chun na críche sin, leis an Treoir seo:

   (a) leagtar oibleagáidí síos ar na Ballstáit chun go nglacfaidh siad straitéisí cibearshlándála náisiúnta, chun go n-ainmneoidh siad údaráis náisiúnta inniúla, pointí teagmhála aonair agus foirne freagartha do theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna);

   (b) leagtar síos oibleagáidí bainistíochta riosca agus tuairiscithe maidir leis an gcibearshlándáil le haghaidh eintitis de chineál dá dtagraítear [...] in Iarscríbhinn **I agus Iarscríbhinn II**[...];

   (c) leagtar **rialacha agus** oibleagáidí síos maidir le comhroinnt faisnéise cibearshlándála.

*Airteagal 2*

***Raon feidhme***

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le heintitis phoiblí agus phríobháideacha de na cineálacha a liostaítear [...] in [...] **Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II** [...] **a chomhlíonann na huasteorainneacha d'fhiontair mheánmhéide nó a sháraíonn na huasteorainneacha sin** [...] de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún[27]. **Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(4) ná ag an dara fomhír ná ag an tríú fomhír d'Airteagal 6(2) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh sin chun críocha na Treorach seo.**

2. [...]**G**an beann ar [...] mhéid n**a n-eintiteas dá dtagraítear i mír 1**, beidh feidhm ag an Treoir seo freisin **sna cásanna seo a leanas:** [...]

   (a) soláthraíonn ceann de na heintitis seo a leanas na seirbhísí:

      **(i)** **soláthraithe** líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar fáil go poiblí dá dtagraítear i bpointe 8 d'Iarscríbhinn I;

      **(ii)** **soláthraithe cáilithe seirbhíse iontaoibhe dá dtagraítear i bpointe XX d'Iarscríbhinn I;**

      **(iii)** **soláthraithe neamhcháilithe seirbhíse iontaoibhe dá dtagraítear i bpointe XX d'Iarscríbhinn I;**

      (iv) clárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil [...] dá dtagraítear i bpointe 8 d'Iarscríbhinn I;

   (b) [...]

---

[27] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

(c) is soláthraí seirbhíse aonair **i mBallstát** é an t-eintiteas [...] **atá fíor-riachtanach chun gníomhaíochtaí criticiúla sochaíocha nó eacnamaíocha a chothabháil**;

(d) dá dtarlódh suaitheadh sa tseirbhís arna soláthar ag an eintiteas d'fhéadfadh tionchar[...] **suntasach** a bheith aige sin ar an tsábháilteacht phoiblí, ar an tslándáil phoiblí nó ar an tsláinte phoiblí;

(e) dá dtarlódh suaitheadh sa tseirbhís arna soláthar ag an eintiteas d'fhéadfadh rioscaí[...] **suntasach**a sistéamacha teacht as sin, go háirithe do na hearnálacha ina bhféadfadh tionchar trasteorann a bheith ag an suaitheadh sin;

(f) [...];

(g) tugtar tuairisc ar an eintiteas mar eintiteas criticiúil de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil], **[**nó mar eintiteas atá coibhéiseach le heintiteas criticiúil de bhun Airteagal 7 den Treoir sin**]**.

**2a**. **Geag beann ar a méid, tá feidhm ag an Treoir seo freisin maidir le heintitis riaracháin phoiblí rialtas láir atá aitheanta amhlaidh i mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus dá dtagraítear i bpointe 9 d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh na Ballstáit a leagan síos go bhfuil feidhm ag an Treoir seo freisin maidir le heintitis riaracháin phoiblí ar leibhéil réigiúnacha agus áitiúla.**

[28] [cuirtear isteach an teideal iomlán agus an tagairt foilseacháin IO nuair a nochtar iad]

3. [...]

**Tá an Treoir seo gan dochar do fhreagrachtaí na mBallstát an tslándáil náisiúnta a choimirciú nó a gcumhacht feidhmeanna bunriachtanacha eile Stáit a choimirciú, lena n-áirítear iomláine chríochach an Stáit a áirithiú agus an t-ord poiblí a chothabháil.**

**3a. (1) Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas:**

**(a) eintitis nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais agus, ar aon chuma, na heintitis uile a dhéanann gníomhaíochtaí go príomha i réimsí na cosanta, na slándála náisiúnta nó fhorfheidhmiú an dlí , is cuma cén t-eintiteas atá i mbun na ngníomhaíochtaí sin agus más eintiteas poiblí nó eintiteas príobháideach é, gan dochar do phointe (2);**

(b) **eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí i réimsí na mbreithiúna, na bparlaimintí agus na mbainc ceannais.**[...]

**(2) I gcás nach ndéanann eintitis riaracháin phoiblí gníomhaíochtaí sna réimsí sin ach amháin mar chuid dá ngníomhaíochtaí foriomlána, eisiafar iad ina n-iomláine ó raon feidhme na Treorach seo.**

**3aa. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas:**

**(i) gníomhaíochtaí eintiteas a thagann lasmuigh de raon feidhme dhlí an Aontais agus, ar aon chuma, na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta nó leis an gcosaint, is cuma cé acu eintiteas a dhéanann na gníomhaíochtaí sin agus cibé acu eintiteas poiblí nó eintiteas príobháideach é;**

**(ii) gníomhaíochtaí eintiteas sna breithiúna, sna parlaimintí, sna bainc cheannais agus i réimse na slándála poiblí, lena n-áirítear eintitis riaracháin phoiblí a dhéanann gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú.**

**3aaa. Níl sé i gceist leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo faisnéis a sholáthar a bhfuil a nochtadh ag teacht salach ar leasanna fíor-riachtanacha na mBallstát maidir le slándáil náisiúnta, slándáil phoiblí nó cosaint.**

**3aaaa. Tá an Treoir seo gan dochar do dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE.**

**3b. Níl feidhm ag an Treoir seo maidir le heintitis atá díolmhaithe ó Rialachán (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [ Rialachán DORA] i gcomhréir le hAirteagal 2 mír 4 de Rialachán DORA.**

4. Tá feidhm ag an Treoir seo gan dochar do [...][29] [...] Threoracha 2011/93/AE[30] agus 2013/40/AE[31] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

5. Gan dochar d'Airteagal 346 CFAE, ní dhéanfar faisnéis atá rúnda de bhun rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, amhail rialacha maidir le rúndacht gnó, a mhalartú leis an gCoimisiún ná le húdaráis ábhartha eile **de réir na Treorach seo** ach i gcás ina bhfuil gá leis an malartú sin le haghaidh chur i bhfeidhm na Treorach seo. Beidh an fhaisnéis a mhalartaítear teoranta don mhéid atá ábhartha do chríoch an mhalartaithe sin agus don mhéid atá comhréireach leis sin. Leis an malartú faisnéise caomhnófar rúndacht na faisnéise sin agus cosnófar slándáil agus leasanna tráchtála eintiteas fíor-riachtanach nó tábhachtach.

---

[29] [...]

[30] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

[31] Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle (IO L 218, 14.8.2013, lch. 8).

*Airteagal 2bis*

*Eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha*

**1. Maidir leis na heintitis a bhfuil feidhm ag an Treoir seo maidir leo, measfar an méid seo a leanas a bheith fíor-riachtanach:**

**(i) eintitis de chineál dá bhforáiltear i bpointí 1 go 8a agus 10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a sháraíonn na huasteorainneacha d'fhiontair mheánmhéide mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún;**

**(ii) eintitis mheánmhéide dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a) (i);**

**(iii) eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a) (ii) agus pointe (iv) den Treoir seo, gan beann ar mhéid;**

**(iv) eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(2) pointe (g) agus Airteagal 2(2a) den Treoir seo, gan beann ar mhéid;**

**(v) más ag na Ballstáit a bhunaítear iad, eintitis a shainaithin na Ballstáit roimh theacht i bhfeidhm na Treorach seo mar oibreoirí seirbhísí fíor-riachtanacha i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1148 nó leis an dlí náisiúnta;**

**(vi) eintitis a sháraíonn na huasteorainneacha d'fhiontair mheánmhéide mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún de chineál dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a chinneann na Ballstáit go bhfuil siad fíor-riachtanach ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i bpointe (c) go pointe (e) d'Airteagal 2(2);**

**(vii) eintitis mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún a chinneann na Ballstáit go bhfuil siad fíor-riachtanach ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (c) go (e);**

**(viii) micrieintitis nó eintitis bheaga de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún dá bhforáiltear i mír (2), pointe (a) (i) nó a shainaithnítear de bhun mhír (2), phointe (c) go pointe (e) den Airteagal seo, a chinneann na Ballstáit go bhfuil siad fíor-riachtanach ar bhonn measúnuithe riosca náisiúnta.**

**2. Na heintitis a bhfuil feidhm ag an Treoir seo maidir leo, measfar gur eintitis thábhachtacha iad na heintitis seo a leanas:**

**(i) Eintitis de chineál dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a cháilíonn mar ghnóthais mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún agus eintitis den chineál dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a chomhlíonann na huasteorainneacha d'fhiontair mheánmhéide nó a sháraíonn na huasteorainneacha sin de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún[32];**

**(ii) eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(2) pointe (iii) den Treoir seo, gan beann ar mhéid;**

**(iii) eintitis bheaga agus micrieintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(2) (a) (i);**

**(iv) eintitis bheaga agus micrieintitis a chinneann na Ballstáit gur eintitis thábhachtacha iad ar bhonn Airteagal 2(2)(c) go (e).**

---

32 **Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).**

*Airteagal 2a*

*Sásraí fógartha*

1. **Féadfaidh na Ballstáit sásra náisiúnta a bhunú le haghaidh féinfhógra lena gceanglófaí ar gach eintiteas faoi raon feidhme na Treorach seo a n-ainm, a seoladh, a sonraí teagmhála, an earnáil ina n-oibríonn siad nó an cineál seirbhíse a sholáthraíonn siad agus, i gcás inarb infheidhme, liosta de na Ballstáit ina soláthraíonn siad seirbhísí faoi réir na Treorach seo, a thíolacadh chuig na húdaráis inniúla faoin Treoir seo nó chuig comhlachtaí arna n-ainmniú chun an chúspóra sin ag na Ballstáit.**

2. Cuirfidh na Ballstáit [...] faoi bhráid an Choimisiúin**, i dtaca leis na heintitis a shainaithin siad de bhun Airteagal 2(2) pointí (b) go (e), ar a laghad faisnéis ábhartha maidir le líon na n-eintiteas sainaitheanta, an earnáil lena mbaineann siad nó an cineál seirbhíse a sholáthraíonn siad de réir na hIarscríbhinne, agus an fhoráil shonrach nó na forálacha sonracha d'Airteagal 2(2) ar dá réir a sainaithníodh iad faoin [12 mhí tar éis spriocdháta thrasuí na Treorach seo].** Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú ar an [...] **bhfaisnéis seo** [...], ar bhonn tráthrialta, agus gach 2 bhliain ar a laghad dá éis sin agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh siad é a thabhairt cothrom le dáta.

*Airteagal 2b*

*Gníomhartha earnáilsonracha de chuid an Aontais*

**1.** I gcás ina gceanglaítear le [...] gníomhartha earnáilsonracha de chuid an Aontais ar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha [...] bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil a ghlacadh nó fógra a thabhairt faoi theagmhais **mhóra** nó faoi chibearbhagairtí móra [...], agus i gcás ina bhfuil an éifeacht atá leis na ceanglais sin ar a laghad coibhéiseach leis an éifeacht atá leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, ní bheidh feidhm ag forálacha ábhartha na Treorach seo, **lena n-áirítear an fhoráil maidir le maoirseacht agus le forfheidhmiú a leagtar síos i gCaibidil VI,** maidir le h**eintitis den chineál sin**. **Mura gcumhdaítear leis na gníomhartha dlí earnáilsonracha de chuid an Aontais na heintitis uile in earnáil ar leith a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, leanfaidh forálacha ábhartha na Treorach seo d'fheidhm a bheith acu maidir leis na heintitis nach gcumhdaítear leis na forálacha earnáilsonracha sin.**

**2.** **Measfar na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bheith coibhéiseach leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo má fhoráiltear leis an ngníomh a bhaineann earnáilsonrach de chuid an Aontais do rochtain láithreach, go huathoibríoch agus go díreach i gcás inarb iomchuí, ar na fógraí teagmhais arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla faoin Treoir seo nó na CSIRTanna ainmnithe agus más rud é:**

**(a)** **go mbeidh bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil coibhéiseach, ar a laghad, leis na bearta a leagtar síos in Airteagal 18(1) agus (2) den Treoir seo; nó**

**(b)** **go mbeidh na ceanglais maidir le fógra a thabhairt i dtaobh teagmhais shuntasacha coibhéiseach, ar a laghad, leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 20(1) go (6).**

**3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le héifeacht choibhéiseach dá bhforáiltear i mír 1 agus mír 2 den Airteagal seo i ndáil le forálacha earnáilsonracha i ngníomhartha dlí an Aontais. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Comhair agus ENISA agus na hathbhreithnithe tréimhsiúla á n-ullmhú aige.**

*Airteagal 3*

***Comhchuibhiú íosta***

Gan dochar dá n-oibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais, féadfaidh [...] na Ballstáit, forálacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena n-áirithítear leibhéal cibearshlándála níos airde **i réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo**.

*Airteagal 4*

***Sainmhínithe***

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘córas gréasáin agus faisnéise’:

(a) gréasán cumarsáide leictreonaí de réir bhrí Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/1972;

(b) aon ghaireas nó grúpa gaireas idirnasctha nó gaolmhar, a bhfeidhmíonn ceann amháin nó níos mó díobh, de bhun cláir, próiseáil uathoibríoch ar shonraí digiteacha;

(c) sonraí digiteacha arna stóráil, arna bpróiseáil, arna n-aisghabháil nó arna dtarchur leis na heilimintí a chumhdaítear faoi phointí (a) agus (b) chun críocha a n-oibríochta, a n-úsáide, a gcosanta agus a gcoinnithe ar bun;

(2) ciallaíonn 'slándáil córas gréasáin agus faisnéise' cumas córas gréasáin agus faisnéise seasamh in aghaidh, ar leibhéal áirithe muiníne, aon **imeacht** lena bh**féadfar** infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí stóráilte nó tarchurtha nó próiseáilte a chur i mbaol, nó **na** seirbhísí gaolmhara atá á gcur ar fáil a chur i mbaol **[...]**, nó is féidir a rochtain, trí na córais ghréasáin agus faisnéise sin a chur i mbaol;

**(2a) ciallaíonn 'seirbhísí cumarsáide leictreonaí' seirbhísí[....] cumarsáide leictreonaí de réir bhrí Airteagal 2(4) de Threoir (AE) 2018/1972;**

(3) ciallaíonn 'cibearshlándáil' cibearshlándáil de réir bhrí Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33];

(4) Ciallaíonn 'straitéis náisiúnta **chibearshlándála**' [...] creat comhleanúnach de chuid Ballstáit lean gcuirtear rialachas ar fáil chun cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach **i réimse na** [...] **cibearshlándála** [...] sa Bhallstát sin;

(5) ciallaíonn 'teagmhas' aon imeacht lena ndéantar infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht sonraí stóráilte, tarchurtha nó próiseáilte de chuid córais ghréasáin agus faisnéise a chur i mbaol nó lena ndéantar na seirbhísí [...] atá á gcur ar fáil, nó is féidir a rochtain, trí na córais ghréasáin agus faisnéise sin a chur i mbaol;

**(5a) Ciallaíonn 'teagmhas cibearshlándála ar mórscála' teagmhas a bhfuil tionchar suntasach aige ar dhá Bhallstát ar a laghad nó ar mó a shuaitheadh ná acmhainn Ballstáit freagairt air.**

---

**33** Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15).

(6) ciallaíonn 'láimhseáil teagmhas' na gníomhaíochtaí agus na nósanna imeachta uile arb é is aidhm dóibh teagmhas a bhrath, a anailísiú agus a rialú agus freagairt dó;

**(6a) ciallaíonn 'riosca' an poitéinseal atá ann go mbeadh teagmhas ina chúis le caillteanas nó suaitheadh agus déanfar é a shloinneadh mar theaglaim de mhéid an chaillteanais nó an tsuaite sin agus an dóchúlacht go dtarlódh an teagmhas sin.**

(7) ciallaíonn 'cibearbhagairt' cibearbhagairt de réir bhrí Airteagal 2(8) de Rialachán (AE) 2019/881;

(7a) **ciallaíonn 'cibearbhagairt mhór' cibearbhagairt ar féidir glacadh leis, bunaithe ar a saintréithe teicniúla, go bhféadfadh sé tionchar mór a imirt ar chórais gréasán agus faisnéise eintitis nó a úsáideoirí, mar go mbeadh caillteanais mhóra ábhartha nó neamhábhartha ann;**

(8) ciallaíonn 'leochaileacht' laige, soghabháltacht nó fabht shócmhainn nó chóras TCF [...] ar ar féidir teacht i dtír le cibearbhagairt;

**(8a) Ciallaíonn 'neasteagmhais' imeacht a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do chórais ghréasáin agus faisnéise eintitis nó a úsáideoirí, ach ar cuireadh cosc ar bhealach rathúil ar dhéanamh iomlán na díobhála sin;**

(9) ciallaíonn 'ionadaí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá san Aontas agus atá ainmnithe go sainráite chun gníomhú thar ceann i) soláthraí seirbhíse DNS, clárlann ainmneacha fearainn barrleibhéil (TLD), soláthraí seirbhíse néalríomhaireachta, soláthraí seirbhíse lárionaid sonraí, soláthraí líonra soláthair ábhair dá dtagraítear i bpointe 8 d'Iarscríbhinn I nó ii) eintitis dá dtagraítear i bpointe [...] **6** d'Iarscríbhinn II nach bhfuil bunaithe san Aontas, a bhféadfaidh údarás náisiúnta inniúil nó CSIRT díriú orthu seachas an t-eintiteas maidir le hoibleagáidí an eintitis sin faoin Treoir seo;

(10) ciallaíonn ‘caighdeán’ caighdeán de réir bhrí Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34];

(11) ciallaíonn ‘sonraíocht theicniúil’ sonraíocht theicniúil de réir bhrí Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(12) ciallaíonn ‘pointe malartaithe idirlín (IXP)’ saoráid líonra lena gcumasaítear idirnasc breis agus dhá líonra neamhspleácha (córais uathrialacha), go príomha chun malartú tráchta idirlín a éascú; soláthraíonn IXP idirnasc do chórais uathrialacha amháin; le IXP ní cheanglaítear ar an trácht idirlín a théann idir aon dá chóras uathrialacha rannpháirteacha dul tríd an tríú córas uathrialach d’aon chineál, ná ní athraítear an trácht sin ná ní chuirtear isteach air ar bhealach eile leis sin;

(13) ciallaíonn ‘córas ainmneacha fearainn (DNS)’ córas ainmniúcháin dáilte de réir ordlathais lena gceadaítear d’úsáideoirí deiridh teacht ar sheirbhísí agus acmhainní ar an idirlíon;

(14) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse DNS’ eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí taifigh ainm fearainn athchúrsacha nó údarásacha **lena** [...] **n-úsáid ag tríú páirtithe, seachas freastalaithe fréamhainmneacha** [...];

---

[34] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

(15) ciallaíonn 'clárlann ainmneacha fearainn barrleibhéil' eintiteas ar tarmligeadh TLD sonrach chuige agus atá freagrach as TLD sin a riar lena n-áirítear clárú ainmneacha fearainn faoi TLD agus oibríocht theicniúil TLD, lena n-áirítear a fhreastalaithe ainmneacha a oibriú, a bhunachair sonraí a choinneáil ar bun agus comhaid chreasa TLD a dháileadh ar fhreastalaithe ainmneacha**, agus cásanna a eisiamh ag an am céanna ina n-úsáideann clárlann ainmneacha fearainn barrleibhéil lena n-úsáid féin amháin**;

**(15a) ciallaíonn 'eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn don TLD' clárlanna ainmneacha TLD, cláraitheoirí do TLDanna agus gníomhairí do chláraitheoirí amhail athdhíoltóirí agus soláthraithe seachsheirbhísí;**

(16) ciallaíonn 'seirbhís dhigiteach' seirbhís de réir bhrí Airteagal 1(1)(b) de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35];

**(16a) ciallaíonn 'seirbhísí iontaoibhe' seirbhísí iontaoibhe de réir bhrí Airteagal 3(16) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;**

---

35 Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

**(16b) ciallaíonn 'soláthraí cáilithe seirbhíse iontaoibhe' soláthraí cáilithe seirbhíse iontaoibhe de réir bhrí Airteagal 3(20) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;**

(17) ciallaíonn 'margadh ar líne' seirbhís dhigiteach de réir bhrí Airteagal 2 pointe (n) de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36];

(18) ciallaíonn 'inneall cuardaigh ar líne' seirbhís dhigiteach de réir bhrí Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37];

(19) ciallaíonn 'seirbhís néalríomhaireachta' seirbhís dhigiteach lena gcumasaítear riarachán ar éileamh agus cianrochtain leathan ar linn inscálaithe agus leaisteach acmhainní ríomhaireachta inroinnte[...]**, lena n-áirítear nuair a dháiltear ar fud ionaid éagsúla**;

(20) ciallaíonn 'seirbhís lárionaid sonraí' seirbhís lena gcuimsítear struchtúir, nó grúpaí struchtúr, atá tiomnaithe do chóiriú, idirnasc agus oibriú láraithe teicneolaíochta faisnéise agus trealaimh líonra lena soláthraítear seirbhísí stórála, próiseála agus iompair sonraí i dteannta na saoráidí agus na mbonneagar uile le haghaidh dáileadh cumhachta agus rialú comhshaoil;

---

[36] Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma') (IO L 149, 11.6.2005, lch. 22).

[37] Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57).

(21) ciallaíonn 'líonra soláthair ábhair' líonra de fhreastalaithe dáilte go geografach chun infhaighteacht ard, inrochtaineacht nó soláthar mear ábhair agus seirbhísí digiteacha a áirithiú d'úsáideoirí idirlín thar ceann soláthraithe ábhair agus seirbhíse;

(22) ciallaíonn 'ardán seirbhísí líonraithe shóisialta' ardán lena gcumasaítear d'úsáideoirí deiridh nascadh le chéile agus nithe a chomhroinnt agus a aimsiú le chéile agus a chur in iúl dá chéile thar ghairis iomadúla, agus go háirithe, trí bhíthin comhráite, postálacha, físeán agus moltaí[...];

(23) ciallaíonn 'eintiteas riaracháin phoiblí' eintiteas **a aithnítear mar sin i mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta,** [...] a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) bunaítear é chun riachtanais leasa ghinearálta a chomhlíonadh agus níl carachtar tionscail ná tráchtála aige;

(b) Tá pearsantacht dhlítheanach aici **nó tá sí i dteideal gníomhú de réir dlí thar ceann eintiteas eile ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach**;

(c) tá sé maoinithe, den chuid is mó, ag an Stát, ag an údarás réigiúnach, nó ag comhlachtaí eile arna rialú leis an dlí poiblí; nó tá sé faoi réir mhaoirseacht bainistíochta na n-údarás nó na gcomhlachtaí sin; tá bord riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta aige, a bhfuil níos mó ná leath a chomhaltaí ceaptha ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó ag comhlachtaí eile a rialaítear leis an dlí poiblí;

(d) tá an chumhacht aige cinntí riaracháin nó rialála lena ndéantar difear dá gcearta i ngluaisteacht trasteorann daoine, earraí, seirbhísí nó caipitil a chur faoi réir daoine nádúrtha nó dlítheanacha.

(24) ciallaíonn 'eintiteas' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá cruthaithe agus aitheanta amhlaidh faoi dhlí náisiúnta a áite bunaíochta, a fhéadfaidh, ag gníomhú dó faoina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí;

(25) ciallaíonn 'eintiteas fíor-riachtanach' aon eintiteas de chineál [...] **dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I agus a ainmnítear mar 'eintiteas fíor-riachtanach' i gcomhréir le hAirteagal 2bis(1);**

(26) ciallaíonn 'eintiteas tábhachtach' aon eintiteas den chineál [...] **dá bhforáiltear in Iarscríbhinní I agus II a ainmnítear mar 'eintiteas tábhachtach' i gcomhréir le hAirteagal 2bis(2)**.

**(26a) ciallaíonn 'táirge TCF' táirge TCF de réir bhrí Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) 2019/881;**

**(26aa) ciallaíonn 'seirbhís TCF' seirbhís TCF de réir bhrí Airteagal 2(13) de Rialachán (AE) 2019/881;**

**(26ab) ciallaíonn 'próiseas TCF' próiseas TCF de réir bhrí Airteagal 2(14) de Rialachán (AE) 2019/881.**

**(26ac) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse bainistithe' aon eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí, amhail líonra, feidhmchlár, bonneagar agus slándáil, trí bhainistíocht leanúnach rialta, tacaíocht agus riarachán gníomhach ar áitreabh custaiméirí, i lárionad sonraí a MSP (óstáil), nó i lárionad sonraí tríú páirtí.**

**(26ad) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí slándála bainistithe' aon eintiteas a sholáthraíonn faireachán agus bainistiú seachfhoinsithe ar fheistí agus ar chórais slándála. I measc na seirbhísí coitianta tá balla dóiteáin bainistithe, brath ionraidh, líonra príobháideach fíorúil, seirbhísí scanta leochaileachta agus seirbhísí frith-víreasacha.**

**Áirítear leis freisin úsáid a bhaint as ionaid oibríochtaí slándála ard-infhaighteachta (óna saoráidí féin nó ó sholáthraithe eile lárionaid sonraí) chun seirbhísí 24/7 a chur ar fáil atá ceaptha líon na bpearsanra slándála oibríochtúla a bhfuil gá ag fiontar leo a laghdú chun staidíocht slándála inghlactha a fhostú, a oiliúint agus a chothabháil.**

# CAIBIDIL II

*Creataí rialála comhordaithe maidir leis an gcibearshlándáil*

*Airteagal 5*

***Straitéis náisiúnta chibearshlándála***

1. Glacfaidh gach Ballstát straitéis náisiúnta chibearshlándála lena sainítear na cuspóirí straitéiseacha agus bearta beartais agus rialála iomchuí d'fhonn ardleibhéal cibearshlándála a bhaint amach agus a choinneáil ar bun. Áireofar leis an straitéis náisiúnta chibearshlándála an méid seo a leanas go háirithe:

   (a) [...] cuspóirí agus tosaíochtaí straitéis chibearshlándála na mBallstát;

   (b) creat rialachais chun na cuspóirí agus na tosaíochtaí sin a ghnóthú, lena n-áirítear na beartais dá dtagraítear i mír 2 agus róil agus freagrachtaí na n-údarás agus na ngníomhaithe éagsúla atá rannpháirteach i gcur chun feidhme na straitéise [...];

   (c) [...] **treoraíocht** chun sócmhainní ábhartha agus rioscaí cibearshlándála a shainaithint sa Bhallstát sin[...]

   (d) sainaithint na mbeart lena n-áirithítear ullmhacht, freagairt agus téarnamh i leith teagmhas, lena n-áirítear an comhar idir na hearnálacha poiblí agus príobháideacha;

   (e) [...]

(f) creat beartais le haghaidh comhordú feabhsaithe idir na húdaráis inniúla faoin Treoir seo agus faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil] chun faisnéis a chomhroinnt maidir le **rioscaí cibearshlándála,** [...] cibearbhagairtí **agus cibeartheagmhais, chomh maith le rioscaí, bagairtí agus teagmhais nach bhfuil cibirghné ag baint leo** agus maidir le cúraimí maoirseachta a fheidhmiú**, de réir mar is iomchuí**;

**(fa) creat beartais le haghaidh comhordú agus comhar idir na húdaráis inniúla faoin Treoir seo agus údaráis inniúla arna n-ainmniú faoi reachtaíocht earnáil-shonrach.**

2. Mar chuid den straitéis náisiúnta chibearshlándála, glacfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas go háirithe:

(a) beartas lena dtugtar aghaidh ar an gcibearshlándáil sa slabhra soláthair le haghaidh táirgí agus seirbhísí TFC a úsáideann eintitis [...] chun seirbhísí a sholáthar;

(b) **beartas** [...] maidir le ceanglais a bhaineann leis an gcibearshlándáil a áireamh agus a shonrú le haghaidh táirgí agus seirbhísí TFC sa soláthar poiblí**, lena n-áirítear deimhniú cibearshlándála**;

(c) beartas **maidir le leochaileachtaí a bhainistiú, lena gcuimsítear** nochtadh comhordaithe leochaileachta **[...] deonach a chur chun cinn agus a éascú** de réir bhrí Airteagal 6**(1)**;

(d) beartas a bhaineann le hinfhaighteacht**,** [...] sláine **agus rúndacht ghinearálta** chroí poiblí an idirlín oscailte a choinneáil;

(e) beartas maidir le h**oideachas agus oiliúint**, scileanna, múscailt feasachta agus tionscnaimh taighde agus forbartha i leith na cibearshlándála a chur chun cinn agus a fhorbairt;

---

[38] *[cuirtear isteach an teideal iomlán agus an tagairt foilseacháin IO nuair a nochtar iad]*

(f) beartas maidir le tacú le hinstitiúidí acadúla agus taighde chun uirlisí cibearshlándála agus bonneagar líonra slán a fhorbairt;

(g) beartas, nósanna imeachta ábhartha agus uirlisí iomchuí um chomhroinnt faisnéise chun tacú le comhroinnt faisnéise dheonach cibearshlándála idir cuideachtaí i gcomhréir le dlí an Aontais;

(h) beartas lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha FBManna, go háirithe iad sin atá eisiata ó raon feidhme na Treorach seo, i ndáil le treoraíocht agus tacaíocht chun feabhas a chur ar a n-athléimneacht i leith cibearbhagairtí[...].

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoina straitéisí náisiúnta cibearshlándála laistigh de 3 mhí ón uair a ghlactar iad. **Á dhéanamh amhlaidh dóibh,** féadfaidh na Ballstáit **eilimintí den straitéis a bhaineann leis [...]** an tslándáil náisiúnta a eisiamh.

4. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a straitéisí náisiúnta cibearshlándála ar bhonn tráthrialta agus gach [...] **5** bliana ar a laghad ar bhonn príomhtháscairí feidhmíochta agus, i gcás inar gá, leasóidh siad iad. Tabharfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) cúnamh do na Ballstáit, ar a iarraidh sin **dóibh**, chun straitéis náisiúnta agus príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar an straitéis.

*Airteagal 6*

***Nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí agus clárlann leochaileachta Eorpach***

1. Ainmneoidh gach Ballstát ceann dá CSIRTanna dá dtagraítear in Airteagal 9 mar chomhordaitheoir chun críoch nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí. Gníomhóidh CSIRT ainmnithe mar idirghníomhaí iontaofa, agus éascóidh sé, i gcás inar gá, an idirghníomhaíocht idir an t-eintiteas tuairiscithe**, úinéir na leochaileachta féideartha** agus monaróir nó soláthraí táirgí TFC nó seirbhísí TFC. **Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, go hanaithnid b'fhéidir, leochaileacht dá dtagraítear in Airteagal 4(8) a thuairisciú don CSIRT ainmnithe. Áiritheoidh an CSIRT ainmnithe go ndéanfar obair leantach dícheallach ar an tuarascáil agus ar rúndacht agus céannacht an duine a thuairiscíonn an leochaileacht.** I gcás **ina bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag an leochaileacht a tuairiscíodh [...] ar eintitis i mbreis agus Ballstát amháin**, féadfaidh**, i gcás inarb iomchuí,** CSIRT ainmnithe gach Ballstáit comhar a dhéanamh **le CSIRTanna ainmnithe eile laistigh** de líonra CSIRTanna.

2. Déanfaidh ENISA clárlann Eorpach um leochaileachtaí a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, **i gcomhairle leis an nGrúpa Comhair**. Chun na críche sin, déanfaidh ENISA na córais faisnéise, na beartais agus na nósanna imeachta iomchuí a bhunú agus a choinneáil ar bun go háirithe d'fhonn a chur ar a gcumas d'eintitis thábhachtacha agus fhíor-riachtanacha agus dá soláthróirí líonraí agus córas faisnéise leochaileachtaí i dtáirgí TFC nó i seirbhísí TFC**, atá ar eolas go poiblí,** a nochtadh agus a chlárú**, ar bhonn deonach,** chomh maith le rochtain a sholáthar do na páirtithe leasmhara uile ar an bhfaisnéis faoi leochaileachtaí atá sa chlárlann. Go háirithe, áireofar sa chlárlann faisnéis lena dtugtar tuairisc ar an leochaileacht, ar an táirge TFC nó ar na seirbhísí TFC dá ndéantar difear agus ar dhéine na leochaileachta ó thaobh na n-imthosca faoina bhféadfar teacht i dtír uirthi, ar infhaighteacht paistí gaolmhara agus, in éagmais paistí a bheith ar fáil, treoraíocht, **arna heisiúint ag údaráis náisiúnta inniúla nó ag CSIRTanna**, dírithe chuig úsáideoirí táirgí agus seirbhísí leochaileacha maidir leis an mbealach a bhféadfar na rioscaí a thagann as leochaileachtaí nochta a mhaolú. **Áiritheoidh ENISA go mbainfidh an chlárlann Eorpach um leochaileachta úsáid as bonneagar cumarsáide agus faisnéise atá slán agus athléimneach.**

*Airteagal 7*

***Creataí bainistíochta géarchéime náisiúnta maidir leis an gcibearshlándáil***

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó chun teagmhais agus géarchéimeanna **cibearshlándála** ar mórscála a bhainistiú. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag údaráis inniúla chun na cúraimí a shanntar dóibh a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil. **Áiritheoidh na Ballstáit comhleanúnachas leis na creataí atá ann cheana le haghaidh bainistíocht géarchéime ghinearálta.**

2. Sainaithneoidh gach Ballstát cumais, sócmhainní agus nósanna imeachta is féidir a shannadh i gcás géarchéime chun críocha na Treorach seo.

3. Glacfaidh gach Ballstát plean náisiúnta maidir le teagmhais chibearshlándála agus freagairt ar ghéarchéimeanna cibearshlándála ina ndéantar na cuspóirí agus na módúlachtaí i leith bainistíocht a dhéanamh ar theagmhais agus géarchéimeanna ar mórscála maidir leis an gcibearshlándáil a leagan amach. Leagfar amach an méid seo a leanas, go háirithe, leis an bplean:

   (a) cuspóirí i leith bearta agus gníomhaíochtaí náisiúnta maidir leis an ullmhacht;

   (b) cúraimí agus freagrachtaí údarás náisiúnta inniúil;

   (c) Nósanna imeachta um bainistíocht géarchéime maidir leis an gcibearshlándáil, **lena n-áirítear iad a chomhtháthú sa chreat náisiúnta ginearálta bainistíochta géarchéime** agus sna cainéil malartaithe faisnéise;

   (d) bearta ullmhachta, lena n-áirítear cleachtaí agus gníomhaíochtaí oiliúna tráthrialta;

   (e) páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha [...] ábhartha agus an bonneagar lena mbaineann;

   (f) nósanna imeachta agus socruithe náisiúnta idir údaráis agus comhlachtaí náisiúnta ábhartha chun rannpháirtíocht éifeachtach na mBallstát a áirithiú i mbainistíocht chomhordaithe a dhéanamh ar theagmhais agus géarchéimeanna cibearshlándála ar mórscála ar leibhéal an Aontais agus chun a áirithiú go dtacóidh siad leis sin.

4. **Cuirfidh** na Ballstáit ainmniú a n-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 **in iúl** don Choimisiún agus cuirfidh siad isteach **faisnéis ábhartha a bhaineann le ceanglais mhír 3 den Airteagal seo faoina** bpleananna náisiúnta maidir le teagmhais chibearshlándála agus freagairt ar ghéarchéimeanna cibearshlándála [...] laistigh de 3 mhí ó ainmniú agus glacadh na bpleananna sin. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis shonrach a eisiamh [...] i gcás ina bhfuil [...] gá leis sin agus a mhéid atá gá leis sin ar mhaithe lena slándáil náisiúnta, **a slándáil phoiblí nó a gcosaint**.

*Airteagal 8*

***Údaráis náisiúnta inniúla agus pointí teagmhála aonair***

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as an gcibearshlándáil agus as na cúraimí maoirseachta dá dtagraítear i gCaibidil VI den Treoir seo. Féadfaidh na Ballstáit údarás atá ann cheana nó údaráis atá ann cheana a ainmniú chun na críche sin.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 faireachán ar chur i bhfeidhm na Treorach seo ar an leibhéal náisiúnta.

3. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta amháin maidir leis an gcibearshlándáil (‘pointe teagmhála aonair’). I gcás nach n-ainmníonn Ballstát ach údarás inniúil amháin, beidh an t-údarás inniúil sin ina phointe teagmhála aonair freisin le haghaidh an Bhallstáit sin.

4. Feidhmeoidh gach pointe teagmhála aonair feidhm idirchaidrimh chun comhar trasteorann údaráis a Bhallstáit a áirithiú leis na húdaráis ábhartha i mBallstáit eile, chomh maith leis an gcomhar trasearnála a áirithiú le húdaráis náisiúnta inniúla eile laistigh dá Bhallstát.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 agus ag na pointí teagmhála aonair chun na cúraimí a shanntar dóibh a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil agus ar an mbealach sin chun cuspóirí na Treorach seo a chomhlíonadh. Áiritheoidh na Ballstáit comhar éifeachtach, éifeachtúil agus slán idir na hionadaithe ainmnithe sa Ghrúpa Comhair dá dtagraítear in Airteagal 12.

6. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún, gan moill mhíchuí, faoi ainmniú an údaráis inniúil dá dtagraítear i mír 1 agus faoi ainmniú pointe teagmhála aonair dá dtagraítear i mír 3, faoina gcúraimí, agus faoi aon athrú orthu ina dhiaidh sin. Poibleoidh gach Ballstát a ainmniú. Foilseoidh an Coimisiún an liosta de na pointí teagmhála ainmnithe aonair.

*Airteagal 9*

***Foirne freagartha ar theagmhais a bhaineann le slándáil ríomhairí (CSIRTanna)***

1. Ainmneoidh gach Ballstát CSIRT amháin nó níos mó a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10(1), lena gcumhdaítear ar a laghad na hearnálacha, na fo-earnálacha nó na heintitis dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II, agus a bheidh freagrach as láimhseáil teagmhas i gcomhréir le próiseas dea-shainithe. Féadfar CSIRT a bhunú laistigh d'údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 8.

2. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag gach CSIRT chun a chúraimí a dhéanamh ar bhealach éifeachtach mar a leagtar amach in Airteagal 10(2). **Agus na cúraimí sin á ndéanamh acu, féadfaidh CSIRTanna tosaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí áirithe d'eintitis ar bhonn cur chuige rioscabhunaithe.**

3. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh bonneagar cumarsáide agus faisnéise iomchuí, slán agus athléimneach ar fáil ag gach CSIRT chun faisnéis a mhalartú le heintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. Chun na críche sin, áiritheoidh na Ballstáit go rannchuideoidh CSIRTanna le sannadh uirlisí um chomhroinnt faisnéise.

4. Rachaidh CSIRTanna i gcomhar le pobail earnála nó trasearnála iontaofa eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach agus, i gcás inarb iomchuí, malartóidh siad faisnéis ábhartha leo i gcomhréir le hAirteagal 26..

5. Beidh CSIRTanna rannpháirteach i bpiar[...]**fhoghlaim** a eagraítear i gcomhréir le hAirteagal 16.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh a CSIRTanna i gcomhar go héifeachtach, go héifeachtúil agus go slán i líonra CSIRTanna dá dtagraítear in Airteagal 13.

7. Déanfaidh na Ballstáit na CSIRTanna arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 1, an comhordaitheoir CSIRT arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 6(1) agus a gcúraimí faoi seach arna soláthar i ndáil leis na heintitis dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a chur in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí.

8. Féadfaidh na Ballstáit cúnamh a iarraidh ar ENISA chun CSIRTanna náisiúnta a fhorbairt.

*Airteagal 10*

***Ceanglais agus cúraimí CSIRTanna***

1. Comhlíonfaidh CSIRTanna na ceanglais seo a leanas:

   (a) Áiritheoidh CSIRTanna go mbeidh a [...] **gcainéil** chumarsáide ar fáil ar ardleibhéal trí phointí aonair mainneachtana a sheachaint, agus beidh roinnt modhanna acu chun go ndéanfar teagmháil leo agus chun teagmháil a dhéanamh le daoine eile gach tráth. Sonróidh CSIRTanna na cainéil chumarsáide go soiléir agus cuirfidh siad páirtnéirí toghlaigh agus comharchumainn ar an eolas fúthu;

   (b) Beidh áitreabh CSIRTanna agus na córais faisnéise tacaíochta lonnaithe i suíomhanna slána;

(c) Beidh CSIRTanna feistithe le córas iomchuí chun iarrataí a bhainistiú agus a ródú, go háirithe, chun aistrithe éifeachtacha agus éifeachtúla a éascú;

(d) Beidh a ndóthain foirne ag CSIRTanna chun an infhaighteacht a áirithiú gach tráth;

(e) Beidh CSIRTanna feistithe le córais iomarcacha agus spás oibre cúltaca chun leanúnachas a seirbhísí a áirithiú;

(f) Beidh an deis ag CSIRTanna a bheith rannpháirteach i líonraí comhair idirnáisiúnta.

2. Beidh na cúraimí seo a leanas ar na CSIRTanna:

(a) faireachán a dhéanamh ar chibearbhagairtí, cibirleochaileachtaí agus cibirtheagmhais ar an leibhéal náisiúnta;

(b) luathrabhaidh, foláirimh agus fógraí a sholáthar agus faisnéis a scaipeadh ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha agus ar **údaráis inniúla agus** ar pháirtithe leasmhara ábhartha eile maidir le cibearbhagairtí, cibirleochaileachtaí agus cibirtheagmhais;

(c) freagairt a thabhairt ar theagmhais;

(d) sonraí fóiréinseacha a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu agus anailís ar riosca dinimiciúil agus ar theagmhais agus feasacht staide a sholáthar maidir leis an gcibearshlándáil;

(e) **[...]** scanadh réamhghníomhach a sholáthar ar na córais ghréasáin agus faisnéise [...] **chun leochaileachtaí a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu a bhrath ar choinníoll, i gcás nach mbeidh aon toiliú ón eintiteas sin, nach gcuirfear isteach ar na córais ghréasáin agus faisnéise ná nach mbeidh tionchar diúltach ar a bhfeidhmiú;**

(f) a bheith rannpháirteach i líonra CSIRTanna agus cúnamh frithpháirteach a sholáthar**, de réir a n-acmhainneachtaí agus a n-inniúlachtaí,** do chomhaltaí eile an líonra arna iarraidh sin.

**(fa) i gcás inarb infheidhme, gníomhú mar chomhordaitheoir chun críoch an phróisis chomhordaithe um nochtadh leochaileachta de bhun Airteagal 6(1) lena n-áireofar go háirithe an idirghníomhaíocht idir na heintitis tuairiscithe, an t-úinéir leochaileachta féideartha agus monaróir nó soláthraí táirgí TFC nó seirbhísí TFC a éascú i gcásanna inar gá sin, eintitis lena mbaineann a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leo, tacú le heintitis tuairiscithe, teorainneacha ama nochta a chaibidliú agus leochaileachtaí a bhainistiú a dhéanann difear d'eagraíochtaí iomadúla (nochtadh leochaileachta comhordaithe ilpháirtí).**

3. Bunóidh CSIRTanna caidrimh chomhair le gníomhaithe ábhartha san earnáil phoiblí, d’fhonn cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú ar bhealach níos fearr.

**3a. Féadfaidh CSIRTanna caidrimh chomhair a bhunú le CSIRTanna náisiúnta tríú tíortha. Mar chuid den chomhar sin, féadfaidh siad faisnéis ábhartha, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhalartú le chéile i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí.**

4. Chun an comhar a éascú, déanfaidh CSIRTanna glacadh agus úsáid cleachtas, scéimeanna agus tacsanomaíochtaí coiteanna nó caighdeánaithe a chur chun cinn i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta um láimhseáil teagmhas;

(b) bainistíocht géarchéime maidir leis an gcibearshlándáil;

(c) nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí.

*Airteagal 11*

***An comhar ar an leibhéal náisiúnta***

1. I gcás ina bhfuil siad ar leithligh, oibreoidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 8, an pointe teagmhála aonair agus CSIRT(anna) de chuid an Bhallstáit chéanna i gcomhar le chéile maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh a n-údaráis inniúla nó a CSIRTanna fógraí faoi theagmhais, agus faoi chibearbhagairtí agus neasteagmhais mhóra arna gcur isteach de bhun na Treorach seo. I gcás ina gcinneann Ballstát nach bhfaighidh a CSIRTanna na fógraí sin, tabharfar rochtain do CSIRTanna, a mhéid is gá chun a gcúraimí a dhéanamh, ar shonraí maidir le teagmhais a mbeidh fógra tugtha ag na heintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha fúthu, de bhun Airteagal 20.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a údaráis inniúla nó a CSIRTanna a bpointe teagmhála aonair a chur ar an eolas faoi fhógraí faoi theagmhais, faoi chibearbhagairtí agus faoi neasteagmhais mhóra arna gcur isteach de bhun na Treorach seo.

4. A mhéid is gá chun na cúraimí agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh comhar iomchuí idir na húdaráis inniúla, **CSIRTanna**, pointí teagmhála aonair agus na húdaráis forfheidhmithe dlí, na húdaráis cosanta sonraí, agus na húdaráis **inniúla arna n-ainmniú** [...] de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil], **na húdaráis inniúla faoi Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/1583 ón gCoimisiún, na húdaráis rialála náisiúnta arna n-ainmniú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1972, na húdaráis náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,** [...] na húdaráis airgeadais náisiúnta arna n- ainmniú i gcomhréir le Rialachán (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Rialachán DORA]**, chomh maith leis an húdaráis inniúla arna n-ainmniú le gníomhartha dlí earnáil-shonracha eile de chuid an Aontais,** laistigh den Bhallstát sin.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla **faoin Treoir seo agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil]** [...] faisnéis a **mhalartú le chéile** [...] go tráthrialta maidir le sainaithint eintiteas criticiúil, rioscaí cibearshlándála, cibear**bhagairtí agus cibeartheagmhas, chomh maith le rioscaí, bagairtí agus teagmhais nach bhfuil cibirghné ag baint leo**, lena ndéantar difear d'eintitis fhíor-riachtanacha a shainaithint mar eintitis chriticiúla, **[**nó mar eintitis atá coibhéiseach le heintitis chriticiúla,**]** de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil], chomh maith leis na bearta arna ndéanamh [...] mar fhreagairt ar na rioscaí agus ar na teagmhais sin. **Áiritheoidh na Ballstáit freisin go ndéanfaidh na húdaráis inniúla faoin Treoir [...] seo agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi Rialachán XXXX/XXXX [Rialachán DORA], Treoir 2018/1972 agus Rialachán (AE) 910/2014 faisnéis ábhartha a mhalartú le chéile go tráthrialta.**

Maidir **le** soláthraithe seirbhíse iontaoibhe agus [...] go háirithe [...] i gcásanna ina sanntar an ról maoirseachta sin faoin Treoir seo do chomhlacht eile seachas comhlachtaí maoirseachta arna n-ainmniú de bhun Rialachán (AE) 910/2014, rachaidh na húdaráis inniúla náisiúnta faoin Treoir i ndlúthchomhar le chéile agus ar bhealach tráthúil, tríd an bhfaisnéis ábhartha a mhalartú le chéile chun maoirseacht éifeachtach a áirithiú agus chun a áirithiú go gcomhlíonann na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo agus i Rialachán [XXXX/XXXX] **agus i gcás inarb infheidhme, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta faoin Treoir seo, gan moill mhíchuí, comhlacht maoirseachta eIDAS ar an eolas faoi aon chibearbhagairt nó cibirtheagmhas mór faoina dtugtar fógra a mbeadh tionchar acu ar sheirbhísí iontaoibhe.**

**5a. Chun [...] tuairisciú teagmhas slándála a shimpliú, féadfaidh na Ballstáit pointe iontrála aonair a bhunú le haghaidh na bhfógraí uile a cheanglaítear faoin Treoir seo, agus faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE, i gcás inarb iomchuí. Féadfaidh na Ballstáit an pointe iontrála aonair a úsáid le haghaidh fógraí a cheanglaítear faoi ghníomhartha dlí earnáilsonracha eile de chuid an Aontais. Ní dhéanfaidh an pointe iontrála aonair seo difear do chur i bhfeidhm fhorálacha Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE, go háirithe na forálacha sin a bhaineann le húdaráis mhaoirseachta neamhspleácha.**

# CAIBIDIL III

*Comhar **AE***

*Airteagal 12*

***Grúpa Comhair***

1. Chun tacú le comhar straitéiseach agus le malartú faisnéise i measc na mBallstát, agus chun an méid sin a éascú,[...] **chomh maith le hiontaoibh agus muinín ina measc a neartú** [...], bunaítear Grúpa Comhair.

2. Déanfaidh an Grúpa Comhair a chúraimí ar bhonn cláir oibre dhébhliantúla dá dtagraítear i mír 6.

3. Beidh an Grúpa Comhair comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ó ENISA. Beidh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhair mar bhreathnóir. Féadfaidh Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha **agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi Rialachán (AE) XXXX/XXXX [Rialachán DORA] [...]** a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Ghrúpa Comhair **i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) XXXX/XXXX [Rialachán DORA].**

   I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Grúpa Comhair a iarraidh ar ionadaithe ó gheallsealbhóirí ábhartha a bheith rannpháirteach ina obair.

   Soláthróidh an Coimisiún an rúnaíocht.

4. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an nGrúpa Comhair:

   (a) treoraíocht a sholáthar d'údaráis inniúla i ndáil le trasuí agus cur chun feidhme na Treorach seo;

   **(aa) treoraíocht a thabhairt i dtaca le forbairt agus cur chun feidhme beartas maidir le nochtadh comhordaithe leochaileachta dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(c) agus in Airteagal 6(1)**;

(b) dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú le chéile i ndáil le cur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear i ndáil le cibearbhagairtí, cibirtheagmhais, cibirleochaileachtaí, neasteagmhais, tionscnaimh múscailte feasachta, oiliúintí, cleachtaí agus scileanna, fothú acmhainneachta chomh maith le caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla;

(c) comhairle a mhalartú agus dul i gcomhar leis an gCoimisiún maidir le tionscnaimh beartais maidir leis an gcibearshlándáil atá ag teacht chun cinn;

(d) comhairle a mhalartú agus dul i gcomhar leis an gCoimisiún maidir le dréachtghníomhartha cur chun feidhme [...] ón gCoimisiún arna nglacadh de bhun na Treorach seo;

(e) dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais;

**(ea) tuairimí a mhalartú maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta earnála ina bhfuil cibirghnéithe;**

(f) tuarascálacha a phlé maidir leis an [...] bpiarfhoghlaim dá dtagraítear in Airteagal 16(7);

(g) an **taithí** [...] ó ghníomhaíochtaí maoirseachta comhpháirteacha a phlé i gcásanna trasteorann dá dtagraítear in Airteagal 34;

(h) treoraíocht straitéiseach a sholáthar do líonra CSIRTanna **agus do AE- CyCLONe** maidir le saincheisteanna sonracha atá ag teacht chun cinn;

**(ha) tuairimí a mhalartú maidir leis an obair leantach a dhéantar ar bheartais i ndáil le teagmhais chibearshlándála ar mórscála ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh ó líonra CSIRTanna agus ó AE- CyCLONe;**

(i) rannchuidiú le cumais chibearshlándála ar fud an Aontais trí mhalartú oifigeach náisiúnta a éascú trí chlár fothaithe acmhainneachta lena mbaineann comhaltaí foirne ó údaráis inniúla nó CSIRTanna na mBallstát;

(j) cruinnithe comhpháirteacha tráthrialta a eagrú go tráthrialta le páirtithe leasmhara ábhartha príobháideacha ó gach cearn den Aontas chun gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGrúpa a phlé agus ionchur a bhailiú maidir le dúshláin bheartais atá ag teacht chun cinn;

(k) an obair arna déanamh i ndáil le cleachtaí cibearshlándála, lena n-áirítear an obair arna déanamh ag ENISA, a phlé**;**

**(ka) an sásra piarfhoghlama a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 16 den Treoir seo.**

5. Féadfaidh an Grúpa Comhair tuarascáil theicniúil a iarraidh ar líonra CSIRTanna maidir le hábhair roghnaithe.

6. Faoi … [ 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach 2 bhliain dá éis sin, bunóidh an Grúpa Comhair clár oibre i dtaca le gníomhaíochtaí atá le déanamh chun a chuspóirí agus a chúraimí a chur chun feidhme. Beidh achar ama an chéad chláir a ghlactar faoin Treoir seo ailínithe le hachar ama an chláir deiridh a ghlactar faoi Threoir (AE) 2016/1148.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe nós imeachta is gá le haghaidh fheidhmiú an Ghrúpa Comhair. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

8. Tiocfaidh an Grúpa Comhair le chéile go tráthrialta agus uair sa bhliain ar a laghad le Grúpa na nEintiteas Criticiúil maidir leis an Athléimneacht arna bhunú faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil] chun comhar straitéiseach agus malartú faisnéise a chur chun cinn agus a **éascú**.

*Airteagal 13*

***Líonra CSIRTanna***

1. Chun rannchuidiú le muinín agus le hiontaoibh a fhorbairt agus chun comhar oibríochtúil mear agus éifeachtach a chur chun cinn i measc na mBallstát, bunaítear líonra de CSIRTanna náisiúnta.

2. Beidh líonra CSIRTanna comhdhéanta d’ionadaithe ó CSIRTanna na mBallstát agus CERT-EU arna n-ainmniú i gcomhréir le **hAirteagal 9** agus CERT–EU. Beidh an Coimisiún rannpháirteach i líonra CSIRTanna mar bhreathnóir. Soláthróidh ENISA an rúnaíocht agus tacóidh sé go gníomhach leis an gcomhar i measc na CSIRTanna.

3. Beidh na cúraimí seo a leanas ar líonra CSIRTanna:

(a) faisnéis faoi chumais CSIRTanna a mhalartú;

(b) faisnéis ábhartha maidir le teagmhais, neasteagmhais, cibearbhagairtí, cibir-rioscaí agus cibirleochaileachtaí a mhalartú;

**(ba) faisnéis a mhalartú faoi fhoilseacháin agus moltaí cibearshlándála;**

**(bb) réitigh theicniúla a chomhroinnt lena n-éascaítear láimhseáil theicniúil teagmhas;**

**(bc) dea-chleachtais, uirlisí agus próisis a mhalartú maidir le cúraimí CSIRTanna;**

(c) arna iarraidh sin do [...] **chomhalta** de líonra CSIRT**anna** a bhféadfadh sé go ndéanfaí difear dó de dheasca teagmhais, faisnéis a mhalartú agus a phlé i ndáil leis an teagmhas sin agus le cibearbhagairtí, cibir-rioscaí agus cibirleochaileachtaí gaolmhara;

(d) arna iarraidh sin do [...] **chomhalta** de líonra CSIRT, freagairt chomhordaithe ar theagmhas a sainaithníodh laistigh de dhlínse an Bhallstáit sin a phlé agus, i gcás inar féidir, a chur chun feidhme;

(e) tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar theagmhais trasteorann de bhun na Treorach seo;

(f) dul i gcomhar, agus **dea-chleachtais a mhalartú** le CSIRTanna ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 6 agus cúnamh a thabhairt dóibh maidir le bainistíocht a dhéanamh ar nochtadh ilpháirtí comhordaithe na leochaileachtaí lena ndéantar difear d’ilmhonaróirí nó ilsholáthraithe táirgí TFC, sheirbhísí TFC agus phróisis TFC arna mbunú i mBallstáit éagsúla;

(g) tuilleadh foirmeacha den chomhar oibríochtúil a phlé agus a shainaithint, lena n-áirítear i ndáil leis an méid seo a leanas:

(i) catagóirí cibearbhagairtí agus cibirtheagmhas;

(ii) luathrabhaidh;

(iii) cúnamh frithpháirteach;

(iv) prionsabail agus módúlachtaí le haghaidh comhordú mar fhreagairt ar rioscaí trasteorann agus ar theagmhais trasteorann;

(v) rannchuidiú leis an bplean náisiúnta maidir le teagmhais chibearshlándála agus freagairt ar ghéarchéimeanna cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 7(3) **arna iarraidh sin do Bhallstát**;

(h) an Grúpa Comhair a chur ar an eolas faoina ghníomhaíochtaí agus faoi na foirmeacha eile den chomhar oibríochtúil arna bplé de bhun phointe (g), **agus,** i gcás inar gá, agus treoraíocht á hiarraidh maidir leis sin;

(i) breithniú a dhéanamh ar chleachtaí cibearshlándála, lena n-áirítear na cleachtaí sin arna n-eagrú ag ENISA;

(j) arna iarraidh sin do CSIRT aonair, plé a dhéanamh ar chumais agus ullmhacht an CSIRT sin;

(k) dul i gcomhar le Lárionaid Oibríochtaí Slándála ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais, agus faisnéis a mhalartú leo, chun feabhas a chur ar fheasacht staide choiteann ar theagmhais agus ar bhagairtí ar fud an Aontais;

(l) tuarascálacha ar [...] phiar**fhoghlaim** dá dtagraítear in Airteagal 16(7) a phlé;

(m) treoirlínte a eisiúint chun cóineasú cleachtas oibríochtúil a éascú maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha an Airteagail seo maidir le comhar oibríochtúil.

4. Chun críoch an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 35 agus faoi [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 2 bhliain dá éis sin, déanfaidh líonra CSIRTanna measúnú ar an dul chun cinn arna dhéanamh leis an gcomhar oibríochtúil agus soláthróidh sé tuarascáil. Leis an tuarascáil tiocfar, go háirithe, ar chonclúidí ar thorthaí [...] na piar**fhoghlama** dá dtagraítear in Airteagal 16 arna ndéanamh i ndáil le CSIRTanna náisiúnta, lena n-áirítear conclúidí agus moltaí, arna saothrú faoin Airteagal seo. Cuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid an Ghrúpa Comhair freisin.

5. Glacfaidh líonra CSIRTanna a rialacha nós imeachta féin.

**6. Rachaidh AE-CyCLONe i gcomhar le líonra CSIRTanna ar bhonn socruithe nós imeachta comhaontaithe.**

*Airteagal 14*

***An líonra Eorpach um eagrú an idirchaidrimh maidir le cibearghéarchéimeanna (AE-CyCLONe)***

1. Chun tacú le teagmhais chibearshlándála agus géarchéimeanna cibearshlándála ar mórscála a bhainistiú go comhordaithe ar an leibhéal oibríochtúil agus chun malartú tráthrialta faisnéise i measc na mBallstát agus institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais a áirithiú, bunaítear leis seo an Líonra Eorpach um Eagrú an Idirchaidrimh maidir le Cibearghéarchéimeanna (AE-CyCLONe).

2. Beidh AE-CyCLONe comhdhéanta de na hionadaithe ó údaráis bainistíochta **cibir**-ghéarchéime na mBallstát arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 7. **Beidh an Coimisiún rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an líonra mar bhreathnóir.** Soláthróidh ENISA rúnaíocht an líonra agus tacóidh sé le malartú faisnéise slán **agus soláthróidh sé na huirlisí is gá chun tacú le comhar idir na Ballstáit agus malartú faisnéise slán á áirithiú.**

**I gcás inarb iomchuí, féadfaidh AE-CyCLONe a iarraidh ar ionadaithe ó gheallsealbhóirí ábhartha a bheith rannpháirteach ina chuid oibre.**

3. Beidh na cúraimí seo a leanas ar AE-CyCLONe:

(a) leibhéal ullmhachta na bainistíochta ar theagmhais agus géarchéimeanna [...] cibearshlándála ar scála mór a mhéadú;

(b) feasacht staide chomhroinnte a fhorbairt [...] ar theagmhais agus géarchéimeanna [...] cibearshlándála;

**(ba) iarmhairtí agus tionchar teagmhas cibearshlándála ar mórscála a mheas agus bearta maolaithe féideartha a mholadh;**

(c) an **bhainistíocht** ar theagmhais chibearshlándála agus géarchéimeanna cibearshlándála ar mórscála a chomhordú agus tacú leis an gcinnteoireacht ar an leibhéal polaitiúil i ndáil leis na teagmhais agus leis na géarchéimeanna sin;

(d) **arna iarraidh sin do Bhallstát, a** phlean náisiúnta maidir le teagmhais chibearshlándála agus freagairt ar ghéarchéimeanna cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 7(3[...]) a phlé**;**[...]

4. Glacfaidh AE-CyCLONe a rialacha nós imeachta.

5. Tuairisceoidh AE-CyCLONe go tráthrialta don Ghrúpa Comhair maidir le **bainistíocht ar theagmhais chibearshlándála agus géarchéimeanna cibearshlándála ar mórscála** [...] ag díriú go háirithe ar a dtionchar ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha.

6. Rachaidh AE-CyCLONe i gcomhar le líonra CSIRTanna ar bhonn socruithe nós imeachta comhaontaithe.

**7. Cuirfidh AE-CyCLONe tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar a chuid oibre faoin [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].**

*Airteagal 14a*

***Comhar idirnáisiúnta***

**Féadfaidh an tAontas, i gcás inarb iomchuí, comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta, lena gceadaítear agus lena n-eagraítear a rannpháirtíocht i roinnt gníomhaíochtaí de chuid an Ghrúpa Comhair, líonra CSIRTanna agus AE-CyCLONe, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí.**

*Airteagal 15*

***Tuarascáil maidir le staid na cibearshlándála san Aontas***

1. Eiseoidh ENISA, i gcomhar leis an gCoimisiún **agus an Grúpa Comhair**, tuarascáil dhébhliantúil maidir le staid na cibearshlándála san Aontas. [...] Beidh an [...]méid seo a leanas **go háirithe**[...]sa tuarascáil:

**(aa) measúnú riosca cibearshlándála ar leibhéal an Aontais, agus timpeallacht na bagartha á cur san áireamh;**

(a) [...] **measúnú ar** fhorbairt na gcumas cibearshlándála sna hearnálacha poiblí **agus** príobháideacha ar fud an Aontais;

(b) [...]

(c) **measúnú comhiomlánaithe bunaithe ar tháscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla** cibearshlándála [...], lena bhforáiltear d' [...] **fhorléargas** ar leibhéal aibíochta na gcumas cibearshlándála**, lena n-áirítear cumais earnáilsonracha**.

2. Áireofar sa tuarascáil moltaí beartais áirithe chun leibhéal na cibearshlándála a mhéadú ar fud an Aontais agus achoimre ar na torthaí le haghaidh na tréimhse ar leith ó Thuarascálacha AE ar Staid Theicniúil na Cibearshlándála de chuid na Gníomhaireachta arna n-eisiúint ag ENISA i gcomhréir le hAirteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2019/881.

*Airteagal 16*

**An Phiarfhoghlaim**

1. **D'fhonn muinín fhrithpháirteacha a neartú, ardleibhéal coiteann cibearshlándála a bhaint amach, chomh maith le cumais agus beartais chibearshlándála na mBallstát a bhfuil gá leo chun an Treoir seo a chur chun feidhme go héifeachtach, déanfaidh a**[...]n **Grúpa Comhair**[...], **le tacaíocht ón gCoimisiún agus** tar éis comhairliúchán a dhéanamh le [...] ENISA**, agus i gcás inarb ábhartha, le líonra CSIRTanna,** agus ar a dhéanaí faoi **24 [...]** mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, an mhodheolaíocht [...] a bhunú **le haghaidh** córas oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach agus cóir piar**fhoghlama** [...] **a bhaineann leis an Treoir seo a bheith á cur chun feidhme** ag na Ballstáit. **Is ar bhonn deonach a bheidh rannpháirtíocht sa phiarfhoghlaim.** Beidh **babhtaí measúnaithe mar chuid den chóras** [...] a dhéanfaidh saineolaithe [...] cibearshlándála ó na Ballstáit [...] agus clúdófar [...] **ceann amháin nó níos mó** de na gnéithe seo a leanas:

(i) [...] cur chun feidhme na gceanglas bainistíochta riosca agus na n-oibleagáidí tuairiscithe maidir leis an gcibearshlándáil dá dtagraítear in Airteagail 18 agus 20;

(ii) na [...] hinniúlachtaí, lena n-áirítear na hacmhainní [...] atá ar fáil, agus [...] feidhmiú chúraimí na n-údarás náisiúnta inniúil **dá dtagraítear in Airteagal 8 agus CSIRTanna dá dtagraítear in Airteagal 9**;

[...]

(**i**ii[...]) [...] **cur chun feidhme** an chúnaimh fhrithpháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 34;

(**i**v) [...] **cur chun feidhme** an chreata um chomhroinnt faisnéise, dá dtagraítear in Airteagal 26 [...].

2. **Beidh na critéir a úsáidfidh na Ballstáit chun saineolaithe a bheidh incháilithe chun bheith rannpháirteach i mbabhtaí piarfhoghlama** [...] oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach, cóir agus trédhearcach [...] **agus áireofar iad sa mhodheolaíocht dá dtagraítear i mír 1. Féadfaidh** [...] ENISA agus an Coimisiún saineolaithe a ainmniú chun bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí sna [...] **babhtaí piarfhoghlama**. [...]

3. [...] .

**3a. Sula gcuirfear tús leis na babhtaí piarfhoghlama, féadfaidh na Ballstáit féinmheasúnú a dhéanamh ar na gnéithe a chumhdaítear leis an mbabhta áirithe piarfhoghlama sin agus an féinmheasúnú sin a chur ar fáil do na saineolaithe ainmnithe dá dtagraítear i mír 2.**

4. **D'fhéadfaí** [...] cuairteanna **fisiciúla** nó fíorúla ar an láthair nó malartuithe lasmuigh den láthair a bheith i gceist le piar**fhoghlaim** [...]. I bhfianaise phrionsabal an dea-chomhair, tabharfaidh na Ballstáit [...] **a bheidh rannpháirteach sa phiarfhoghlaim** an fhaisnéis is gá [...] le haghaidh an mheasúnaithe [...] do na saineolaithe ainmnithe**, gan dochar do rialacha náisiúnta ná do dhlíthe an Aontais a bhaineann le faisnéis rúnda nó rúnaicmithe a chosaint nó le feidhmeanna fíor-riachtanacha an Stáit a choimirciú, amhail an tslándáil náisiúnta.** Aon fhaisnéis a fhaightear trí[...] phróiseas na piar**fhoghlama**, úsáidfear chun na críche sin amháin í. Ní dhéanfaidh na saineolaithe atá rannpháirteach sa [...] phiar**fhoghlaim** aon fhaisnéis íogair ná rúnda a fhaightear [...] **sa chomhthéacs sin** a nochtadh d'aon tríú páirtithe. **Féadfaidh an Ballstát a bheidh rannpháirteach sa phiarfhoghlaim agóid a dhéanamh i gcoinne ainmniúchán saineolaithe áirithe ar fhorais a mbeidh údar cuí leo a chuirfear in iúl don Ghrúpa Comhair.**

5. Nuair a bheidh siad **faoi réir babhta piarfhoghlama** [...], ní bheidh na gnéithe céanna faoi réir **babhtaí piarfhoghlama** [...]eile **a bheidh ag na mBallstáit rannpháirteacha** le linn na [...] **4** bliana tar éis an bhabhta phiarfhoghlama [...] **sin** a thabhairt i gcrích, **mura n-iarrann an Ballstáit lena mbaineann amhlaidh nó murar rud é go n-aontaíonn sé ar thogra** ón n**Grúpa Comhair**[...].

6. [...]

7. Déanfaidh saineolaithe atá rannpháirteach [...] i **mbabhtaí piarfhoghlama** tuarascálacha a dhréachtú maidir le torthaí agus conclúidí na [...] **measúnuithe**. **Beidh cead ag na Ballstáit barúlacha a thabhairt maidir lena ndréacht-tuarascálacha faoi seach, agus beidh siad i gceangal leis an tuarascáil.** Cuirfear na tuarascálacha **críochnaitheacha** faoi bhráid [...] an Ghrúpa Comhair [...]. **Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh a dtuarascálacha faoi seach a chur ar fáil go poiblí.**

# CAIBIDIL IV

*Oibleagáidí bainistíochta riosca agus tuairiscithe maidir leis an gcibearshlándáil*

ROINN I

*Bainistíocht riosca agus tuairisciú maidir leis an gcibearshlándáil*

*Airteagal 17*

***Rialachas***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhformheasfaidh comhlachtaí bainistíochta eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach na bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil arna ndéanamh ag na heintitis sin chun Airteagal 18 a chomhlíonadh, go ndéanfaidh siad **maoirseacht** ar a chur chun feidhme agus [...] **gur féidir iad a thabhairt chun cuntais** as neamhchomhlíontacht na n-eintiteas maidir leis na hoibleagáidí faoin Airteagal seo.

   **Beidh feidhmiú na míre seo gan dochar do dhlíthe náisiúnta an Bhallstáit a mhéid a bhaineann leis na rialacha dliteanais in institiúidí poiblí, chomh maith le dliteanas seirbhíseach poiblí agus oifigeach tofa agus ceaptha.**

2. Áiritheoidh na Ballstáit **go mbeidh sé de cheangal** [...] **ar chomhaltaí an bhoird bainistíochta** oiliúintí a leanadh [...], ar bhonn tráthrialta, chun eolas agus scileanna leordhóthanacha a fháil chun rioscaí agus cleachtais bhainistíochta maidir leis an gcibearshlándáil, chomh maith lena dtionchar ar oibríochtaí an eintitis, a thabhairt chun grinnis agus measúnú a dhéanamh orthu.

*Airteagal 18*

***Bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil***

1**a.** **Feidhmeofar cur chuige 'uile-ghuaise' leis an Treoir seo, lena n-áireofar córais ghréasáin agus faisnéise agus a dtimpeallacht fhisiciúil a chosaint ar aon teagmhas a d'fhéadfadh infhaighteacht, barántúlacht nó rúndacht na sonraí atá stóráilte, tarchurtha nó próiseáilte nó na seirbhísí a chuireann na córais ghréasáin agus faisnéise ar fáil nó a bhíonn inrochtana trí na gcóras sin, a chur i mbaol.**

**1.** Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha bearta teicniúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach chun na rioscaí a bhaineann le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise a bhainistiú**,** ar nithe iad a úsáideann na heintitis sin agus a seirbhísí á soláthar acu. Ag féachaint don úrscothacht **agus don chostas a bhaineann lena gcur chun feidhme**, áiritheofar, leis na bearta sin, leibhéal slándála le haghaidh córais ghréasáin agus faisnéise a bheidh iomchuí don riosca atá ann. **Agus measúnú á dhéanamh ar chomhréireacht na mbeart sin, tabharfar aird chuí ar a mhéid a bheidh an t-eintiteas neamhchosanta ar rioscaí, ar mhéid an eintitis, agus ar a dhóchúla atá sé go dtarlóidh teagmhais agus ar a thromchúisí atá na teagmhais sin. Ag féachaint do leibhéal agus do chineál an riosca don tsochaí i gcás teagmhais a dhéanann difear d'eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha, d'fhéadfadh nach mbeadh bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil a fhorchuirtear ar eintitis thábhachtacha chomh dian céanna leis na cinn a fhorchuirtear ar eintitis fhíor-riachtanacha.**

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh sna bearta dá dtagraítear i mír 1:

(a) beartais maidir le hanailís riosca agus slándáil na gcóras faisnéise;

(b) láimhseáil teagmhas (cosc, brath, [...] agus freagairt ar theagmhais **agus teacht slán astu** [...]);

(c) leanúnachas gnó agus bainistíocht géarchéime;

(d) slándáil an tslabhra soláthair lena n-áirítear gnéithe slándála maidir leis na caidrimh idir gach eintiteas agus a sholáthróir **díreach** nó a sholáthraithe seirbhíse **díreacha** amhail soláthraithe seirbhísí stórála sonraí agus próiseála sonraí nó seirbhísí slándála bainistithe;

(e) slándáil maidir le córais ghréasáin agus faisnéise a fháil, a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear láimhseáil leochaileachtaí agus nochtadh leochaileachtaí;

(f) beartais agus nósanna imeachta [...] chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht beart bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil;

(g) **beartas maidir le** húsáid na cripteagrafaíochta agus an chriptiúcháin;

**(ga) slándáil acmhainní daonna, beartais rialaithe rochtana agus bainistiú sócmhainní.**

3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil bearta iomchuí dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 2 á meas acu, [...] **go gceanglaítear ar** eintitis na leochaileachtaí is iomchuí do gach soláthróir **díreach** agus soláthraí seirbhíse **díreach** a chur san áireamh chomh maith le cáilíocht fhoriomlán na dtáirgí agus na gcleachtas maidir leis an gcibearshlándáil de chuid a soláthróirí agus a soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear a nósanna imeachta slána um fhorbairt. **Áiritheoidh na Ballstáit freisin, i gcás ina mbeidh na bearta iomchuí dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 2 á meas, go gceanglófar ar eintitis torthaí na measúnuithe riosca comhordaithe, arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 19 (1), a chur san áireamh.**

4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina suíonn eintiteas nach bhfuil a sheirbhísí ná a chúraimí faoi seach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i mír 2, go ndéanfaidh sé, gan moill mhíchuí, na bearta ceartaitheacha uile chun an tseirbhís lena mbaineann a thabhairt i gcomhréir leo.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun sonraíochtaí teicniúla agus modheolaíocha, **chomh maith le sonraíochtaí earnálacha, más gá**, na n-eilimintí dá dtagraítear i mír 2 **den Airteagal seo**, a leagan síos. **Glacfaidh an Coimisiún faoi [18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] gníomhartha cur chun feidhme chun na sonraíochtaí teicniúla agus modheolaíocha a leagan síos d'eintitis dá dtagraítear in Airteagal 24(1)_ agus do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i bpointe 8 d'Iarscríbhinn I. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(2).** Agus[...] gníomhartha **cur chun feidhme mar sin** á [...] n-ullmhú aige, **leanfaidh** [...] an Coimisiún, a mhéid is féidir, caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha, chomh maith leis na sonraíochtaí teicniúla ábhartha, **agus malartóidh sé comhairle leis an nGrúpa Comhair agus le ENISA maidir leis an dréachtghníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 12(4)(d).**

6. [...]

*Airteagal 19*

***Measúnuithe riosca comhordaithe de chuid an Aontais ar shlabhraí soláthair criticiúla***

1. Féadfaidh an Grúpa Comhair, i gcomhar leis an gCoimisiún agus le ENISA, measúnuithe riosca slándála comhordaithe a dhéanamh ar sheirbhísí, córais nó táirgí TFC criticiúla sonracha maidir leis na slabhraí soláthair, agus fachtóirí teicniúla agus, i gcás inarb ábhartha, neamhtheicniúla á gcur san áireamh.

2. Sainaithneoidh an Coimisiún, tar éis comhairliúchán a dhéanamh leis an nGrúpa Comhair agus le ENISA, seirbhísí, córais nó táirgí TFC criticiúla sonracha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir an mheasúnaithe riosca comhordaithe dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 20*

***Oibleagáidí tuairiscithe***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha, gan moill mhíchuí, fógra do na húdaráis inniúla nó do CSIRT i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 faoi aon teagmhas ag a bhfuil tionchar mór ar sholáthar a seirbhísí. I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh na heintitis sin, gan moill mhíchuí, fógra d'fhaighteoirí a seirbhísí faoi na teagmhais **seo** nuair is móide go ndéanfar difear díobhálach do sholáthar na seirbhíse sin. Áiritheoidh na Ballstáit go dtuairisceoidh na heintitis sin, i measc nithe eile, aon fhaisnéis lena gcumasaítear do na húdaráis inniúla nó do CSIRT aon tionchar trasteorann atá ag an teagmhas a chinneadh. **Leis an bhfógra féin, ní bheidh an t-eintiteas a thugann fógra faoi réir dliteanas méadaithe.**

2. [...]

I gcás inarb infheidhme, tabharfaidh na heintitis [...] **fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha**, gan moill mhíchuí, fógra d'fhaighteoirí a seirbhísí, a bhféadfadh sé go ndéanfaí difear dóibh de dheasca cibearbhagairt mhór, faoi aon bheart nó leigheas is féidir leis na faighteoirí sin a dhéanamh mar fhreagairt ar an mbagairt sin. I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh na heintitis fógra freisin do na faighteoirí sin faoina mbagairt féin. Leis an bhfógra **féin**, ní bheidh an t-eintiteas a thugann fógra faoi réir dliteanas méadaithe.

3. Measfar go bhfuil teagmhas mór más rud é:

(a) go ndearnadh, nó más féidir go ndéanfar, **fíordhroch-**shuaitheadh oibríochtúil **ar an tseirbhís** nó caillteanais airgeadais mhóra don eintiteas lena mbaineann de dheasca an teagmhais;

(b) go ndearnadh, nó más féidir go ndéanfar, an teagmhas difear do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile trí chaillteanais ábhartha nó neamhábhartha mhóra a dhéanamh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, chun críoch an fhógra faoi mhír 1, go gcuirfidh na heintitis an méid seo a leanas faoi bhráid na n-údarás inniúil nó CSIRT:

(a) gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis teacht ar an eolas faoin teagmhas, fógra tosaigh **mar réamhrabhadh**, ina léireofar, i gcás inarb infheidhme, cibé acu an ann nó nach ann don teagmhas sin de dheasca gníomhaíocht neamhdhleathach nó mhailíseach;

(b) arna iarraidh sin d'údarás inniúil nó do CSIRT, tuarascáil idirmheánach maidir leis an eolas is déanaí agus is ábhartha faoin stádas;

(c) tuarascáil **chríochnaitheach** tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an [...] **fhógra tosaigh** faoi phointe (a) a chur isteach, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) tuairisc mhionsonraithe ar an teagmhas, ar a dhéine agus ar a thionchar;

(ii) an cineál bagartha nó an bhunchúis is dócha a spreag an teagmhas;

(iii) bearta maolúcháin atá á gcur i bhfeidhm agus leanúnach.

Forálfaidh na Ballstáit, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus i gcomhaontú leis na húdaráis inniúla nó CSIRT, gur féidir leis an eintiteas lena mbaineann atreorú ó na sprioc-amanna a leagtar síos i bpointí (a) agus (c). **Go háirithe, is féidir údar cuí a thabhairt má dhialltar ón spriocdháta dá dtagraítear i bpointe (c) i gcásanna ina mbeidh an teagmhas fós ann.**

5. Soláthróidh na húdaráis náisiúnta inniúla nó CSIRT, [...] **gan moill mhíchuí** tar éis an fógra tosaigh dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4 a fháil, freagra don eintiteas a thugann fógra, lena n-áirítear aiseolas tosaigh faoin teagmhas agus, arna iarraidh sin don eintiteas, treoraíocht maidir le bearta maolúcháin féideartha a chur chun feidhme. I gcás nach bhfuair CSIRT an fógra dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh an t-údarás inniúil an treoraíocht i gcomhar le CSIRT. Soláthróidh CSIRT tacaíocht theicniúil bhreise má iarrann an t-eintiteas lena mbaineann amhlaidh. I gcás ina bhfuil amhras ann gur de chineál cóiriúil an teagmhas, soláthróidh na húdaráis náisiúnta inniúla nó CSIRT treoraíocht freisin maidir leis an teagmhas a thuairisciú d'údaráis forfheidhmithe dlí.

6. I gcás inarb iomchuí, agus go háirithe i gcás ina mbaineann an teagmhas dá dtagraítear i mír 1 le dhá Bhallstát nó níos mó, cuirfidh an t-údarás inniúil, CSIRT nó **an Pointe Teagmhála Aonair** na Ballstáit eile dá ndéantar difear agus ENISA ar an eolas faoin teagmhas. **Áireofar san fhaisnéis sin, na heilimintí dá bhforáiltear i mír (4) den Airteagal seo, ar a laghad.** Leis sin, déanfaidh na húdaráis inniúla, na CSIRTanna agus na pointí teagmhála aonair, i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an reachtaíocht náisiúnta lena gcomhlíontar dlí an Aontais, slándáil agus leasanna tráchtála an eintitis chomh maith le rúndacht na faisnéise arna soláthar a chaomhnú.

7. I gcás ina bhfuil gá le feasacht an phobail chun teagmhas a chosc nó déileáil le teagmhas leanúnach, nó i gcás ina bhfuil nochtadh an teagmhais chun leas an phobail ar bhealach eile, féadfaidh an t-údarás inniúil nó CSIRT, agus i gcás inarb iomchuí na húdaráis nó na CSIRTanna de chuid Ballstáit eile lena mbaineann, tar éis comhairliúchán a dhéanamh leis an eintiteas lena mbaineann, an pobal a chur ar an eolas faoin teagmhas nó a cheangal ar an eintiteas déanamh amhlaidh.

8. Arna iarraidh sin don údarás inniúil nó do CSIRT, cuirfidh an pointe teagmhála aonair fógraí arna bhfáil de bhun mhír[...] 1 [...] ar aghaidh chuig na pointí teagmhála aonair de chuid Ballstáit eile dá ndéantar difear.

9. Déanfaidh an pointe teagmhála aonair tuarascáil achomair a chur faoi bhráid ENISA [...] **gach 6 mhí** lena n-áirítear sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe maidir le teagmhais, cibearbhagairtí móra agus neasteagmhais a dtugtar fógra fúthu i gcomhréir le mír[...] 1 [...] agus i gcomhréir le hAirteagal 27. Chun rannchuidiú le soláthar faisnéise inchomparáide, féadfaidh ENISA treoraíocht theicniúil a eisiúint maidir le paraiméadair na faisnéise a áirítear sa tuarascáil achomair. **Cuirfidh ENISA na torthaí maidir leis na fógraí a gheofar in iúl don Ghrúpa Comhair agus do líonra CSIRTanna gach 6 mhí.**

10. Déanfaidh údaráis inniúla faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil], ar faisnéis í maidir le teagmhais agus cibearbhagairtí a dtugann eintitis fhíor-riachtanacha arna n-ainmniú mar eintitis chriticiúla, **[**nó mar eintitis atá coibhéiseach le heintitis chriticiúla**]**, fógra fúthu i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil].

11. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear a thuilleadh an cineál faisnéise, an fhormáid agus an nós imeachta a bhaineann le fógra a chuirtear isteach de bhun mhíreanna 1 agus 2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh freisin chun sonrú breise a dhéanamh ar na cásanna ina measfar gur teagmhas mór é teagmhas dá dtagraítear i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

*Airteagal 21*

***Úsáid scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála***

1. Chun a léiriú go bhfuil ceanglais áirithe d'Airteagal 18 á gcomhlíonadh, **féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar eintitis [...] táirgí, seirbhísí agus próisis áirithe TFC [...], arna ndeimhniú** faoi scéimeanna Eorpacha sonracha um dheimhniú cibearshlándála arna nglacadh de bhun Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2019/881, a úsáid. Féadfaidh eintiteas fíor-riachtanach nó tábhachtach na táirgí, na seirbhísí agus na próisis **TFC** a fhorbairt faoi réir deimhniú nó féadfaidh tríú páirtithe iad a sholáthar.

2. Féadfaidh [...] an Coimisiún gníomhartha [...] **cur chun feidhme** a ghlacadh lena sonraítear na catagóirí eintiteas fíor-riachtanach **nó tábhachtach** a gceanglófar orthu **táirgí, seirbhísí agus próisis áirithe dheimhnithe TFC a úsáid nó** deimhniú a fháil [...] faoi na [...] scéimeanna Eorpacha sonracha um dheimhniú cibearshlándála **arna nglacadh de bhun Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2019/881.** [...] **Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(2). Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á n-ullmhú aige, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 56 de Rialachán (AE) 2019/881 an méid seo a leanas:**

   **(i) tionchar na mbeart ar mhonaróirí nó ar sholáthraithe na dtáirgí, na seirbhísí agus na bpróiseas TFC sin a chur san áireamh chomh maith leis an tionchar ar na húsáideoirí i dtéarmaí costas na mbeartas sin, agus na sochair shochaíocha nó eacnamaíocha a eascraíonn as an leibhéal feabhsaithe slándála atá tuartha i leith na dtáirgí, na seirbhísí nó na próisis TFC spriocdhírithe, chomh maith lena hinfhaighteacht ar an margadh seachas sin;**

   **(ii) próiseas oscailte, trédhearcach agus cuimsitheach comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir agus leis na Ballstáit a chur i gcrích;**

**(iii)** **aon spriocdhátaí cur chun feidhme, bearta agus tréimhsí idirthréimhseacha a chur san áireamh, go háirithe maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta ar na monaróirí, nó ar na soláthraithe táirgí, seirbhísí nó próisis TFC, nó úsáideoirí na dtáirgí, seirbhísí nó na bpróiseas sin, go háirithe FBManna;**

**(iv)** **cuirfidh sé san áireamh gurb ann do dhlíthe ábhartha na mBallstáit agus cuirfidh sé chun feidhme iad.**

3. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar ENISA scéim iarrthach a ullmhú **nó athbhreithniú a dhéanamh ar scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála atá ann cheana** de bhun Airteagal 48(2) de Rialachán (AE) 2019/881 i gcásanna nach bhfuil aon scéim Eorpach iomchuí um dheimhniú cibearshlándála ar fáil chun críocha mhír 2 **den Airteagal seo**.

*Airteagal 22*

***Caighdeánú***

1. Chun cur chun feidhme cóineasaithe Airteagal 18(1) agus (2) a chur chun cinn, spreagfaidh na Ballstáit, gan forchur ná idirdhealú a dhéanamh i bhfabhar úsáid a bhaint as cineál teicneolaíochta ar leith, úsáid caighdeán Eorpach agus sonraíochtaí Eorpacha nó a bhfuil glacadh idirnáisiúnta leo agus atá ábhartha maidir le slándáil na gcóras gréasáin agus faisnéise.

2. Déanfaidh ENISA, i gcomhar leis na Ballstáit, comhairle agus treoirlínte a tharraingt suas maidir leis na réimsí teicniúla atá le breithniú i dtaca le mír 1 agus maidir leis na caighdeáin atá ann cheana, lena n-áirítear caighdeáin náisiúnta de chuid na mBallstát, lena gceadófaí na réimsí sin a chumhdach.

*Airteagal 23*

***Bunachair sonraí d'ainmneacha fearainn agus de shonraí clárúcháin***

1. Chun rannchuidiú le slándáil, cobhsaíocht agus athléimneacht DNS, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh TLD clárlanna ainmneacha agus na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD sonraí cláraithe ainm fearainn atá cruinn**, [...]** agus iomlán a bhailiú agus a choinneáil ar bun i saoráid bunachair sonraí thiomnaithe le dícheall cuí [...] **i gcomhréir le dlí** an Aontais maidir le cosaint sonraí i leith sonraí ar sonraí pearsanta iad.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh faisnéis i mbunachair sonraí na sonraí cláraithe ainm fearainn dá dtagraítear i mír 1, ar faisnéis ábhartha í chun sealbhóirí na n-ainmneacha fearainn agus na pointí teagmhála a riarann na hainmneacha fearainn faoi na TLDanna a shainaithint agus chun teagmháil a dhéanamh leo**, lena n-áirítear na sonraí seo a leanas ar a laghad:**

**a) ainm fearainn**

**b) dáta clárúcháin**

**c) sonraí an chláraí, lena n-áirítear:**

**(i) i gcás daoine aonair – ainm, sloinne agus seoladh ríomhphoist;**

**(ii) i gcás daoine dlítheanacha – ainm agus seoladh ríomhphoist.**

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag clárlanna **ainmneacha** TLD agus ag na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chruinn agus iomlán sna bunachair sonraí. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na beartais agus na nósanna imeachta sin ar fáil go poiblí.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh clárlanna **ainmneacha** TLD agus na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD, sonraí cláraithe fearainn nach sonraí pearsanta iad a fhoilsiú, gan moill mhíchuí tar éis clárú ainm fearainn.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh clárlanna **ainmneacha** TLD agus na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD rochtain a sholáthar ar shonraí cláraithe ainm fearainn sonracha tar éis iarrataí dleathacha a bhfuil údar cuí leo a fháil ó iarrthóirí dlisteanacha ar rochtain, i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfreagróidh clárlanna **ainmneacha** TLD agus na heintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig, na hiarrataí uile ar rochtain. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil go poiblí na beartais agus na nósanna imeachta chun na sonraí sin a nochtadh.

Roinn II

**Dlínse agus Clárú**

*Airteagal 24*

***Dlínse agus críochachas***

**1a. Measfar na heintitis faoin Treoir seo a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina soláthraíonn siad a seirbhísí. Na heintitis dá dtagraítear i bpointí 1 go 7 agus i bpointe 10 d'Iarscríbhinn I**, **na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe agus na Soláthraithe Pointe Malartaithe Idirlín dá dtagraítear in bpointe 8 d'Iarscríbhinn I, agus i bpointí 1 go 5 d'Iarscríbhinn II, measfar iad a bheith faoi dhlínse Bhallstát na críche ina bhfuil siad bunaithe.**

1. Maidir le soláthraithe seirbhíse DNS, clárlanna ainmneacha TLD, [...] agus **eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainm fearainn do TLD**, soláthraithe seirbhíse néalríomhaireachta, soláthraithe seirbhíse lárionaid sonraí, [...] soláthraithe líonra soláthair ábhair**, soláthraithe seirbhísí bainistithe, agus soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe** dá dtagraítear i bpointe 8 **agus i bpointe 8a** d'Iarscríbhinn I, chomh maith le soláthraithe digiteacha dá dtagraítear i bpointe 6 d'Iarscríbhinn II, measfar go mbeidh siad faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil a bpríomhbhunaíocht san Aontas.

2. Chun críocha na Treorach seo, measfar go mbeidh a bpríomhbhunaíocht san Aontas ag na heintitis dá dtagraítear i mír 1 sa Bhallstát ina ndéantar na cinntí a bhaineann le bearta bainistíochta riosca maidir leis an gcibearshlándáil **den chuid is mó**. **Mura féidir an áit ina ndéantar na cinntí sin den chuid is mó a chinneadh nó** mura ndéantar na cinntí sin in aon bhunaíocht san Aontas, measfar go mbeidh an phríomhbhunaíocht sa Bhallstát ina bhfuil an bhunaíocht leis an líon is airde fostaithe san Aontas ag na heintitis. **I gcás ina gcuireann grúpa gnóthas na seirbhísí ar fáil, measfar an phríomhbhunaíocht a bheith mar phríomhbhunaíocht an ghrúpa gnóthas.**

3. Mura bhfuil eintiteas dá dtagraítear i mír 1 bunaithe san Aontas, ach má thairgeann sé seirbhísí laistigh den Aontas, ainmneoidh sé ionadaí san Aontas. Bunófar an t-ionadaí i gceann de na Ballstáit sin ina dtairgtear na seirbhísí. Measfar go bhfuil an t-eintiteas sin faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil an t-ionadaí bunaithe. In éagmais ionadaí ainmnithe laistigh den Aontas faoin Airteagal seo, féadfaidh aon Bhallstát ina soláthraíonn an t-eintiteas seirbhísí caingne dlí a thionscnamh in aghaidh an eintitis maidir le neamhchomhlíontacht na n-oibleagáidí faoin Treoir seo.

4. Beidh ainmniú ionadaí arna dhéanamh ag eintiteas dá dtagraítear i mír 1 gan dochar do chaingne dlí a d'fhéadfaí a thionscnamh in aghaidh an eintitis féin.

**4a. Na Ballstáit a fuair iarraidh ar chúnamh frithpháirteach i dtaca leis na heintitis dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh siad, faoi theorainneacha na hiarrata, bearta maoirseachta agus forfheidhmiúcháin iomchuí a dhéanamh i dtaca leis an eintiteas lena mbaineann a sholáthraíonn seirbhísí nó a bhfuil an córas gréasáin agus faisnéise ar a gcríoch.**

*Airteagal 25*

***Clárlann le haghaidh eintitis bonneagair dhigitigh agus soláthraithe digiteacha áirithe***

1. [...] **Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear de cheangal** ar na heintitis **dá dtagraítear in Airteagal 24(1) agus a bhfuil a bpríomhbhunaíocht ar a gcríoch, nó mura bhfuil siad bunaithe san Aontas, go bhfuil a n-ionadaí ainmnithe san Aontas bunaithe ar a gcríoch,** [...] an fhaisnéis seo a leanas a chur faoi bhráid **na n-údarás inniúil** [...] faoi [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo ar a dhéanaí]:

(a) ainm an eintitis;

**(aa) an cineál eintitis de réir Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir seo;**

(b) seoladh a phríomhbhunaíochta agus a bhunaíochtaí dlí eile san Aontas nó, mura bhfuil sé bunaithe san Aontais, ainm a ionadaí arna ainmniú de bhun Airteagal 24(3);

(c) sonraí teagmhála atá cothrom le dáta, lena n-áirítear seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin na n-eintiteas **agus a n-ionadaithe;**

**(d) Ballstáit ina soláthraíonn an t-eintiteas an tseirbhís.**

**I gcás inarb infheidhme, tíolacfar an fhaisnéis sin tríd an sásra náisiúnta [...] féinfhógartha dá dtagraítear in Airteagal 2a.**

2. **Áiritheoidh na Ballstáit go** [...] dtabharfaidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 [...] **fógra freisin** faoi aon athrú ar na mionsonraí a chuir siad isteach faoi mhír 1, gan mhoill, agus in aon chás, laistigh de 3 mhí ón dáta a raibh éifeacht leis an athrú.

3. [...] **Cuirfidh pointí teagmhála aonair na mBallstát an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2** [...] ar aghaidh [...] chuig **ENISA**. [...]

**3a. Bunaithe ar an bhfaisnéis a gheofar de réir mhír 3 den Airteagal seo, déanfaidh ENISA clárlann a chruthú agus a chothabháil le haghaidh na n-eintiteas dá dtagraítear i mír 1. Arna iarraidh sin do na Ballstáit, cuirfidh ENISA ar chumas na n-údarás inniúil ábhartha rochtain a bheith acu ar an gclárlann, agus na ráthaíochtaí is gá á n-áirithiú aige chun rúndacht na faisnéise a chosaint i gcás inarb infheidhme.**

4. [...]

# CAIBIDIL V

*Comhroinnt faisnéise*

*Airteagal 26*

***Socruithe um chomhroinnt faisnéise maidir leis an gcibearshlándáil***

1. [...] Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha faisnéis ábhartha maidir leis an gcibearshlándáil a mhalartú eatarthu féin **ar bhonn deonach** lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le cibearbhagairtí, **neasteagmhais,** leochaileachtaí, táscairí comhréitigh, oirbheartaíocht, teicnící agus nósanna imeachta, foláirimh chibearshlándála agus uirlisí cumraíochta, i gcás inarb amhlaidh maidir leis an gcomhroinnt faisnéise sin:

(a) is é is aidhm di teagmhais a chosc nó a bhrath, freagairt orthu nó iad a mhaolú;

(b) feabhsaítear an leibhéal cibearshlándála léi, go háirithe trí fheasacht a mhúscailt i ndáil le cibearbhagairtí, cumas na mbagairtí sin chun scaipeadh a theorannú nó a bhacadh, tacú le réimse cumas cosantach, feabhsúchán agus nochtadh leochaileachta, teicnící chun bagairtí a bhrath, straitéisí maolúcháin, nó céimeanna freagartha agus téarnaimh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis a mhalartú laistigh de phobail [...] eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach. Déanfar an malartú sin a chur chun feidhme trí shocruithe um chomhroinnt faisnéise i dtaca le cineál íogair féideartha na faisnéise arna comhroinnt [...].

3. **Féadfaidh** [...] na Ballstáit rialacha a leagan amach lena sonraítear an nós imeachta, na heilimintí oibríochtúla (lena n-áirítear úsáid ardán TFC tiomnaithe), ábhar agus coinníollacha na socruithe um chomhroinnt faisnéise dá dtagraítear i mír 2. Leis na rialacha sin **féadfar** [...] freisin na mionsonraí a leagan síos i dtaobh rannpháirtíocht údarás poiblí sna socruithe sin, chomh maith le heilimintí oibríochtúla, lena n-áirítear úsáid ardán TFC tiomnaithe. Tairgfidh na Ballstáit tacaíocht do chur i bhfeidhm na socruithe sin i gcomhréir lena mbeartais dá dtagraítear in Airteagal 5(2) (g).

4. Tabharfaidh eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha fógra do na húdaráis inniúla faoina rannpháirtíocht i socruithe um chomhroinnt faisnéise dá dtagraítear i mír 2, tar éis na socruithe sin a dhéanamh, nó, mar is infheidhme, faoina dtarraingt siar ó na socruithe sin, nuair a bheidh éifeacht leis an tarraingt siar.

5. [...] tacóidh ENISA le socruithe um chomhroinnt faisnéise maidir le cibearshlándáil dá dtagraítear i mír 2 a bhunú trí dhea-chleachtais agus treoraíocht a sholáthar.

*Airteagal 27*

***Faisnéis ábhartha a fhógairt ar bhonn deonach***

**1. Gan dochar d'Airteagal 20, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh eintitis fhíor-riachtanacha agus eintitis thábhachtacha fógra a thabhairt, ar bhonn deonach, do na húdaráis inniúla nó do CSIRTanna maidir le haon teagmhais ábhartha, cibearbhagairtí nó neasteagmhais.**

2. Áiritheoidh na Ballstáit, gan dochar d'Airteagal 3, go bhféadfaidh eintitis a thagann lasmuigh de raon feidhme na Treorach seo fógraí a chur isteach, ar bhonn deonach, faoi theagmhais, cibearbhagairtí nó neasteagmhais mhóra. Agus fógraí á bpróiseáil acu, gníomhóidh na Ballstáit i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 20. Féadfaidh na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'fhógraí sainordaitheacha a phróiseáil thar fhógraí deonacha. **Gan dochar d'imscrúdú, brath agus ionchúiseamh cionta coiriúla,** ní bheidh mar thoradh ar an [...] tuairisciú deonach go bhforchuirfí aon oibleagáid bhreise ar an eintiteas tuairiscithe nach mbeadh sé faoina réir mura mbeadh an fógra curtha isteach aige.

**3. Ní dhéanfar fógraí deonacha a phróiseáil ach amháin i gcás nach gcuireann próiseáil den sórt sin ualach díréireach nó míchuí ar an mBallstát lena mbaineann.**

# CAIBIDIL VI

*Maoirseacht agus forfheidhmiú*

*Airteagal 28*

***Gnéithe ginearálta maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla maoirseacht éifeachtach agus go ndéanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir seo [...], go háirithe na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 18**,** [...] 20 **agus 23**. **Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do na húdaráis inniúla tosaíocht a thabhairt don mhaoirseacht, ar maoirseacht í a bheidh bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe.**

2. Oibreoidh údaráis inniúla i ndlúthchomhar le húdaráis cosanta sonraí, **le húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil], le comhlachtaí maoirseachta arna n-ainmniú de bhun Rialachán (AE) 910/2014 agus le húdaráis inniúla eile arna n-ainmniú faoi ghníomhartha earnáilsonracha dlí de chuid an Aontais** nuair a bhíonn aghaidh á tabhairt acu ar theagmhais chibearshlándála. [...]

**3. Gan dochar do chreataí reachtacha agus institiúideacha náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit, nuair a bheidh maoirseacht á déanamh ag na húdaráis inniúla ar eintitis riaracháin féachaint an bhfuil an Treoir seo á comhlíonadh acu agus aon smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás neamhchomhlíontachta á bhforfheidhmiú acu, go mbeidh na cumhachtaí iomchuí acu chun na cúraimí sin a dhéanamh le neamhspleáchas oibríochtúil i leith na n-eintiteas a bhfuil an mhaoirseacht á déanamh orthu. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh bearta iomchuí, comhréireacha agus éifeachtacha a fhorchur i ndáil le maoirseacht agus forfheidhmiú i leith na n-eintiteas sin i gcomhréir leis na creataí na dlíchórais náisiúnta.**

*Airteagal 29*

**Maoirseacht agus forfheidhmiú le haghaidh eintitis fhíor-riachtanacha**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na bearta maoirseachta nó forfheidhmiúcháin a fhorchuirtear ar eintitis fhíor-riachtanacha i dtaca leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus imthosca gach cáis aonair á gcur san áireamh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil a gcúraimí maoirseachta á bhfeidhmiú acu i ndáil le heintitis fhíor-riachtanacha, **go n-úsáidfidh údaráis inniúla cur chuige rioscabhunaithe agus** go mbeidh an chumhacht acu na heintitis sin a chur faoi réir an méid seo a leanas **ar a laghad**:

   (a) cigireachtaí ar an láthair agus maoirseacht lasmuigh den láthair, lena n-áirítear seiceálacha randamacha;

   (b) iniúchtaí **slándála** tráthrialta;

   (c) iniúchtaí slándála spriocdhírithe bunaithe ar mheasúnuithe riosca nó faisnéis riosca atá ar fáil;

   (d) scanacháin slándála bunaithe ar chritéir measúnaithe riosca atá oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach, cóir agus trédhearcach, **i gcás inar gá ar chúiseanna teicniúla, i gcomhar leis an eintiteas lena mbaineann;**

   (e) iarrataí ar fhaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar na bearta cibearshlándála arna nglacadh ag an eintiteas, lena n-áirítear beartais chibearshlándála dhoiciméadaithe [...];

   (f) iarrataí ar shonraí, doiciméid nó aon fhaisnéis lena bhfuil gá a rochtain chun a gcúraimí maoirseachta a fheidhmiú;

   (g) iarrataí ar fhianaise ar chur chun feidhme beartas cibearshlándála, amhail torthaí iniúchtaí slándála arna ndéanamh ag iniúchóir cáilithe agus an fhianaise fholuiteach ábhartha.

2a. **Agus a gcúraimí maoirseachta dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo á bhfeidhmiú acu, féadfaidh údaráis inniúla modheolaíochtaí maoirseachta a bhunú lena gceadófar tosaíocht a thabhairt do na cúraimí sin de réir cur chuige riosca-bhunaithe.**

3. I gcás ina bhfuil a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu faoi phointí (e) go (g) de mhír 2, sonróidh na húdaráis inniúla cuspóir na hiarrata agus sonróidh siad an fhaisnéis arna hiarraidh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh **ar a laghad** an chumhacht seo a leanas ag údaráis inniúla, i gcás ina bhfuil a gcumhachtaí forfheidhmiúcháin á bhfeidhmiú acu i ndáil le heintitis fhíor-riachtanacha:

(a) rabhaidh a eisiúint maidir le neamhchomhlíontacht na n-eintiteas i ndáil leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo;

(b) treoracha ceangailteacha nó ordú a eisiúint lena gceanglaítear ar na heintitis sin na heasnaimh arna sainaithint nó na sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a leigheas;

(c) a ordú do na heintitis sin scor d’iompar nach bhfuil i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo agus staonadh ón iompar sin a athdhéanamh;

(d) a ordú do na heintitis sin a mbearta bainistíochta riosca agus/nó a n-oibleagáidí tuairiscithe a thabhairt i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 18 agus 20 ar bhealach sonraithe agus laistigh de thréimhse shonraithe;

(e) a ordú do na heintitis sin an duine nádúrtha nó dlítheanach nó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, dá soláthraíonn siad seirbhísí nó gníomhaíochtaí a bhféadfadh sé go ndéanfaí difear dóibh de dheasca cibearbhagairt mhór, a chur ar an eolas faoi **chineál na bagairte, chomh maith le** haon bheart cosanta nó feabhais féideartha a d'fheádfadh an duine nádúrtha nó dlítheanach sin nó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha sin a dhéanamh mar fhreagairt ar an mbagairt sin;

(f) a ordú do na heintitis sin na moltaí arna soláthar de thoradh iniúchadh slándála a chur chun feidhme laistigh de sprioc-am réasúnta;

(g) [...]

(h) a ordú do na heintitis sin gnéithe de neamhchomhlíontacht na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo ar bhealach sonraithe a phoibliú, **i gcás nach ndéanfaidh nochtadh poiblí mar sin díobháil don eintiteas lena mbaineann**;

(i) [...]

(j) fíneáil riaracháin a fhorchur nó a iarraidh go bhforchuirfidh na comhlachtaí nó na cúirteanna ábhartha fíneáil riaracháin de réir dlíthe náisiúnta de bhun Airteagal 31 i dteannta, nó in ionad, na mbeart dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) den mhír seo, de réir imthosca gach cáis aonair.

5. I gcás nach bhfuil na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna nglacadh de bhun phointí (a) go (d) agus (f) de mhír (4) éifeachtach, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag na húdaráis inniúla sprioc-am a bhunú ar laistigh de a iarrtar ar an eintiteas fíor-riachtanach an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun na heasnaimh a leigheas nó ceanglais na n-údarás sin a chomhlíonadh. Mura ndéantar an ghníomhaíocht a iarrtar laistigh den sprioc-am a leagtar síos, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chumhacht ag na húdaráis inniúla chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) deimhniú nó údarú maidir le cuid de na seirbhísí nó de na gníomhaíochtaí arna soláthar ag eintiteas fíor-riachtanach nó maidir leis na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí sin uile a fhionraí nó a iarraidh ar chomhlacht deimhniúcháin nó údarúcháin nó **ar chúirteanna de réir na ndlíthe náisiúnta**, déanamh amhlaidh;

(b) toirmeasc sealadach a fhorchur nó a iarraidh ar na comhlachtaí nó na cúirteanna ábhartha toirmeasc sealadach a fhorchur de réir dlíthe náisiúnta in aghaidh aon duine ar a bhfuil freagrachtaí bainistíochta ar leibhéal an phríomhoifigigh feidhmiúcháin nó an ionadaí dlí san eintiteas fíor-riachtanach sin, agus aon duine nádúrtha eile atá freagrach as an sárú, ar toirmeasc é ar fheidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú san eintiteas sin.

Ní chuirfear na smachtbhannaí sin i bhfeidhm go ndéanfaidh an t-eintiteas an ghníomhaíocht is gá chun na heasnaimh a leigheas nó ceanglais an údaráis inniúil ar cuireadh na smachtbhannaí i bhfeidhm maidir leo a chomhlíonadh.

**Níl na smachtbhannaí dá bhforáiltear sa mhír seo infheidhme maidir le heintitis riaracháin phoiblí atá faoi réir na Treorach seo.**

6. Aon duine nádúrtha atá freagrach as gníomhú mar ionadaí d'eintiteas fíor-riachtanach ar bhonn na cumhachta chun ionadaíocht a dhéanamh dó, an údaráis chun cinntí a dhéanamh thar a cheann nó an údaráis chun rialú a fheidhmiú air, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí aige chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na daoine nádúrtha sin faoi dhliteanas i leith a ndualgas chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo. **Maidir le heintitis riaracháin phoiblí, beidh an fhoráil seo gan dochar do dhlíthe na mBallstát maidir le dliteanas seirbhíseach poiblí agus oifigeach tofa agus ceaptha.**

7. I gcás ina bhfuil aon cheann de na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin á dhéanamh nó aon smachtbhanna de bhun mhíreanna 4 agus 5 á chur i bhfeidhm, comhlíonfaidh na húdaráis inniúla cearta na cosanta agus cuirfidh siad imthosca gach cáis aonair san áireamh agus, ar a laghad, tabharfaidh siad aird chuí ar an méid seo a leanas:

   (a) tromchúis an tsáraithe agus tábhacht na bhforálacha arna sárú. I measc na sáruithe ar ceart a mheas gur sáruithe tromchúiseacha iad áirítear: athsháruithe, mainneachtain fógra a thabhairt faoi theagmhais a bhfuil éifeacht mhór shuaiteach leo nó iad a leigheas, mainneachtain easnaimh a leigheas tar éis treoracha ceangailteacha ó údaráis inniúla, bac ar iniúchtaí nó ar ghníomhaíochtaí faireacháin arna n-ordú ag an údarás inniúil tar éis sárú a chinneadh, faisnéis bhréagach nó faisnéis atá thar a bheith míchruinn a sholáthar i ndáil le ceanglais bainistíochta riosca nó le hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagail 18 agus 20.

(b) fad an tsáraithe, lena n-áirítear eilimint athsháruithe;

(c) an damáiste iarbhír a rinneadh nó na caillteanais iarbhír a tabhaíodh nó an damáiste nó na caillteanais a d'fhéadfadh a bheith déanta, a mhéid is féidir iad a chinneadh. I gcás ina bhfuil meastóireacht á déanamh ar an ngné sin, ba cheart, i measc nithe eile, caillteanais iarbhír nó fhéideartha airgeadais nó eacnamaíochta a chur san áireamh mar aon le héifeachtaí ar sheirbhísí eile, líon na n-úsáideoirí dá ndéantar difear nó a bhféadfadh sé go ndéanfaí difear dóibh;

(d) cineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí;

(e) bearta arna ndéanamh ag an eintiteas chun an damáiste agus/nó na caillteanais a chosc nó a mhaolú;

(f) comhlíonadh cód iompair formheasta nó sásraí deimhniúcháin formheasta;

(g) leibhéal comhair an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh nó na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach leis na húdaráis inniúla.

8. Leagfaidh na húdaráis inniúla réasúnaíocht mhionsonraithe amach le haghaidh a gcinntí forfheidhmiúcháin. Roimh chinneadh a dhéanamh, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do na heintitis lena mbaineann faoina réamhthorthaí agus ceadóidh siad tréimhse ama réasúnach do na heintitis sin chun barúlacha a chur isteach, **ach amháin i gcás ina mbeadh baol láithreach ann**.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a n-údaráis inniúla **faoin Treoir seo** na húdaráis inniúla ábhartha **laistigh den Bhallstát céanna sin** [...] [...] arna n-ainmniú de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil] ar an eolas agus a gcumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin á bhfeidhmiú acu darb aidhm a áirithiú go gcomhlíonfaidh eintiteas fíor-riachtanach a shainaithnítear mar eintiteas criticiúil, **[**nó mar eintiteas atá coibhéiseach le heintiteas criticiúil**]**, faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil] na hoibleagáidí de bhun na Treorach seo. **I gcás inarb iomchuí, féadfaidh** [...] údaráis inniúla faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil] [...] **a iarraidh** ar údaráis inniúla **faoin Treoir seo** [...] a **gcumhachtaí** maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a fheidhmiú **i dtaca le** heintiteas fíor-riachtanach faoi raon feidhme na Treorach seo a shainaithnítear freisin mar eintiteas criticiúil é [nó mar eintiteas atá coibhéiseach le heintiteas criticiúil] **faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX [An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil]**.

**10. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a n-údaráis inniúla faoin Treoir seo an Fóram Maoirseachta de bhun Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) XXXX/XXXX [DORA] ar an eolas nuair a bheidh a gcumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin á bhfeidhmiú acu darb aidhm a áirithiú go gcomhlíonfaidh eintiteas fíor-riachtanach na hoibleagáidí de bhun na Treoracha seo, ar eintiteas fíor-riachtanach é arna ainmniú mar sholáthraí seirbhíse tríú páirtí TFC criticiúil de bhun Airteagal 28 de Rialachán (AE) XXXX/XXXX [DORA].**

**10a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a n-údaráis inniúla faoin Treoir seo na húdaráis inniúla ábhartha arna n-ainmniú de bhun Rialachán (AE) 910/2014 ar an eolas nuair a bheidh a gcumhachtaí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin á bhfeidhmiú acu darb aidhm a áirithiú go gcomhlíonfaidh eintiteas a ainmnítear mar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe de bhun Rialachán (AE) 910/2014, na hoibleagáidí de bhun na Treorach seo.**

*Airteagal 30*

**Maoirseacht agus forfheidhmiú le haghaidh eintitis thábhachtacha**

1. Nuair a sholáthraítear fianaise nó léiriú **nó faisnéis** lena líomhnaítear nach bhfuil na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, agus go háirithe in Airteagail 18 agus 20, á gcomhlíonadh ag eintiteas tábhachtach, áiritheoidh na Ballstáit go ngníomhóidh na húdaráis inniúla, i gcás inar gá, trí bhearta maoirseachta *ex post*.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil a gcúraimí maoirseachta á bhfeidhmiú ag na húdaráis inniúla i ndáil le heintitis thábhachtacha, **go n-úsáidfidh na húdaráis inniúla cur chuige rioscabhunaithe agus** go mbeidh an chumhacht acu na heintitis sin a chur faoi réir **ar a laghad** an méid seo a leanas:

(a) cigireachtaí ar an láthair agus maoirseacht ex post lasmuigh den láthair;

(b) iniúchtaí slándála spriocdhírithe bunaithe ar mheasúnuithe riosca nó faisnéis riosca atá ar fáil;

(c) scanacháin slándála bunaithe ar chritéir measúnaithe riosca atá oibiachtúil, **neamh-idirdhealaitheach,** cóir agus trédhearcach, **i gcás inar gá ar chúiseanna teicniúla, i gcomhar leis an eintiteas lena mbaineann;**

(d) iarrataí ar aon fhaisnéis is gá chun measúnú *ex-post* a dhéanamh ar na bearta cibearshlándála [...];

(e) iarrataí ar shonraí, doiciméid agus/nó faisnéis a rochtain lena bhfuil gá chun na cúraimí maoirseachta a fheidhmiú;

**(ea) iarrataí ar fhianaise ar chur chun feidhme beartas cibearshlándála, amhail torthaí iniúchtaí slándála arna ndéanamh ag iniúchóir cáilithe agus an fhianaise fholuiteach ábhartha.**

**2a. Agus a gcúraimí maoirseachta dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo á bhfeidhmiú acu, féadfaidh údaráis inniúla modheolaíochtaí maoirseachta a bhunú lena gceadófar tosaíocht a thabhairt do na cúraimí sin de réir cur chuige riosca-bhunaithe.**

3. I gcás ina bhfuil a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu de bhun phointí (d) **go (ea)** de mhír 2, luafaidh na húdaráis inniúla críoch na hiarrata agus sonróidh siad an fhaisnéis arna hiarraidh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh **ar a laghad** an chumhacht chun an méid seo a leanas a dhéanamh ag na húdaráis inniúla, i gcás ina bhfuil a gcumhachtaí forfheidhmiúcháin á bhfeidhmiú acu i ndáil le heintitis thábhachtacha:

(a) rabhaidh a eisiúint maidir le neamhchomhlíontacht na n-eintiteas maidir leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo;

(b) treoracha ceangailteacha nó ordú a eisiúint lena gceanglaítear ar na heintitis sin na heasnaimh arna sainaithint nó an sárú ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a leigheas;

(c) a ordú do na heintitis sin scor d’iompar nach bhfuil i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo agus staonadh ón iompar sin a athdhéanamh;

(d) a ordú do na heintitis sin a mbearta bainistíochta riosca nó a n-oibleagáidí tuairiscithe a thabhairt i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 18 agus 20 ar bhealach sonraithe agus laistigh de thréimhse shonraithe;

(e) a ordú do na heintitis sin an duine nádúrtha nó dlítheanach nó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, dá soláthraíonn siad seirbhísí nó gníomhaíochtaí a bhféadfadh sé go ndéanfaí difear dóibh de dheasca cibearbhagairt mhór, a chur ar an eolas faoi **chineál na bagairte, chomh maith le** haon bheart cosanta nó feabhais féideartha a d'fheádfadh an duine nádúrtha nó dlítheanach sin nó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha sin a dhéanamh mar fhreagairt ar an mbagairt sin;

(f) a ordú do na heintitis sin na moltaí arna soláthar de thoradh iniúchadh slándála a chur chun feidhme laistigh de sprioc-am réasúnta;

(g) a ordú do na heintitis sin gnéithe de neamhchomhlíontacht a n-oibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo ar bhealach sonraithe a phoibliú, **i gcás nach ndéanfaidh nochtadh poiblí mar sin díobháil don eintiteas lena mbaineann**;

(h) [...]

(i) fíneáil riaracháin a fhorchur nó a iarraidh go bhforchuirfidh na comhlachtaí nó na cúirteanna ábhartha fíneáil riaracháin de réir dlíthe náisiúnta de bhun Airteagal 31 i dteannta, nó in ionad, na mbeart dá dtagraítear i bpointí (a) go (h) den mhír seo, de réir imthosca gach cáis aonair.

5. Beidh feidhm ag Airteagal 29 (6) go (8) freisin maidir leis na bearta maoirseachta agus forfheidhmiúcháin dá bhforáiltear san Airteagal seo le haghaidh na n-eintiteas tábhachtach [...][...].

*Airteagal 31*

***Coinníollacha ginearálta chun fíneálacha riaracháin a fhorchur ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha***

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh forchur fíneálacha riaracháin ar eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha de bhun an Airteagail seo i dtaca le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo, i ngach cás aonair, éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Déanfar fíneálacha riaracháin, de réir imthosca gach cáis aonair, a fhorchur i dteannta, nó in ionad, bearta dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 29(4), Airteagal 29(5) agus pointí (a) go (h) d'Airteagal 30(4).

3. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh fíneáil riaracháin a fhorchur agus mhéid na fíneála i ngach cás aonair, tabharfar aird chuí, ar a laghad, ar na heilimintí dá bhforáiltear in Airteagal 29(7).

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sáruithe **arna ndéanamh ag na heintitis fhíor-riachtanacha** ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 18 nó 20, i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, faoi réir fíneálacha riaracháin uasta EUR **4**[...] 000 000 ar a laghad nó, **i gcás duine dlítheanach,** [...] 2 % de láimhdeachas iomlán domhanda bliantúil na bliana airgeadais roimhe sin den ghnóthais ar cuid de an t-eintiteas [...] fíor-riachtanach, cibé acu is airde.

**4a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sáruithe arna ndéanamh ag na heintitis thábhachtacha ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 18 nó 20, i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, faoi réir fíneálacha riaracháin uasta EUR 2 000 000 ar a laghad nó, i gcás duine dlítheanach, 1 % de láimhdeachas iomlán domhanda bliantúil na bliana airgeadais roimhe sin den ghnóthas ar cuid de an t-eintiteas tábhachtach, cibé acu is airde.**

5. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le híocaíochtaí pionóis tréimhsiúla a fhorchur chun iallach a chur ar eintiteas fíor-riachtanach nó tábhachtach scor de shárú i gcomhréir le réamhchinneadh ón údarás inniúil.

6. Gan dochar do chumhachtaí údarás inniúil de bhun Airteagail 29 agus 30, féadfaidh gach Ballstát na rialacha a leagan síos maidir le cibé acu an bhféadfar nó nach bhféadfar agus a mhéid a fhéadfar fíneálacha riaracháin a fhorchur ar eintitis riaracháin phoiblí dá dtagraítear in Airteagal 4(23) faoi réir na n-oibleagáidí dá bhforáiltear leis an Treoir seo.

**6a. I gcás nach bhforáiltear i gcóras dlí an Bhallstáit d'fhíneálacha riaracháin, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm ionas go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta inniúil an fhíneáil sin a thionscnamh agus go bhforchuirfidh cúirteanna náisiúnta inniúla í, agus é á áirithiú acu go mbeidh na leigheasanna dlí sin éifeachtach agus go mbeidh éifeacht choibhéiseach acu leis na fíneálacha riaracháin arna bhforchur ag na húdaráis inniúla. Ar aon chaoi, beidh na fíneálacha a fhorchuirfear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit sin fógra don Choimisiún faoi fhorálacha a ndlíthe féin a ghlacann siad de bhun na míre seo faoi [...] agus, tabharfaidh siad fógra freisin gan mhoill faoi aon dlí leasaitheach nó aon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin lena ndéanfar difear do na forálacha sin.**

*Airteagal 32*

***Sáruithe lena mbaineann sárú sonraí pearsanta***

1. I gcás **ina dtiocfaidh** na húdaráis inniúla **ar an eolas**, **le linn na maoirseachta nó an fhorfheidhmithe**, go mbaineann an sárú arna dhéanamh ag eintiteas fíor-riachtanach nó tábhachtach ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 18 agus 20 **den Treoir seo** le sárú [...] sonraí pearsanta, arna shainmhíniú le hAirteagal 4(12) de Rialachán (AE) 2016/679 a dtabharfar fógra faoi de bhun Airteagal 33 den Rialachán sin, cuirfidh siad na húdaráis mhaoirseachta atá inniúil de bhun Airteagail 55 agus 56 den Rialachán sin ar an eolas **gan aon mhoill mhíchuí**.

2. I gcás ina gcinneann na húdaráis mhaoirseachta atá inniúil i gcomhréir le hAirteagail 55 agus 56 de Rialachán (AE) 2016/679 a gcumhachtaí a fheidhmiú de bhun Airteagal 58(**2**)(i) den Rialachán sin agus fíneáil riaracháin a fhorchur, ní fhorchuirfidh na húdaráis inniúla **dá dtagraítear in Airteagal 8 den Treoir seo** fíneáil riaracháin i leith [...] **sárú de bharr an ghnímh chéanna ar** [...] Airteagal 31 den Treoir seo. Féadfaidh na húdaráis inniúla, áfach, na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm nó na cumhachtaí smachtbhannaí dá bhforáiltear i bpointí (a) go (i) d’Airteagal 29 (4), Airteagal 29 (5), agus pointí (a) go (h) d’Airteagal 30 (4) den Treoir seo a fheidhmiú.

3. I gcás ina mbunaítear an t-údarás maoirseachta atá inniúil de bhun Rialachán (AE) 2016/679 i mBallstát eile seachas Ballstát an údaráis inniúil, féadfaidh an t-údarás inniúil an t-údarás maoirseachta atá bunaithe sa Bhallstát céanna a chur ar an eolas.

*Airteagal 33*

**Pionóis**

1. Déanfaidh na Ballstáit rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir leis na sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos, agus glacfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Déanfaidh na Ballstáit, faoi [2] bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan moill mhíchuí, faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéantar dóibh.

*Airteagal 34*

**Cúnamh frithpháirteach**

1. I gcás ina bhfuil seirbhísí á soláthar ag eintiteas fíor-riachtanach nó tábhachtach i mbreis agus Ballstát amháin, nó [...] **ina bhfuil seirbhísí á soláthar aige** i mBallstát **amháin nó níos mó** Ballstát ach go bhfuil a agcórais ghréasáin agus faisnéise lonnaithe i mBallstát amháin eile nó i mbreis agus Ballstát amháin eile, rachaidh údar[...]**áis** inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát **lena mbaineann** [...] i gcomhar le chéile agus tabharfaidh siad cúnamh dá chéile mar is gá. Is éard a bheidh i gceist leis an gcomhar sin, ar a laghad, an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfaidh na húdaráis inniúla a chuireann bearta maoirseachta nó forfheidhmiúcháin i bhfeidhm i mBallstát, tríd an bpointe teagmhála aonair, na húdaráis inniúla sna Ballstáit lena mbaineann a chur ar an eolas, agus go ndéanfaidh siad comhairliúchán leis na húdaráis sin, faoi na bearta maoirseachta agus forfheidhmiúcháin arna ndéanamh [...];

(b) go bhféadfaidh údarás inniúil a iarraidh ar údarás inniúil eile na bearta maoirseachta nó forfheidhmiúcháin a dhéanamh [...];

(c) go ndéanfaidh údarás inniúil, tar éis iarraidh a bhfuil údar léi a fháil ó údarás inniúil eile, cúnamh a sholáthar don údarás inniúil eile **atá comhréireach leis na hacmhainní atá aige** ionas gur féidir na gníomhaíochtaí maoirseachta nó forfheidhmiúcháin [...] a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus comhsheasmhach. Leis an gcúnamh frithpháirteach sin féadfar iarrataí faisnéise agus bearta maoirseachta a chumhdach, lena n-áirítear iarrataí chun cigireachtaí ar an láthair nó maoirseacht lasmuigh den láthair nó iniúchtaí slándála spriocdhírithe a dhéanamh. Údarás inniúil a a ndírítear iarraidh ar chúnamh chuige, ní fhéadfaidh sé an iarraidh sin a dhiúltú mura rud é, tar éis cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis inniúla eile lena mbaineann, [...] go mbunaítear nach bhfuil d'inniúlacht ag an [...] údarás inniúil an cúnamh arna hiarraidh a sholáthar **nó nach bhfuil na hacmhainní riachtanacha aige** nó nach bhfuil an cúnamh arna hiarraidh i gcomhréir leis na cúraimí maoirseachta arna ndéanamh ag an údarás inniúil [...] **nó go mbaineann an iarraidh le faisnéis nó le gníomhaíochtaí atá i gcoinbhleacht le slándáil náisiúnta, slándáil phoiblí nó cosaint an Bhallstáit sin.**

2. I gcás inarb iomchuí agus le comhaontú coiteann, féadfaidh údaráis inniúla ó Bhallstáit éagsúla na gníomhaíochtaí maoirseachta comhpháirteacha a dhéanamh [...].

# CAIBIDIL VII

*Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha*

*Airteagal 35*

***Athbhreithniú***

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmiú na Treorach seo, agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Leis an tuarascáil déanfar measúnú go háirithe ar a ábhartha atá earnálacha, fo-earnálacha, méid agus cineál na n-eintiteas dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II d'fheidhmiú an gheilleagair agus na sochaí i ndáil leis an gcibearshlándáil. Chun [...] críoch **an athbhreithnithe,** [...] cuirfidh an Coimisiún tuarascálacha líonra [...] CSIRTanna maidir leis an taithí arna fáil ar an leibhéal [...] oibríochtúil san áireamh. Cuirfear an chéad tuarascáil isteach faoi… [54 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

*Airteagal 36*

***[...]***

[...]

[...]

*Airteagal 37*

***Nós imeachta coiste***

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina mbeidh tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh, laistigh den teorainn ama chun tuairim a thabhairt, nuair a chinnfidh cathaoirleach an choiste amhlaidh nó nuair a iarrfaidh comhalta den choiste amhlaidh.

*Airteagal 38*

***Trasuí***

1. **Faoi** … [[...]**24** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo**],** glacfaidh agus foilseoidh na Ballstáit [...] na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach. Cuirfidh siad na bearta i bhfeidhm ó … [lá amháin tar éis an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír].

2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

*Airteagal 39*

***Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014***

Scriostar Airteagal 19 [...] **de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 le héifeacht ón... [dáta spriocdháta thrasuí na Treorach seo].**

*Airteagal 40*

***Leasú ar Threoir (AE) 2018/1972***

Scriostar Airteagail 40 agus 41 [...] **de Threoir (AE) Uimh. 2018/1972 le héifeacht ón... [dáta spriocdháta thrasuí na Treorach seo].**

*Airteagal 41*

***Aisghairm***

Aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 le héifeacht ó.. [dáta sprioc-am trasuí na Treorach].

Is mar thagairtí don Treoir seo, a léifear i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn II[...], a dhéanfar tagairtí do Threoir (AE) 2016/1148.

*Airteagal 42*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 43*

***Seolaithe***

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN I

### *EARNÁLACHA, FO-EARNÁLACHA AGUS CINEÁLACHA EINTITEAS*

| Earnáil | Fo-earnáil | Cineál eintitis |
|---|---|---|
| 1. Fuinneamh | (a) Leictreachas | — Gnóthais leictreachais dá dtagraítear i bpointe (57) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/944 a chuireann an fheidhm 'soláthar' dá dtagraítear i bpointe (12) d'Airteagal 2 den Treoir sin i gcrích([39]) |
| | | — Oibreoirí córais dáileacháin dá dtagraítear i bpointe (29) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/944 |
| | | — Oibreoirí córais tarchurtha dá dtagraítear i bpointe (35) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/944 |
| | | — Táirgeoirí dá dtagraítear i bpointe (38) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/944 |
| | | — Oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais dá dtagraítear i bpointe 8 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/943([40]) |
| | | — Rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais dá dtagraítear i bpointe (25) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/943 a sholáthraíonn comhbhailiú, freagairt ar an éileamh nó seirbhísí stórála fuinnimh dá dtagraítear i bpointí (18), (20) agus (59) d'Airteagal 2 |

[39] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

[40] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

| | | |
|---|---|---|
| | | de Threoir (AE) 2019/944 |
| | (b) Téamh agus fuarú ceantair | — Téamh nó fuarú ceantair dá dtagraítear i bpointe (19) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/2001([41]) maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn |
| | (c) Ola | — Oibreoirí píblínte tarchuir ola |
| | | — Oibreoirí saoráidí táirgthe, scagtha agus cóireála ola, agus stórála agus tarchuir ola |
| | | — Eintitis stocshealbhaíochta ola lárnacha dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/119/CE ón gComhairle ([42]) |
| | (d) Gás | — Gnóthais soláthair dá dtagraítear i bpointe (8) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2009/73/CE([43]) |
| | | — Oibreoirí córas dáileacháin dá dtagraítear i bpointe (6) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/73/CE |
| | | — Oibreoirí córas tarchurtha dá dtagraítear i bpointe (4) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/73/CE |

41 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

42 Treoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choimeád (IO L 265, 9.10.2009, lch. 9).

43 Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

| | | |
|---|---|---|
| | | — Oibreoirí córais stórála dá dtagraítear i bpointe (10) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/73/CE |
| | | — Oibreoirí córais GNL dá dtagraítear i bpointe (12) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/73/CE |
| | | — Gnóthais gáis nádúrtha mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/73/CE |
| | | — Oibreoirí saoráidí scagtha agus cóireála gáis nádúrtha |
| | (e) Hidrigin | Oibreoirí táirgthe, stórála agus tarchurtha hidrigine |
| 2. Iompar | (a) Aer | — Aeriompróirí dá dtagraítear i bpointe (4) d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008([44]) **a úsáidtear chun críoch tráchtála** |
| | | — Comhlachtaí bainistíochta aerfort dá dtagraítear i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Threoir 2009/12/CE([45]), aerfoirt dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 den Treoir sin, lena n-áirítear na croí-aerfoirt a liostaítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013([46]), agus eintitis a oibríonn suiteálacha |

44 Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72).

45 Treoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le muirir aerfoirt (IO L 70, 14.3.2009, lch. 11).

46 Rialachán (CE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

| | | |
|---|---|---|
| | | coimhdeacha laistigh d'aerfoirt |
| | | — Oibreoirí rialaithe bainistíochta tráchta a sholáthraíonn seirbhísí rialaithe aerthráchta (ATC) dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004([47]) |
| | (b) Iarnród | — Bainisteoirí bonneagair dá dtagraítear i bpointe (2) d'Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE([48]) |
| | | — Gnóthais iarnróid dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE, lena n-áirítear oibreoirí saoráidí seirbhíse dá dtagraítear i bpointe (12) d'Airteagal 3 de Threoir 2012/34/AE |
| | (c) Uisce | — Cuideachtaí iompair paisinéirí agus lasta d'uisce go hintíre, ar muir agus cois cósta, dá dtagraítear le haghaidh iompar muirí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 725/2004([49]), gan na soithí aonair arna n-oibriú ag na cuideachtaí sin a áireamh |
| | | — Comhlachtaí bainistíochta calafort dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir 2005/65/CE([50]), lena n-áirítear a saoráidí calafoirt dá dtagraítear i bpointe (11) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 725/2004, agus |

47 Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an tAerspás Eorpach Aonair a chruthú (an creat-Rialachán) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 1).

48 Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach iarnróid aonair (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32).

49 Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú (IO L 129, 29.4.2004, lch. 6).

50 Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le slándáil calafoirt a fheabhsú (IO L 310, 25.11.2005, lch. 28).

| | | |
|---|---|---|
| | | eintitis a oibríonn oibreacha agus trealamh atá laistigh de chalafoirt |
| | | — Oibreoirí seirbhísí tráchta muirí dá dtagraítear i bpointe (o) d'Airteagal 3 de Threoir 2002/59/CE ([51]) |
| | (d) Bóthar | — Údaráis bhóithre dá dtagraítear i bpointe (12) d'Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ([52]) ón gCoimisiún atá freagrach as rialú bainistíochta tráchta, **gan eintitis phoiblí nach bhfuil an bainistíocht tráchta nó oibreoirí córas cliste iompair ach ina gcuid neamhriachtanach dá ngníomhaíocht ghinearálta, a chur san áireamh** |
| | | — Oibreoirí Córas Cliste Iompair dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 4 de Threoir 2010/40/AE([53]) |
| 3. Baincéireacht | | — Institiúidí creidmheasa dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ([54])**, [seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (8) d'Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE atá díolmhaithe i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán XX [DORA]]** |

**51** Treoir 2002/59/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí de chuid an Chomhphobail agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10)

**52** Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama a sholáthar ar fud an Aontais (IO L 157, 23.6.2015, lch. 21).

**53** Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a úsáid i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1).

**54** Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

| | | |
|---|---|---|
| 4. Bonneagair an mhargaidh airgeadais | | — Oibreoirí ionad trádála dá dtagraítear i bpointe (24) d'Airteagal 4 de Threoir 2014/65/AE ([55]) |
| | | — Contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) dá dtagraítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([56]) |
| 5. Sláinte | | — Soláthróirí cúraim sláinte dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 3 de Threoir 2011/24/AE ([57]) |
| | | — Saotharlanna tagartha AE dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán XXXX/XXXX maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte[58] |
| | | — Eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí taighde agus forbartha maidir le táirgí íocshláinte dá dtagraítear in Airteagal 1 pointe 2 de Threoir 2001/83/CE ([59])<br>— Eintitis a mhonaraíonn táirgí cógaisíochta bunúsacha agus ullmhóidí cógaisíochta bunúsacha dá dtagraítear i roinn C rannán 21 de |

[55] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

[56] Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

[57] Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45).

[58] [Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE, tá an tagairt le tabhairt cothrom le dáta nuair a ghlacfar togra COM (2020)727 final]

[59] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

| | | |
|---|---|---|
| | | NACE Ath. 2<br>— Eintitis a mhonaraíonn feistí leighis a mheastar a bheith criticiúil le linn éigeandáil sláinte poiblí ('liosta feistí criticiúla na héigeandála sláinte poiblí') dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán XXXX[60] |
| 6. Uisce óil | | Soláthróirí agus dáileoirí uisce a bheartaítear le hól ag an duine dá dtagraítear i bpointe (1)(a) d'Airteagal 2 de Threoir 98/83/CE ón gComhairle([61]) ach gan dáileoirí a áireamh ar ina leith nach bhfuil dáileadh uisce ach ina chuid **neamhriachtanach** dá ngníomhaíocht ghinearálta a bhaineann le dáileadh tráchtearraí agus earraí eile [...] |
| 7. Fuíolluisce | | Gnóthais a bhailíonn, a dhiúscraíonn, nó a chóireálann fuíolluisce uirbeach, tí agus tionsclaíoch dá dtagraítear i bpointí (1) go (3) d'Airteagal 2 de Threoir 91/271/CEE ón gComhairle ([62]), **gan gnóthais nach bhfuil an bailiú, an diúscairt nó an chóireáil fuíolluisce uirbigh, tí agus thionsclaíoch ach ina gcuid neamhriachtanach dá ngníomhaíocht ghinearálta, a chur san áireamh.** [...] |
| 8. Bonneagar digiteach | | — Soláthraithe Pointe Malartaithe Idirlín |
| | | — Soláthraithe seirbhíse DNS, **gan oibreoirí freastalaithe fréamhainmneacha a chur as an** |

[60] [Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach in ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna do tháirgí íocshláinte agus d'fheistí leighis, tá an tagairt le tabhairt cothrom le dáta nuair a ghlacfar togra COM(2020)725 final]

[61] Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce a bheartaítear le hól ag an duine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

[62] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

| | | |
|---|---|---|
| | | **áireamh** |
| | | — Clárlanna ainmneacha TLD |
| | | **— Soláthraithe seirbhíse néalríomhaireachta** |
| | | **— Soláthraithe seirbhíse lárionaid sonraí** |
| | | —Soláthraithe líonra soláthair ábhair |
| | | — Soláthraithe seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i bpointe (19) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014([63]) |
| | | — Soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí dá dtagraítear i bpointe (8) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972([64]) nó soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí dá dtagraítear i bpointe (4) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972 i gcás ina bhfuil a seirbhísí ar fáil go poiblí |
| **8.a Bainistiú seirbhísí TFC**<br><br>**(B2B)** | | **— Soláthraithe seirbhísí bainistithe (MSP)**<br>**— Soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe (MSSP)** |

63 Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

64 Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

| | | |
|---|---|---|
| 9. **Eintitis** riaracháin phoiblí | | — Eintitis riaracháin phoiblí rialtas láir **mar a shainmhíníonn Ballstát iad i gcomhréir leis an dlí náisiúnta**<br>— [...][65][...]<br>— [...] |
| 10. Spás | | — Oibreoirí bonneagair ar talamh, faoi úinéireacht na mBallstát nó páirtithe príobháideacha, arna bhainistiú acu agus arna oibriú acu, a thacaíonn le soláthar seirbhísí spásbhunaithe, seachas soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí dá dtagraítear i bpointe (8) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/1972 |

65 [...]

## IARSCRÍBHINN II

*EARNÁLACHA, FO-EARNÁLACHA AGUS CINEÁLACHA EINTITEAS*

| Earnáil | Fo-earnáil | Cineál eintitis |
|---|---|---|
| 1. Seirbhísí poist agus cúiréireachta | | Soláthraithe seirbhíse poist dá dtagraítear i bpointe (1[...]) d'Airteagal 2 de Threoir 97/67/CE ([66]), **lena n-áirítear** [...] soláthraithe seirbhísí cúiréireachta |
| 2. Bainistíocht dramhaíola | | Gnóthais a dhéanann gníomhaíochtaí bainistíochta dramhaíola dá dtagraítear i bpointe (9) d'Airteagal 3 de Threoir 2008/98/CE ([67]) ach gan gnóthais a áireamh ar ina leith nach í an bhainistíocht dramhaíola an phríomhghníomhacht eacnamaíoch atá acu |

[66] Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.98, lch. 14), **arna leasú le Treoir 2008/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 lena leasaítear Treoir 97/67/CE maidir le margadh inmheánach sheirbhísí poist an Chomhphobail a ghnóthú go hiomlán (IO L 52, 27.2.2008, lch. 3).**

[67] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3)

| | | |
|---|---|---|
| 3. Monarú, táirgeadh agus dáileadh ceimiceán | | Gnóthais a dhéanann monarú [...] agus dáileadh ar shubstaintí agus [...] **ar mheascáin** dá dtagraítear i bpointí ([...]) (9) agus (14) d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([68]) **agus gnóthais a tháirgeann earraí dá dtagraítear i bpointe (3) d'Airteagal 3 den Rialachán sin ó shubstaintí nó ó mheascáin.** |
| 4. Táirgeadh, próiseáil agus dáileadh bia | | Gnólachtaí bia dá dtagraítear i bpointe (2) d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ([69]) **atá ag gabháil do dháileadh mórdhíola agus do tháirgeadh agus próiseáil thionsclaíoch** |
| 5. Monaraíocht | (a) Monarú feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* | Eintitis a mhonaraíonn feistí leighis dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe 1 de Rialachán (AE) 2017/745([70]), agus eintitis a mhonaraíonn feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe 2 de Rialachán (AE) 2017/746 ([71]) cé is moite |

68 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le clárú, meastóireacht, údarú agus srianadh ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

69 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

70 Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1)

71 Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176)

| | | |
|---|---|---|
| | | d'eintitis a mhonaraíonn feistí leighis a luaitear in Iarscríbhinn 1, pointe 5. |
| | (b) Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla | Gnóthais a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear i roinn C rannán 26 de NACE Ath. 2 |
| | (c) Monarú trealaimh leictreonaigh | Gnóthais a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear i roinn C rannán 27 de NACE Ath. 2 |
| | (d) Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile | Gnóthais a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear i roinn C rannán 28 de NACE Ath. 2 |
| | (e) Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí | Gnóthais a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear i roinn C rannán 29 de NACE Ath. 2 |
| | (f) Monarú trealaimh iompair eile | Gnóthais a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear i roinn C rannán 30 de NACE Ath. 2 |
| 6. Soláthraithe digiteacha | | — Soláthraithe margaí ar líne |
| | | — Soláthraithe inneall cuardaigh ar líne |
| | | — Soláthraithe ardáin seirbhísí líonra shóisialta |